



Uimhir 41 de 2011

ACHT NA nALTRAÍ AGUS NA gCNÁIMHSEACH, 2011
[*An tionú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Rialacháin.
4. Aisghairm, cúlghairm, etc.
5. Caiteachais.

CUID 2

BORD ALTRANAIS AGUS CNÁIMHSEACHAIS NA hÉIREANN

6. An Bord a choimeád ar marthain.
7. Séala an Bhoird.
8. Cuspóir an Bhoird.
9. Feidhmeanna an Bhoird.
10. Feidhmeanna breise a thabhairt don Bhord.
11. Ordacháin ón Aire don Bhord.
12. Díolúine.
13. Cumhacht an Bhoird chun rialacha a dhéanamh.
14. Cumhacht an Bhoird chun treoirlínte a eisiúint.
15. Comhoibriú le comhlachtaí áirithe.
16. Nochtadh faisnéise maidir le cionta.
17. Toirmeasc ar nochtadh neamhúdairithe faisnéise.

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

CUID 3

RÁITEAS STRAITÉISE, PLEAN GNÓ AGUS TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN BHOIRD

18. An Bord do dhéanamh ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.
19. Ráiteas straitéise a fhoilsiú agus a chur i ngníomh.
20. An Bord do dhéanamh plean gnó a ullmhú agus a chur ar aghaidh chuig an Aire.
21. An Bord do chur tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Aire.

CUID 4

COMHALTAÍ, COISTÍ AGUS FOSTAITHE AN BHOIRD

22. Comhaltaí an Bhoird.
23. An chéad chruinniú den Bhord faoin Acht seo.
24. Coistí de chuid an Bhoird.
25. Caiteachais comhaltaí den Bhord agus de choistí.
26. Liúntais a íoc.
27. Comhaltaí den Bhord a chur as oifig.
28. Príomhoifigeach feidhmiúcháin.
29. Fostaithe de chuid an Bhoird.
30. Teorainneacha aoise.
31. Aoisliúntas.
32. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas ag fostaí de chuid an Bhoird.
33. Comhaltas de Pharlaimint na hEorpa ag fostaí de chuid an Bhoird.

CUID 5

CUNTAIS AGUS AIRGEADAS AN BHOIRD

34. Cuntais an Bhoird.
35. Cumhacht an Bhoird airgead a fháil ar iasacht.
36. An Bord do ghlacadh bronntanas.
37. Caiteachais an Bhoird.
38. Táillí a fhéadfaidh an Bord a ghearradh.

[2011.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [Uimh. 41.]
2011.

CUID 6

CLÁRÚ AGUS CLEACHTADH

39. Ní chleachtfaidh altraí agus cnáimhseacha neamhchláraithe an t-altranas, an cnáimhseachas.
40. Toirmeasc freastal ar bhreith linbh.
41. Na himthosca ina gceadaítear cleachtadh.
42. Teidil ainmnithe.
43. Teidil ainmnithe a úsáid.
44. Cionta agus pionóis.
45. Táillí a ghnóthú, etc.
46. Cláir.
47. Forálacha idirthréimhseacha is infheidhme maidir le cláir.
48. Clárú — ginearálta.
49. Clárú i gelár na n-iarrthóirí.
50. Iarratas chun clárú a bhaint, etc.
51. Coinníollacha a ghabhann le clárú.
52. Clárú a dhiúltú, etc., agus achomharc chun na Cúirte in aghaidh bhreith an Bhoird.
53. Na cláir a cheartú.
54. Na cláir a fhoilsiú.

CUID 7

GEARÁIN CHUN AN CHOISTE RÉAMHIMEACHTAÍ MAIDIR LE HALTRAÍ CLÁRAITHE AGUS CNÁIMHSEACHA CLÁRAITHE

55. Gearáin maidir le haltraí cláraithe agus cnáimhseacha cláraithe.
56. Daoine a chuideoidh leis an gCoiste Réamhimeachtaí.
57. An Coiste Réamhimeachtaí do bhreithniú gearán.
58. Más gá clárú a fhionraí láithreach chun an pobal a chosaint.
59. Gan gníomh breise a dhéanamh, ná gearán a tharchur chuig comhlacht nó údarás eile, etc.
60. Gearáin a réiteach trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile.
61. Gearán a tharchur chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

CUID 8

GEARÁIN A THARCHUIRTEAR CHUIG AN gCOISTE UM FHEIDHMIÚLACHT CHUN CLEACTADH

62. Dualgas fógra a thabhairt d'altra chláráithe nó do chnáimhseach chláráithe agus do ghearánach nó d'fhinnéithe eile maidir le tarchur chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh agus éisteacht aige.
63. Seoladh na héisteachta.
64. Cumhachtaí agus cosaintí maidir le finnéithe agus fianaise.
65. Má thoilíonn altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe le cáineadh nó gníomh leigheasta, etc.
66. Má tharraingítear siar gearán le linn é a bheith á bhreithniú ag an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.
67. Tuarascáil chun an Bhoird ón gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.
68. Bearta atá le déanamh ag an mBord.

CUID 9

BEARTA A DHÉANFAR MAIDIR LE HALTRAÍ CLÁRAITHE AGUS CNÁIMHSEACHA CLÁRAITHE TAR ÉIS TUARASCÁLACHA ÓN gCOISTE UM FHEIDHMIÚLACHT CHUN CLEACTADH

69. Dualgas an Bhoird breith a thabhairt cad iad na bearta cuí a bheidh le déanamh.
70. Forálacha d'fhorlónadh *alt 69*.
71. Dualgas fógra a thabhairt d'altra chláráithe nó do chnáimhseach chláráithe maidir le smachtbhanna an Bhoird.
72. Is gá daingniú ón gCúirt sula dtiocfaidh breitheanna áirithe in éifeacht.
73. Achomharc chun na Cúirte in aghaidh bhreith an Bhoird faoi *alt 69*.
74. Iarratas chun na Cúirte chun breith ón mBord a dhaingniú.
75. Fianaise a bhaineann le hachomharc faoi *alt 73(1)* nó le hiarratas faoi *alt 74(1)* chun na Cúirte.
76. Dualgas fógra a thabhairt d'altra chláráithe nó do chnáimhseach chláráithe maidir le comhlíonadh breitheanna arna ndaingniú nó arna dtabhairt ag an gCúirt.
77. Clárú a bhaint mar gheall ar mhainneachtain táille a íoc.
78. Clárú a chur ar ais, etc., tar éis táillí áirithe a íoc.
79. Clárú a cealaíodh a chur ar ais.

[2011.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [Uimh. 41.]
2011.

80. Coinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú a bhaint.
81. Achomharc chun na Cúirte in aghaidh bhreith an Bhoird faoi *alt 79* nó *80*.
82. Fógra a thabhairt don Aire, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus d'fhostóir i dtaobh nithe áirithe a bhaineann le smachtbhannaí.
83. Faisnéis a fhéadfaidh an Bord a fhoilsiú ar mhaithe le leas an phobail.

CUID 10

OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

84. Dualgais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil le hoideachas agus oiliúint altraí agus cnáimhseach.
85. Dualgais an Bhoird i ndáil le hoideachas agus oiliúint altraí agus cnáimhseach.
86. Achomharc chun na Cúirte in aghaidh breith ón mBord faoi *alt 85(2)(a)*.

CUID 11

INNIÚLACHT GHAIRMIÚIL A CHOThABHÁIL

87. Dualgas altraí cláraithe agus cnáimhseach cláraithe inniúlacht ghairmiúil a chothabháil.
88. Dualgas altraí cláraithe agus cnáimhseach cláraithe inniúlacht ghairmiúil a léiriú chun sástacht an Bhoird.
89. Dualgas an Bhoird i ndáil le hinniúlacht ghairmiúil altraí cláraithe agus cnáimhseach cláraithe a chothabháil.
90. Dualgas fostóirí i ndáil le hinniúlacht ghairmiúil altraí cláraithe agus cnáimhseach cláraithe a chothabháil.
91. Rúndacht.

CUID 12

AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM FHOIRTE GHAIIRMIÚIL AN ALTRANAIS AGUS AN CHNÁIMHSEACHAIS A DHÍSCAOILEADH

92. Léiriú ar *Chuid 12*.
93. An Chomhairle a dhíscaoileadh.
94. Cearta agus dliteanais a aistriú.
95. Maoin a aistriú.
96. Cuntais chríochnaitheacha.
97. Tuarascáil chríochnaitheach.
98. Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

99. Conarthaí a choimeád ar marthain agus tagairtí don Chomhairle a oiriúnú.
100. Foireann a aistriú.
101. Taifid a aistriú.

CUID 13

ILGHNÉITHEACH

102. Pribhléid.
103. Imscrúdú.
104. Cionta a ionchúiseamh.
105. Cumhacht chun foirmeacha a shonrú.
106. Tagairtí a fhorléiriú.
107. Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

AN SCEIDEAL

AN BORD: COMHALTAS AGUS CRUINNITHE

[2011.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [Uimh. 41.]
2011.

NA hAchtanna dá dTagraítear

Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005	
An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001	2001, Uimh. 19
Acht na gCuideachtaí, 1990	1990, Uimh. 33
Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993	1993, Uimh. 8
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995	1995, Uimh. 22
Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001	
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997	1997, Uimh. 13
Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003	
An tAcht Sláinte, 2004	2004, Uimh. 42
An tAcht Sláinte, 2007	2007, Uimh. 23
An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005	2005, Uimh. 27
An tAcht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980	1980, Uimh. 8
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001	2001, Uimh. 37
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004	
Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007	2007, Uimh. 25
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005	
Na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 agus 1984	
Acht na nAltraí, 1985	1985, Uimh. 18
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1997, Uimh. 20
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006	
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> 1851	14 & 15 Vic, c. 93
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003	2003, Uimh. 29
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001	2001, Uimh. 45
An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004	2004, Uimh. 33
An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004	2004, Uimh. 7
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007	
An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001	2001, Uimh. 31
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001	
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007	



Uimhir 41 de 2011

ACHT NA nALTRAÍ AGUS NA gCNÁIMHSEACH, 2011
[An tiontú oifigiúil]

ACHT CHUN COSAINT AN PHOBAIL INA CHUID DÉILEÁLACHA LE hALTRAÍ AGUS LE CNÁIMHSEACHA A FHEABHSÚ AGUS, CHUN NA CRÍCHE SIN, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE BORD AR A dTABHARFAR BORD ALTRANAIS AGUS CNÁIMHSEACHAIS NA hÉIREANN, NÓ SA BHÉARLA, *THE NURSING AND MIDWIFERY BOARD OF IRELAND*, D'AITHINT AN CHNÁIMHSEACHAIS MAR GHAIRM AR LEITHLIGH, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CLÁRÚ, RIALÁIL AGUS RIALÚ ALTRAÍ AGUS CNÁIMHSEACH, DO CHUR FEABHAS AR ARDCHAIGHDEÁIN OIDEACHAIS GHAIRMIÚIL, OILIÚNA AGUS INNIÚLACHTA ALTRAÍ AGUS CNÁIMHSEACH, D'IMSCRÚDÚ GEARÁN IN AGHAIDH ALTRAÍ AGUS CNÁIMHSEACH AGUS DO MHÉADÚ CHUNTASACHT PHOIBLÍ AN BHOIRD, DO DHÍSCAOILEADH NA COMHAIRLE NÁISIÚNTA UM FHORBAIRT GHAIRMIÚIL AN ALTRANAIS AGUS AN CHNÁIMHSEACHAIS, D' AISGHAIRM ACHT NA nALTRAÍ, 1985 AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[21 Nollaig 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh an lá nó na laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú i gcoitinne nó faoi threoir críoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Féadfar le hordú faoi *fho-alt (2)*, maidir leis an aisghairm ar Acht 1985, agus maidir leis an gcúlghairm ar na hionstraimí reachtúla, a dhéantar le *halt 4*, laethanta éagsúla a cheapadh chun forálacha éagsúla den Acht sin a aisghairm agus forálacha éagsúla de na hionstraimí reachtúla sin a chúlghairm.

Cd.1 [Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.] 2011.

Léiriú. 2.—(1) San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1985” Acht na nAltraí, 1985;

ciallaíonn “An tÚdarás” an tÚdarás um Ard-Oideachas;

ciallaíonn “táille chuí”, i ndáil le foráil den Acht seo, an táille a chinntear faoi *alt 38(1)* is cuí i gcomhair an fhoráil sin;

ciallaíonn “Bord” an Bord a bunaíodh le halt 6 d’Acht 1985 agus a choimeádtar ar marthain agus a athainmnítear le *halt 6(1)*;

ciallaíonn “iarrthóir” duine atá ag leanúint cúrsa staidéir nó tréimhse oiriúnúcháin as a dtiocfaidh clárú céaduaire leis an mBord;

ciallaíonn “clár na n-iarrthóirí” an clár arna bhunú faoi *alt 46(1)(b)*;

ciallaíonn “príomhoifigeach feidhmiúcháin” príomhoifigeach feidhmiúcháin an Bhoird arna cheapadh faoi *alt 28*;

ciallaíonn “gearán” gearán faoi *alt 55(1)*;

folaíonn “coinníollacha” téarmaí;

ciallaíonn “Cúirt” an Ard-Chúirt;

ciallaíonn “Treoir 2005/36/CE” Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla¹;

folaíonn “breith”, i ndáil le hachomharc faoi *alt 52, 73, 81* nó *86*, cuid de bhreith;

ciallaíonn “Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh” an coiste arna bhunú faoi *alt 24(2)(b)*;

ciallaíonn “fiosrúchán” fiosrúchán ag an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi ghearán de bhun tarchur faoi *alt 61*;

tá le “údarás áitiúil” an bhrí chéanna atá leis san Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn “rannán na gcnáimhseach” an rannán sin de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach dá dtagraítear in *alt 46(2)(b)*;

ciallaíonn “Aire” an tAire Sláinte;

ciallaíonn “rannán na n-altraí” an rannán sin de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach dá dtagraítear in *alt 46(2)(a)*;

ciallaíonn “feidhmíocht ghairmiúil lag”, i ndáil le haltra nó le cnáimhseach, mainneachtain ag an altra nó ag an gcnáimhseach na caighdeáin inniúlachta a chomhlíonadh (cibé acu maidir le heolas agus oilteacht nó maidir le heolas agus oilteacht a chur i bhfeidhm nó maidir leo araon) ar féidir a bheith ag súil leo le réasún ó altra chláraithe nó ó chnáimhseach chláraithe, de réir mar a bheidh, a bhfuil obair den tsamhail chéanna á déanamh aige nó aici;

ciallaíonn “Coiste Réamhimeachtaí” an coiste arna bhunú faoi *alt 24(2)(a)*;

¹IO L255, 30.9.2005, lch 22

[2011.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [Uimh. 41.]
2011.

CD.1 A.2

ciallaíonn “scéim inniúlachta gairmiúla” scéim arna bunú faoi *alt 89(1)*;

ciallaíonn “a fhoilsiú ar an modh forordaithe”, i ndáil le haon doiciméad nó faisnéis (cibé tuairisc atá air nó uirthi), an doiciméad nó an fhaisnéis, de réir mar a bheidh—

- (a) a bheith foilsithe ar láithreán gréasáin idirlín de chuid an Bhoird (lena n-áirítear cuid de láithreán gréasáin den sórt sin) ar a bhfuil rochtain ar fáil go héasca ag daoine den phobal, agus ar a bhfuil aon ní a fhoilsítear ar fáil go héasca lena iniúchadh ag daoine den phobal, agus
- (b) a bheith ar fáil lena iniúchadh nó lena hiniúchadh, in oifigí an Bhoird agus sin gach tráth réasúnach, ag daoine den phobal;

ciallaíonn “clár na n-altraí agus na gcnáimhseach” clár na n-altraí agus na gcnáimhseach arna bhunú faoi *alt 46(1)(a)*;

forléireofar “lá bunaithe na gclár” de réir *alt 47(1)*;

ciallaíonn “clár na n-altraí” an clár a bunaíodh faoi *alt 27* d’Acht 1985;

tá le “lia-chleachtóir cláraithe” an bhrí chéanna atá leis in Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007;

ciallaíonn “cnáimhseach chláraithe”—

- (a) roimh lá bunaithe na gclár, cnáimhseach a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta i roinn na gcnáimhseach de chlár na n-altraí de réir bhrí Acht 1985, agus
- (b) lá bunaithe na gclár agus dá éis, cnáimhseach a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta i rannán na gcnáimhseach de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach;

ciallaíonn “altra chláraithe”—

- (a) roimh lá bunaithe na gclár, altra a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta i gclár na n-altraí de réir bhrí Acht 1985, agus
- (b) lá bunaithe na gclár agus dá éis, altra a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta i rannán na n-altraí de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach;

ciallaíonn “Rialacháin 2008” na Rialacháin um Cháilíochtaí Gairmiúla Altraí agus Cnáimhseach a Aithint (Treoir 2005/36/CE), 2008 (I.R. Uimh. 164 de 2008);

ciallaíonn “coinníoll iomchuí”, i ndáil le haltra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe, aon choinníoll atá curtha ag gabháil le clárú na haltra nó na cnáimhsí de bhun na nithe seo a leanas—

- (a) *alt 51*,
- (b) breith arna daingniú nó arna tabhairt faoi *alt 52(4)*,
- (c) breith arna daingniú nó arna tabhairt faoi *alt 73* nó *74*,

Cd.1 A.2

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.] 2011.

(d) *alt 79(3)*, nó

(e) breith arna daingniú nó arna tabhairt faoi *alt 81(3)*;

ciallaíonn “míchumas liachta iomchuí”, i ndáil le haltra nó cnáimhseach, míchumas coirp nó meabhrach atá ar an altra nó ar an gcnáimhseach (lena n-áirítear andúil in alcól nó i ndrugaí) ar féidir leis díobháil a dhéanamh dá chumas nó dá cumas an t-altranas nó an cnáimhseachas nó gné ar leith den altranas nó den chnáimhseachas a chleachtadh;

ciallaíonn “rialacha” rialacha arna ndéanamh faoi *alt 13*;

ciallaíonn “tríú tír” stát seachas an Stát nó Ballstát eile.

(2) D’fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear agus aithnítear leis seo gur gairm é an cnáimhseachas atá leithleach ar an altranas.

Rialacháin.

3.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní nó rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú, nó chun lánéifeacht a thabhairt don Acht seo.

(2) Féadfaidh cibé forálacha iarmhartacha, forlíontacha nó teagmhasacha is gá nó is fóirsteanach chun na críche sin a bheith sna rialacháin.

(3) Gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shúfidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin sin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Aisghairm,
cúlghairm, etc.

4.—(1) Aisghairtear Acht 1985.

(2) Cúlghairtear na horduithe seo a leanas:

(a) An tOrdú fán gComhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais (Bunú), 1999 (I.R. Uimh. 376 de 1999);

(b) An tOrdú um an Ordú fán gComhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais (Bunú), 1999 (Leasú), 2000 (I.R. Uimh. 352 de 2000);

(c) An tOrdú um an Ordú fán gComhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais (Bunú), 1999 (Leasú), 2004 (I.R. Uimh. 800 de 2004); agus

(d) An tOrdú Sláinte (An Bord Altranais) (Feidhmeanna Breise), 2010 (I.R. Uimh. 3 de 2010).

Caiteachais.

5.—Déanfar aon chaiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

[2011.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [Uimh. 41.]
2011.

CUID 2

BORD ALTRANAIS AGUS CNÁIMHSEACHAIS NA hÉIREANN

6.—(1) D’ainneoin aisghairm alt 6 d’Acht 1985 le *halt 4*—

An Bord a
choimeád ar
marthain.

- (a) déanfar an comhlacht ar a dtugtar an Bord Altranais, nó sa Bhéarla *the Nursing Board*, a bunaíodh leis an alt sin 6 a choimeád ar marthain agus tabharfar Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann nó, sa Bhéarla, *the Nursing and Midwifery Board of Ireland* air, agus
- (b) faoi réir *fho-alt (5) go (7)*, aon ní a bheidh tosaithe ag an gcomhlacht sin, nó ag an gcoiste a bunaíodh faoi alt 13(2) d’Acht 1985, ach nach mbeidh críochnaithe aige roimh aisghairm an ailt sin le *halt 4*, féadfaidh an Bord (agus a chomhaltas arna chomhdhéanamh faoin Acht seo) nó an coiste sin (agus a chomhaltas arna chomhdhéanamh faoi alt 13 d’Acht 1985) é a sheoladh agus a chríochnú, de réir mar is gá sa chás, tar éis na haisghairme sin amhail is nach raibh ailt 6 agus 13 d’Acht 1985 aisghairthe.

(2) Is comhlacht corpraithe an Bord agus comharbas suthain agus séala oifigiúil aige agus—

- (a) tá cumhacht agartha aige agus féadfar é a agairt ina ainm corpraithe, agus
- (b) le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá cumhacht aige chun talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, agus aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(3) Féadfaidh an Bord, faoi réir fhorálacha an Achta seo, a nós imeachta féin a rialáil.

(4) Tá feidhm ag an Sceideal maidir leis an mBord.

(5) (a) Aon duine is comhalta den choiste dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)* ach a scoirfidh de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord faoi *alt 22(6)*, measfar chun críoche *fho-alt (1)(b)*, d’ainneoin an scoir sin de chomhaltas an Bhoird, go gcomhlíonann sé nó sí na ceanglais d’alt 13 d’Acht 1985 a bhaineann le comhaltas an choiste sin.

(b) An coiste dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)* measfar, chun críoche an fho-alt sin, go sásaíonn sé na ceanglais d’alt 13(4), (5) agus (6) d’Acht 1985 a bhaineann lena chomhaltas fiú má scoireann sé de na ceanglais sin a chomhlíonadh toisc duine amháin nó níos mó dá chomhaltaí scor de chomhaltas.

(6) Más rud é, de bhun *fho-alt (1)(b)*, go bhféadfaidh an Bord aon bheart iomchuí a dhéanamh maidir le haltra nó cnáimhseach a chlárú, ansin féadfaidh an Bord an beart comhionann faoin Acht seo a dhéanamh agus—

(a) i gcás beart comhionann a thagann faoi réim *mhír (a)* den mhíniú ar “beart comhionann” i *bhfo-alt (7)*, beidh feidhm ag *alt 79* maidir leis an mbeart comhionann dá réir sin,

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

(b) i gcás beart comhionann a thagann faoi réim *mhír (c)* den mhíniú ar “beart comhionann” i *bhfo-alt (7)*—

(i) forléireofar *mír (b)* den mhíniú ar “coinníoll iomchuí” in *alt 2(1)* mar mhír a fholaíonn an beart comhionann dá réir sin, agus

(ii) beidh feidhm ag *ailt 46(8)* agus *80* maidir leis an mbeart comhionann dá réir sin.

(7) I *bhfo-alt (6)*—

ciallaíonn “beart comhionann”, i ndáil le haltra nó cnáimhseach a chlárú—

(a) i gcás *mhír (a)* den mhíniú ar “beart iomchuí”, an clárú a chealú de bhun breith dá dtagraítear in *alt 76(3)*,

(b) i gcás *mhír (b)* den mhíniú ar “beart iomchuí”, an clárú a fhionraí de bhun breith dá dtagraítear in *alt 76(3)*,

(c) i gcás *mhír (c)* den mhíniú ar “beart iomchuí”, coinníollacha a chur ag gabháil leis an gclárú de bhun breith dá dtagraítear in *alt 76(1)*;

ciallaíonn “beart iomchuí”, i ndáil le haltra nó cnáimhseach a chlárú, aon bheart faoi Chuid V d’Acht 1985 a bhféadfaidh an Bord dá bhun—

(a) ainm na haltra nó na cnáimhsí a scriosadh as clár na n-altraí,

(b) éifeacht a thabhairt do bhreith ón mBord nach mbeidh éifeacht, le linn tréimhse d’fhad sonraithe, le clárú ainm na haltra nó na cnáimhsí i gclár na n-altraí, nó

(c) coinníollacha a chur ag gabháil le hainm na haltra nó na cnáimhsí a choinneáil i gclár na n-altraí.

7.—(1) Fíordheimhneofar séala an Bhoird—

(a) le síniú Uachtarán an Bhoird nó le síniú comhalta eile den Bhoird a bheidh údaraithe ag an mBord chun gníomhú chuige sin, agus

(b) le síniú fostaí de chuid an Bhoird a bheidh údaraithe ag an mBord chun gníomhú chuige sin.

(2) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Bhoird agus, dá réir sin, maidir le gach doiciméad—

(a) a airbheartaíonn gur ionstraim é arna déanamh ag an mBord, agus

(b) a airbheartaíonn a bheith séalaithe le séala an Bhoird arna fhíordheimhniú de réir *fho-alt (1)*,

glacfar i bhfianaise é agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan a thuilleadh cruthúnais mura suffear a mhalairt.

8.—Is é is cuspóir don Bhord an pobal a chosaint agus é ag déileáil le haltraí agus le cnáimhseacha agus ionracas chleachtadh an altranais agus an chnáimhseachais a chosaint trí ardchaighdeáin oideachais ghairmiúil, oiliúna agus cleachtaidh agus iompair ghairmiúil a chur chun cinn i measc altraí agus cnáimhseach. Cuspóir an Bhoird.

9.—(1) Déanfaidh an Bord—

Feidhmeanna an Bhoird.

- (a) gach rud is gá agus is réasúnach chun a chuspóir a chur chun cinn, agus
- (b) a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfaidh an Bord—

- (a) clár na n-altraí agus na gcnáimhseach agus clár na n-iarrthóirí a bhunú agus a chothabháil,
- (b) nósanna imeachta agus critéir a bhunú le haghaidh measúnú agus clárú i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach agus i gclár na n-iarrthóirí, agus i rannáin na gclár sin, lena n-áirítear deimhnithe clárúcháin a eisiúint agus clárú a athnuachan,
- (c) cláir oideachais agus cláir bhreiseoideachais is gá chun críocha clárú agus clárú leantach, a cheadú,
- (d) na cláir dá dtagraítear i *mír (c)* a choinneáil faoi athbhreithniú,
- (e) gníomhú mar an údarás inniúil chun na geríoch seo a leanas—
 - (i) aitheantas frithpháirteach a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí agus cnáimhseach arna ndámhachtain i mBallstáit nó i stáit iomchuí eile nó dá dtugann Ballstáit nó stáit iomchuí eile aitheantas de réir bhrí Rialacháin 2008,
 - (ii) gach ní dá dtagraítear i dTreoir 2005/36/CE agus a bhaineann le ról údaráis inniúil chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí agus cnáimhseach,
- (f) comhaontuithe a dhéanamh, le comhlachtaí i dtríú tíortha atá údaraithe go cuí chun feidhmeanna a fhreagraíonn d'fheidhmeanna an Bhoird a chomhlíonadh i dtríú tíortha, ar comhaontuithe iad i ndáil leis na nithe seo a leanas—
 - (i) an Bord do thabhairt aitheantas, chun críocha clárú, do chéimeanna, do dhiplómaí agus do cháilíochtaí eile a bhaineann le cleachtadh an altranais agus an chnáimhseachais agus a dhámhtar sna tríú tíortha sin,
 - (ii) comhlachtaí den sórt sin do thabhairt aitheantas, chun críocha údarú chun an t-altranais agus an cnáimhseachais a chleachtadh i dtríú tíortha, do chéimeanna, do dhiplómaí agus do cháilíochtaí eile

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

a bhaineann le cleachtadh an altranais agus an chnáimhseachais agus a dhámhtar sa Stát,

- (g) caighdeáin chleachtais a shonrú le haghaidh altraí cláraithe agus cnáimhseach cláraithe, lena n-áirítear na nithe seo a leanas a bhunú, a fhoilsiú, a chothabháil agus a athbhreithniú—
 - (i) treoir chuí maidir le gach ní a bhaineann le hiompar gairmiúil agus eitic ghairmiúil d'altraí cláraithe agus do chnáimhseacha cláraithe,
 - (ii) treoir chuí maidir le hinniúlacht ghairmiúil altraí cláraithe agus cnáimhseach cláraithe a chothabháil, agus
 - (iii) cód iompair ghairmiúil d'altraí cláraithe agus do chnáimhseacha cláraithe,
- (h) critéir a shonrú maidir le fostóirí do chruthú poist sainaltranais agus sainchnáimhseachais,
- (i) coistí a bhunú chun gearáin a fhiosrú,
- (j) breitheanna agus ordacháin a thabhairt faoi *Chuid 9* maidir le smachtbhannaí a fhorchur ar altraí cláraithe agus ar chnáimhseacha cláraithe,
- (k) comhairle a thabhairt don phobal i dtaobh gach ní is díol spéise i gcoitinne agus a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird, lena réimse saineolais agus le nithe eile is díol spéise don phobal agus a bhaineann le haltraí agus le cnáimhseacha agus lena gcleachtadh, lena n-áirítear cuspóir, feidhmeanna agus mionsonraí teagmhála an Bhoird a fhógairt go poiblí ó am go ham,
- (l) comhairle a thabhairt don Aire, ar an Aire á iarraidh sin nó ar a thionscnamh féin, maidir leis na nithe go léir a bhaineann leis na feidhmeanna eile a thugtar dó le haon fhoráil den Acht seo, agus
- (m) aon fheidhm eile a thugtar dó faoi aon fhoráil eile den Acht seo nó d'aon achtachán eile a chomhlíonadh.

(3) Déanfaidh an Bord, tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis thosach feidhme an fho-ailt seo, cód cleachtais a fhoilsiú ar an modh forordaithe maidir lena chuid idirghníomhaíochtaí le haltraí agus le cnáimhseacha, le hiarrthóirí agus le daoine den phobal.

(4) Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird ag an mBord ar na nithe seo a leanas—

- (a) feidhmeanna a chomhlíonann comhlachtaí eile atá comhchosúil nó coimhdeach leis na feidhmeanna a chomhlíonann an Bord,
- (b) an gá atá ann comhoibriú le húdaráis phoiblí nó comhlachtaí poiblí eile (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go háirithe) agus a ghníomhaíochtaí a chomhordú leo más rud é go ndéanann comhlíonadh a bhfeidhmeanna difear, nó go bhféadfadh sé difear a dhéanamh, do shláinte an phobail,

- (c) an gá atá ann éifeachtúlacht a chur chun cinn le linn oiliúint iarrthóirí, oiliúint iarchlárarithe agus sainoiliúint a sheachadadh, trí chleachtais chaighdeánacha a fhorbairt,
- (d) beartais agus cuspóirí an Rialtais nó aon Aire den Rialtas a mhéid a d'fhéadfadh na beartais agus na cuspóirí sin difear a dhéanamh d'fheidhmeanna an Bhoird nó a bheith bainteach leo,
- (e) na hacmhainní, cibé áit ina dtionscnaíonn siad, atá ar fáil dó chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus
- (f) an gá atá ann a áirithiú go mbaintear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as na hacmhainní sin.

(5) Tá cumhacht ag an mBord aon ní a dhéanamh is dealraitheach dó a bheith riachtanach, buntáisteach nó teagmhasach i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó aon ní is dealraitheach dó a éascaíonn comhlíonadh a fheidhmeanna, lena n-áirítear socrúithe a dhéanamh le haon duine nó comhlacht chun cuidiú leis an mBord nó le coiste de chuid an Bhoird i gcomhall cuí aon cheann dá fheidhmeanna.

(6) Féadfaidh an tAire, nó féadfaidh duine atá údaraithe ag an Aire chun fógra a thabhairt faoin bhfo-alt seo, a cheangal ar an mBord, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don Bhord, cibé faisnéis a sholáthar don Aire nó don duine sin, de réir mar a bheidh, i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna an Bhoird de réir mar a shonraítear san fhógra agus laistigh den tréimhse a shonraítear san fhógra (is tréimhse réasúnach sna himthosca).

(7) Comhlíonfaidh an Bord fógra a thabharfar dó faoi *fho-alt (6)* ach amháin a mhéid a thoirmistear air déanamh amhlaidh le foráil eile den Acht seo.

10.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú—

Feidhmeanna breise a thabhairt don Bhord.

- (a) cibé feidhmeanna breise is cuí leis an Aire i dtaca le haltraí agus cnáimhseacha cláraithe, agus le hiarrthóirí, le hoideachas agus oiliúint altraí, cnáimhseach agus iarrthóirí, agus le cleachtadh an altranais agus an chnáimhseachais agus leis na daoine a bhíonn ag gabháil do chleachtadh na ngairmeacha sin, a thabhairt don Bhord, agus
- (b) cibé forálacha a dhéanamh a mheasann an tAire is gá nó is fóirsteanach i ndáil le nithe atá coimhdeach le feidhmeanna breise a thabhairt don Bhord nó a éiríonn as.

(2) Gach ordú a dhéanfar faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú sin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

11.—(1) Féadfaidh an tAire ordacháin beartais ghinearálta a thabhairt don Bhord i scríbhinn i ndáil le comhlíonadh a Ordacháin ón Aire don Bhord.

fheidhmeanna ag an mBord seachas aon fheidhmeanna den sórt sin—

(a) a bhaineann le hiompar gairmiúil agus le heitic altraí cláraithe agus cnáimhseach cláraithe, nó

(b) a bhaineann le feidhmiúlacht chun cleachtadh.

(2) Ní dhéanfar aon ní in ordacháin arna dtabhairt faoi *fho-alt (1)* a fhorléiriú mar ní a choisceann ar an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh nó a theorannaíonn an Bord le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(3) Comhlíonfaidh an Bord ordachán arna thabhairt ag an Aire faoin alt seo.

Díolúine.

12.—(1) Aon duine lena mbaineann an fo-alt seo, ní bheidh sé nó sí, le linn dó nó di gníomhú de mheon macánta, faoi dhliteanas in aon imeachtaí sibhialta i leith aon ghnímh nó neamhghnímh arna dhéanamh i gcomhlíonadh nó i gcomhlíonadh airbheartaithe aon fheidhme faoin Acht seo aige nó aici.

(2) Is iad seo a leanas na daoine lena mbaineann *fo-alt (1)*—

(a) comhaltaí agus iarchomhaltaí an Bhoird,

(b) comhaltaí agus iarchomhaltaí aon choiste,

(c) an príomhoifigeach feidhmiúcháin agus aon iarphríomhoifigeach feidhmiúcháin,

(d) fostaithe agus iarfhostaithe an Bhoird, agus

(e) na daoine a bheidh ceaptha nó a bhí ceaptha roimhe sin chun cuidiú leis an gCoiste Réamhimeachtaí nó leis an gCoiste um Feidhmiúlacht chun Cleachtadh.

Cumhacht an Bhoird chun rialacha a dhéanamh.

13.—(1) Faoi réir *fho-ailt (3)*, *(4)* agus *(5)*—

(a) féadfaidh an Bord, le ceadú ón Aire, rialacha a dhéanamh chun go n-oibreoidh aon fhoráil den Acht seo ar shlí níos fearr, nó

(b) ar iarraidh i scríbhinn ón Aire agus de réir na hiarrata, déanfaidh an Bord rialacha chun go n-oibreoidh aon fhoráil den Acht seo ar shlí níos fearr.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an Bord rialacha a dhéanamh faoin alt seo i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(a) bunú, comhaltas, feidhmeanna agus nósanna imeachta coistí,

(b) an fhoirm ina mbeidh agus an modh ar a mbeidh clár na n-altraí agus na gcnáimhseach agus clár na n-iarrthóirí agus a rannáin le bunú agus le cothabháil,

(c) na mionsonraí a bhaineann le haltraí agus cnáimhseacha agus a thaifeadfar, i dteannta a n-ainmneacha, i gclár na

n-altraí agus na gcnáimhseach nó ina ndeimhnithe
clárúcháin nó iontu araon,

- (d) ceadanna chun críocha *alt 41(2)*,
 - (e) an modh ar a n-íocfar táillí cuí agus na teorainneacha ama maidir le táillí cuí a íoc chun clárú a choinneáil,
 - (f) an Coiste Réamhimeachtaí nó an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh do ghlacadh agus do thaifeadadh fianaise,
 - (g) an Coiste Réamhimeachtaí nó an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh do ghlacadh aighneachtaí,
 - (h) bunú, comhaltas, feidhmeanna agus nósanna imeachta fochoistí de chuid coistí lena n-áirítear, i gcás an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, fochoistí a dhéanfaidh fiosrúchán, thar ceann an Choiste sin, ar fhorais éagsúla is bun le gearán,
 - (i) clár na n-altraí agus na gcnáimhseach agus clár na n-iarrthóirí, agus rannáin na gclár sin, lena n-áirítear critéir a leagan síos maidir leis na nithe seo a leanas—
 - (i) cáilíochtaí cuí, oideachas cuí agus oiliúint chuí, agus inniúlachtaí iomchuí altraí nó cnáimhseach atá cláraithe nó le clárú,
 - (ii) eolas leordhóthanach a bheith ag altra nó cnáimhseach ar an teanga nó ar na teangacha is gá chun cleachtadh mar altra nó mar chnáimhseach sa Stát,
 - (iii) aon cheanglas le haghaidh taithí iarchláraithe iomchuí nó taithí chliniciúil altraí nó cnáimhseach, nó
 - (iv) aon ní eile, más rud é, i dtuairim an Bhoird, gur gá nó gurb inmhianaithe critéir a leagan síos maidir leis an ní sin chun an pobal a chosaint,
- i ndáil le hiarratais ar chlárú in aon cheann de na cláir nó de na rannáin sin a mheasúnú agus chun na clárúithe sin a anótail,
- (j) scrúduithe a shonrú chun críocha clárú,
 - (k) forais a shonrú chun clárú a chur ar ais i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach nó i gclár na n-iarrthóirí, nó i rannán de na cláir sin,
 - (l) critéir a leagan síos chun críocha oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear critéir a leagan síos maidir leis na nithe seo a leanas—
 - (i) daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach iad i gcláir oideachais agus oiliúna,
 - (ii) comhlachtaí a fhéadfaidh cláir oideachais agus oiliúna a sheachadadh, nó

- (iii) aon ní eile, más rud é, i dtuairim an Bhoird, gur gá nó gurb inmhianaithe critéir a leagan síos maidir leis an ní sin chun an pobal a chosaint,
 - (m) critéir nó coinníollacha a leagan síos maidir le daoine ar mian leo an t-altranas nó an cnáimhseachas a chleachtadh, ar daoine iad nach raibh ag cleachtadh ar feadh tréimhse a bheidh sonraithe sna rialacha, lena n-áirítear critéir nó coinníollacha a leagan síos maidir leis na nithe seo a leanas—
 - (i) oideachas agus oiliúint na ndaoine sin,
 - (ii) eolas leordhóthanach a bheith ag altra nó cnáimhseach ar an teanga nó ar na teangacha is gá chun cleachtadh mar altra nó mar chnáimhseach sa Stát,
 - (iii) an modh ar a bhfíorófar go bhfuil na hinniúlachtaí iomchuí ag na daoine sin, nó
 - (iv) aon ní eile, más rud é, i dtuairim an Bhoird, gur gá nó gurb inmhianaithe critéir a leagan síos maidir leis an ní sin chun an pobal a chosaint,
 - (n) creataí rialachais caighdeánacha a shonrú le haghaidh cnáimhseach, lena n-áirítear an ceanglas árachas slánaíochta a bheith ag cnáimhseacha,
 - (o) aon scéim inniúlachta gairmiúla, agus
 - (p) aon ní eile a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird.
- (3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)(f)* agus *(g)*, féadfar, le rialacha arna ndéanamh faoin alt seo, na nithe seo a leanas a shonrú—
- (a) an fhoirm ina bhféadfaidh agus an chaoi ar a bhféadfaidh an Coiste Réamhimeachtaí nó an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh fianaise nó aighneachtaí a ghlacadh, agus
 - (b) na coinníollacha ar faoina réir a fhéadfaidh an Coiste Réamhimeachtaí nó an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh fianaise nó aighneachtaí a ghlacadh trí nasc físe beo, fístaifeadadh, fuaimthaifeadadh nó aon mhodh eile tarchuir.
- (4) Cinnteoidh an Bord—
- (a) go ndéanfar dréacht d'aon riail (lena n-áirítear riail lena gcúlghairtear nó lena leasaítear aon riail eile) a bheartaíonn sé a dhéanamh faoin alt seo a fhoilsiú ar an modh forordaithe,
 - (b) go bhfoilseofar i dteannta an dréachta cuireadh chuig daoine den phobal, aon eagraíocht agus aon chomhlacht eile trácht ar an dréacht roimh dháta a shonróidh an Bord sa chuireadh, ar dáta é atá réasúnach sna himthosca, agus
 - (c) gan dochar do ghinearáltacht *mhír (b)*, go dtabharfar cóip den dréacht den riail—

- (i) don Aire,
- (ii) d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus
- (iii) má bhaineann an dréacht le scéim inniúlachta gairmiúla, don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,

tráth nach déanaí ná an dáta a chomhlíonfaidh an Bord *mír (b)* i leith an dréachta sin.

(5) Faoi réir *fho-alt (6)*, féadfaidh an Bord, tar éis aon tráchtáí ar dhréacht de riail a fhoilsítear de bhun *fho-alt (4)(a)* a bhreithniú, ar tráchtáí iad a fhaightear roimh an dáta a bheidh sonraithe sa chuireadh dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b)* agus a bhaineann leis an dréacht—

- (a) an riail a dhéanamh i bhfoirm an dréachta mar a foilsíodh é nó fara cibé athruithe a chinnfidh an Bord, nó
- (b) breith a thabhairt gan an riail a dhéanamh.

(6) Ní dhéanfaidh an Bord rialacha faoin alt seo maidir le scéim inniúlachta gairmiúla ach amháin le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(7) Cinnteoidh an Bord go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis riail a dhéanamh faoin alt seo—

- (a) an riail a chur faoi bhráid an Aire lena ceadú, agus
- (b) má cheadaíonn an tAire an riail, í a fhoilsiú ar an modh a fhorordaítear leis na rialacha agus í a chur faoi bhráid an Aire lena leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(8) Déanfar gach riail a cheadófar faoi *fho-alt (7)(b)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an riail sin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialach, beidh an riail ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin riail.

(9) D'ainneoin aisghairm alt 26 d'Acht 1985 le *halt 4*, i gcás go raibh riail i bhfeidhm díreach roimh an aisghairm sin agus gur déileáladh inti le haon ní de na nithe a bhféadfar rialacha a dhéanamh ina dtaobh faoin alt seo—

- (a) measfar gur riail arna déanamh faoin alt seo an riail go dtí go ndéanfaidh an Bord riail ina hionad faoin alt seo, agus
- (b) maidir leis na foirmiúlachtaí go léir a cheanglaítear leis an alt seo d'fhonn rialacha agus aon ní arna dhéanamh faoi rialacha a bheith bailí, measfar gur comhlíonadh iad i ndáil leis an riail sin.

14.—(1) Féadfaidh an Bord ó am go ham, treoirlínte nach bhfuil ar neamhréir leis an Acht seo (lena n-áirítear aon rialacháin nó rialacha arna ndéanamh faoin Acht seo) agus lena léirítear an modh ar a mbeartaíonn an Bord a fheidhmeanna a chomhlíonadh, a ullmhú mar threoir d'altraí agus do chnáimhseacha agus don phobal.

Cumhacht an Bhoird chun treoirlínte a eisiúint.

(2) Cinnteoidh an Bord go ndéanfar treoirlínte arna n-ullmhú aige faoin alt seo a fhoilsiú ar an modh forordaithe a luaithe is indéanta tar éis na treoirlínte a ullmhú.

Comhoibriú le
comhlachtaí áirithe.

15.—(1) A luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme an ailt seo, déanfar comhaontú amháin nó níos mó idir an Bord agus gach ceann de na comhlachtaí forordaithe chun na gcríoch seo a leanas—

- (a) comhoibriú a éascú idir an Bord agus na comhlachtaí forordaithe i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi seach a mhéid a bhaineann siad le saincheisteanna maidir le cosaint an phobail trí ardchaighdeán inniúlachta gairmiúla a chur chun cinn i measc altráí agus cnáimhseach,
- (b) dúbailt gníomhaíochtaí ag an mBord agus ag aon cheann de na comhlachtaí forordaithe a sheachaint,
- (c) dá chumasú dul i gcomhairle leis an mBord i ndáil le haon bhreitheanna ó na comhlachtaí forordaithe a dhéanann difear don phobal i gcás go mbaineann na breitheanna sin le ceisteanna maidir le hinniúlacht ghairmiúil altráí nó cnáimhseach,
- (d) i gcás inar cuí é, comhstaidéir nó comhanailís a sheoladh ar nithe a bhaineann leis an altranas agus leis an gcnáimhseachas agus le cosaint an phobail,

agus gairtear “comhaontú comhoibrithe” san alt seo de gach comhaontú den sórt sin a dhéantar.

(2) Ní gá chun críocha *fho-alt (1)* gurb iad na comhlachtaí forordaithe céanna is páirtithe i ngach comhaontú a dhéantar leis an mBord faoin bhfo-alt sin.

(3) Folóidh comhaontú comhoibrithe forálacha—

- (a) lena gcumasófar do gach páirtí faisnéis a bheidh ina sheilbh a thabhairt do pháirtí eile má tá gá ag an bpáirtí eile sin leis an bhfaisnéis chun é do chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna,
- (b) lena gcumasófar do gach páirtí staonadh ó aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le ní in imthosca inar deimhin leis go bhfuil feidhmeanna á gcomhlíonadh ag páirtí eile i ndáil leis an ní sin, agus
- (c) lena gceanglófar ar gach páirtí dul i gcomhairle le haon pháirtí eile sula gcomhlíonfaidh sé aon fheidhmeanna in imthosca inarb éard a bheidh i ngach páirtí d’fheidhmiú, faoi seach, na bhfeidhmeanna lena mbaineann cinneadh a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le hinniúlacht ghairmiúil altráí nó cnáimhseach chun an pobal a chosaint, is saincheisteanna is ionann agus a chéile nó atá san earnáil chéanna saincheiste den sórt sin, is earnáil a sonraíodh sa chomhaontú comhoibrithe.

(4) Féadfaidh na páirtithe lena mbaineann comhaontú comhoibrithe a athrú.

(5) Déanfaidh an Bord cóip de gach comhaontú comhoibrithe (lena n-áirítear aon athrú ar an gcomhaontú) a bheidh déanta a thabhairt don Aire agus, más iomchuí, don Aire nó do na hAirí den Rialtas a bheidh freagrach as an gcomhlacht forordaithe lena mbaineann laistigh de 1 mhí tar éis an comhaontú (nó an t-athrú air) a dhéanamh.

(6) Is i scríbhinn a bheidh comhaontú comhoibrithe, nó aon athrú arna dhéanamh air agus, a luaithe is indéanta tar éis an comhaontú nó an t-athrú a dhéanamh agus a thabhairt don Aire nó do na hAirí den Rialtas lena mbaineann, foilseoidh na páirtithe fógra i dtaobh a dhéanta ar an modh forordaithe.

(7) Má thugann páirtí amháin faisnéis do pháirtí eile de bhun foráil de chuid comhaontaithe comhoibrithe den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(a)*, maidir leis na forálacha de chuid aon achtacháin a bhaineann le nochtadh na faisnéise sin ag an gcéad pháirtí a luaitear, beidh feidhm acu maidir leis an dara páirtí a luaitear i leith na faisnéise sin.

(8) Ní dhéanfaidh mainneachtain ag an mBord nó ag comhlacht forordaithe foráil de chomhaontú comhoibrithe a chomhlíonadh feidhmiú aon chumhachta aige a chur ó bhail.

(9) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar comhlachtaí chun críocha an ailt seo ag féachaint d'fheidhmeanna agus do ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí sin mar a bhaineann siad le rialáil a dhéanamh ar altraí agus ar chnáimhseacha nó leis an bpobal a chosaint agus, sula bhforordóidh sé nó sí comhlacht a bhfuil Aire eile den Rialtas freagrach as, rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Aire eile sin.

(10) San alt seo, ciallaíonn “páirtí” páirtí i gcomhaontú comhoibrithe agus aon tagairt do pháirtí eile (cibé acu an úsáidtear an abairt sin nó an abairt “an páirtí eile”), forléireofar í, i gcás go bhfuil 2 pháirtí eile nó níos mó sa chomhaontú, mar thagairt do pháirtí amháin nó níos mó de na páirtithe eile sin nó do gach páirtí díobh, de réir mar is cuí.

16.—D’ainneoin *alt 17*, maidir le faisnéis, ar dóigh leis an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin go bhféadfadh go mbaineann sí le déanamh ciona indéotáilte, féadfar í a nochtadh—

Nochtadh faisnéise
maidir le cionta.

- (a) don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
- (b) don Údarás Iomaíochta,
- (c) do chomhalta den Gharda Síochána,
- (d) d’oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim,
- (e) do Bhanc Ceannais na hÉireann, nó
- (f) do cibé duine eile a bheidh forordaithe ag an Aire le rialacháin tar éis don Aire dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas ar dealraitheach don Aire gur cúram dó nó di í.

Toirmeasc ar
nochtadh
neamhúdaráithe
faisnéise.

17.—(1) Ní dhéanfaidh duine, mura n-údaráíonn an Bord nó fostaí de chuid an Bhoird a bheidh údaraithe go cuí chuige sin déanamh amhlaidh dó nó di é, nó mura gceanglaítear air nó uirthi le dlí déanamh amhlaidh, faisnéis faoi rún a nochtadh arna fáil aige nó aici ina cháil nó ina cáil, nó le linn dó nó di dualgais a chomhlíonadh—

- (a) mar chomhalta den Bhord nó de choiste,
- (b) mar an príomhoifigeach feidhmiúcháin,
- (c) mar fhostaí de chuid an Bhoird,
- (d) mar shainchomhairleoir nó comhairleoir arna fhrúiliú nó arna frúiliú ag an mBord nó mar fhostaí de chuid sainchomhairleora nó comhairleora den sórt sin, nó
- (e) mar dhuine arna fhrúiliú nó arna frúiliú ag an mBord in aon cháil eile.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)*—

- (a) maidir le cumarsáid ó chomhalta den Bhord nó de choiste, ón bpríomhoifigeach feidhmiúcháin nó ó fhostaí de chuid an Bhoird, i gcomhlíonadh aon fheidhmeanna dá chuid nó dá cuid faoin Acht seo, is cumarsáid ar ghá í a dhéanamh chun go gcomhlíonfadh an comhalta, an príomhoifigeach feidhmiúcháin nó an fostaí de chuid an Bhoird aon fheidhm den sórt sin, nó
- (b) maidir le nochtadh faisnéise d'aon chomhalta den Gharda Síochána ag comhalta den Bhord nó de choiste, ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin, nó ag fostaí de chuid an Bhoird, ar faisnéis í is dóigh leis an gcomhalta, nó leis an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin nó leis an bhfostaí, a d'fhéadfadh a bheith bainteach le déanamh ciona is intrialte ar díotáil.

(3) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó téarma príosúnachta nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Ní choiscfear le haon ní i *bhfo-alt (1)* ar dhuine faisnéis a nochtadh sna himthosca dá dtagraítear in alt 35(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

(5) Ní choiscfear le haon ní i *bhfo-alt (1)* faisnéis a nochtadh trí thuarascáil arna tabhairt—

- (a) don Bhord nó do choiste, de réir mar a bheidh, nó
- (b) don Aire ag an mBord nó thar a cheann nó ag coiste nó thar a cheann.

(6) San alt seo, folaíonn “faisnéis faoi rún” faisnéis a mbeidh sé ráite ag an mBord nó ag coiste, de réir mar a bheidh, ina leith gur faisnéis faoi rún í, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thairisc áirithe.

[2011.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [Uimh. 41.]
2011.

CUID 3

RÁITEAS STRAITÉISE, PLEAN GNÓ AGUS TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN
BHOIRD

18.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2) go (6), déanfaidh an Bord—

An Bord do
dhéanamh ráiteas
straitéise a ullmhú
agus a chur faoi
bhráid an Aire.

(a) ráiteas straitéise a ullmhú agus a ghlacadh do théarma oifige an Bhoird (nó, de réir mar is gá sa chás, a mbeidh fágtha de théarma oifige an Bhoird), agus

(b) an ráiteas a chur faoi bhráid an Aire—

(i) tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis thosach feidhme an fho-ailt seo,

(ii) tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis Aire nua a cheapadh is Aire a bheidh i bhfeighil na Roinne Sláinte má iarrann an tAire sin ráiteas straitéise a chur faoina bhráid nó faoina bráid,

(iii) tráth nach déanaí ná 6 mhí ó thosach théarma oifige gach Boird nua arna cheapadh faoi *alt* 22.

(2) Ullmhóidh an Bord ráiteas straitéise i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh de réir aon ordacháin a eiseoidh an tAire agus cinnteoidh sé go sonrúfar na nithe seo a leanas sa ráiteas—

(a) cuspóirí fíorthábhachtacha an Bhoird don tréimhse lena mbaineann an ráiteas agus na straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

(b) an modh ar a mbeartaíonn an Bord baint amach na gcuspóirí sin aige a thomhas, agus

(c) na húsáidí a mbeartaíonn an Bord a acmhainní a chur chun feidhme ina leith.

(3) Tabharfaidh an Bord, le linn an ráiteas straitéise a ullmhú, aird ar bheartais an Rialtais nó Aire den Rialtas a mhéid a d'fhéadfadh na beartais sin difear a dhéanamh d'fheidhmeanna an Bhoird nó a bheith bainteach leo.

(4) Cinnteoidh an Bord—

(a) go ndéanfar dréacht den ráiteas straitéise a bheartaíonn sé a ghlacadh faoin alt seo a fhoilsiú ar an modh forordaithe, tráth nach déanaí ná 2 mhí roimh an tráth atá an Bord le ráiteas straitéise a chur faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt* (1)(b),

(b) go bhfoilseofar i dteannta an dréachta cuireadh chuig daoine den phobal, aon eagraíocht agus aon chomhlacht trácht ar an dréacht roimh dháta a shonróidh an Bord sa chuireadh, ar dáta é nach luaithe ná mí amháin tar éis dháta an fhoilsithe, agus

(c) go ndéanann sé breithniú ar aon tráchtaí a fhaightear faoi *mhír* (b) le linn dó an ráiteas straitéise a chuireann sé faoi bhráid an Aire faoin alt seo a ullmhú.

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

(5) Féadfaidh an tAire a ordú don Bhord ráiteas straitéise arna chur faoi bhráid an Aire a leasú, más rud é, i dtuairim an Aire—

- (a) maidir le haon fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt faoi *fho-alt (2)*, nach bhfuil sí sa ráiteas,
- (b) nach bhfuil an ráiteas de réir *fho-alt (2)* in aon slí eile, nó
- (c) gur ullmhaíodh an ráiteas gan aird a thabhairt ar na beartais dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*.

(6) Comhlíonfaidh an Bord ordachán a thabharfar dó faoi *fho-alt (5)* laistigh den tréimhse, más ann, a shonrófar san ordachán, is tréimhse a bheidh réasúnach sna himthosca.

(7) Féadfaidh an Bord ráiteas straitéise a bheidh glactha a leasú agus, in aon chás den sórt sin—

- (a) beidh feidhm ag *fo-ailt (2)* go (6), fara gach modhnú is gá, maidir le hullmhú an ráitis leasaithe mar atá feidhm acu maidir le ráiteas straitéise arna ullmhú faoi *fho-alt (1)*, agus
- (b) glacfaidh an Bord an ráiteas leasaithe agus cuirfidh sé faoi bhráid an Aire é tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis an dáta a ghlac an Bord an ráiteas leasaithe.

(8) Ní dhéanfar aon ní i ráiteas straitéise a fhorléiriú mar ní a choisfidh ar an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh nó a theorannóidh an Bord le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Ráiteas straitéise a fhoilsiú agus a chur i ngníomh.

19.—(1) Cinnteoidh an tAire go ndéanfar cóip de ráiteas straitéise nó de ráiteas straitéise leasaithe a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 21 lá tar éis don Aire an ráiteas a fháil.

(2) Cinnteoidh an Bord go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóipeanna de ráiteas straitéise nó de ráiteas straitéise leasaithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais, an ráiteas a fhoilsiú ar an modh forordaithe.

(3) Déanfaidh an Bord tuarascálacha faoi dhul chun cinn a chur faoi bhráid an Aire maidir le ráiteas straitéise nó ráiteas straitéise leasaithe, de réir mar is gá sa chás, a chur i ngníomh—

- (a) ina thuarascáil bhliantúil, agus
- (b) ar cibé modh eile agus i gceann cibé eatrainmh a ordóidh an tAire.

(4) Le linn na tréimhse sonraithe, ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 maidir le taifead ina bhfuil—

- (a) ráiteas straitéise, nó leasú ar ráiteas straitéise, nach bhfuil glactha ag an mBord, nó
- (b) réamhdhréacht nó dréacht eile den ábhar uile, nó de chuid den ábhar, i ráiteas straitéise nó i leasú ar ráiteas straitéise.

(5) I *bhfo-alt (4)*, ciallaíonn “tréimhse shonraithe”, i ndáil le taifead, tréimhse 5 bliana dar tosach an dáta a cruthaíodh an taifead.

20.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* go (5), déanfaidh an Bord, gach bliain—

An Bord do dhéanamh plean gnó a ullmhú agus a chur ar aghaidh chuig an Aire.

(a) plean gnó a ullmhú agus a ghlacadh i leith na bliana sin nó i leith cibé tréimhse eile a chinnfidh an tAire, agus

(b) an plean a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Ullmhóidh an Bord plean gnó i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh de réir aon ordacháin a eiseoidh an tAire (lena n-áirítear aon scála ama a gcaithfear an plean a chur faoi bhráid an Aire laistigh de) agus cinnteoidh sé maidir leis an bplean—

(a) go gcuirfear in iúl ann cineál agus méid an ghnó a bheidh le gabháil de lámh ag an mBord le linn na tréimhse lena mbaineann an plean,

(b) go gcuirfear in iúl ann aon phleananna caipitil a mholann an Bord,

(c) go mbeidh ann meastacháin ar líon fostaithe an Bhoird don tréimhse agus don ghnó lena mbaineann an plean, agus

(d) go mbeidh ann aon fhaisnéis eile a shonróidh an tAire.

(3) Déanfaidh an Bord, le linn dó plean gnó a ullmhú, aird a thabhairt—

(a) ar an ráiteas straitéise a bheidh i ngníomh an tráth sin,

(b) ar aon ordachán arna eisiúint ag an Aire faoi *alt 11(1)*, agus

(c) ar bheartais agus ar chuspóirí an Aire agus an Rialtais de réir mar a bhaineann siad le feidhmeanna an Bhoird.

(4) Féadfaidh an tAire a ordú don Bhord plean gnó a bheidh curtha faoi bhráid an Aire a leasú más rud é, i dtuairim an Aire—

(a) maidir le haon fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt faoi *fho-alt (2)*, nach bhfuil sí sa phlean,

(b) nach bhfuil an plean de réir *fho-alt (2)* in aon slí eile, nó

(c) gur ullmhaíodh an plean gan aird a thabhairt ar ní atá sonraithe i *bhfo-alt (3)*.

(5) Comhlíonfaidh an Bord ordachán a thabharfar dó faoi *fho-alt (4)* laistigh den tréimhse, más ann, a shonrófar san ordachán, is tréimhse a bheidh réasúnach sna himthosca.

(6) Déanfaidh an Bord, i dteannta plean gnó, ráiteas a chur faoi bhráid an Aire i dtaobh a mheastacháin ar an ioncam agus ar an gcaiteachas a bhainfidh leis an bplean, ar ráiteas é a bheidh ar comhréir leis an airgead a mheasfar a bheidh ar fáil don Bhord don tréimhse lena mbaineann an plean gnó.

(7) Cinnteoidh an tAire go ndéanfar cóipeanna de phlean gnó a chuirtear faoi bhráid an Aire a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 21 lá tar éis an plean a chur faoi bhráid an Aire.

(8) Cinnteoidh an Bord go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóipeanna de phlean gnó a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais, an plean a fhoilsiú ar an modh forordaithe.

(9) Féadfaidh an Bord plean gnó a bheidh glactha a leasú agus, in aon chás den sórt sin—

(a) beidh feidhm ag *fo-ailt (2)* go (8), fara gach modhnú is gá, maidir le hullmhú an phlean leasaithe mar atá feidhm acu maidir le plean gnó arna ullmhú faoi *fho-alt (1)*, agus

(b) glacfaidh an Bord an plean leasaithe agus cuirfidh sé faoi bhráid an Aire é tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis an dáta a ghlac an Bord an plean leasaithe.

An Bord do chur tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Aire.

21.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, déanfaidh an Bord, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais nó cibé tréimhse breise, nach faide ná 3 mhí, a cheadóidh an tAire, tuarascáil (dá ngairtear an “tuarascáil bhliantúil” san alt seo) ar ghníomhaíochtaí an Bhoird sa bhliain airgeadais díreach roimhe sin a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Féadfaidh an tAire, le hordachán i scríbhinn don Bhord, aon fhaisnéis is gá a bheith ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil a shonrú.

(3) Comhlíonfaidh an Bord ordachán a thabharfar dó faoi *fho-alt (2)*.

(4) Cinnteoidh an tAire go leagfar cóipeanna den tuarascáil bhliantúil faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis don Aire an tuarascáil a fháil.

CUID 4

COMHALTAÍ, COISTÍ AGUS FOSTAITHE AN BHOIRD

Comhaltaí an Bhoird.

22.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* go (7), ceapfaidh an tAire comhaltaí an Bhoird agus is iad an 23 dhuine seo a leanas a bheidh air:

(a) 2 dhuine a bheidh fostaithe mar chomhaltaí den fhoireann acadúil, duine acu in Ollscoil agus an duine eile in Institiúid Teicneolaíochta, agus ar altra chláraithe duine acu agus ar cnáimhseach chláraithe duine acu, a cheapfaidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, agus a roghnóidh an tAire ó liostaí d’ainmneacha altraí cláraithe agus cnáimhseach cláraithe arna bhfostú amhlaidh, ar liostaí iad a thiomsóidh siad seo a leanas i gcomhpháirt, de réir nósanna imeachta a shonróidh an tAire—

(i) i gcás an chéad ainmniúcháin a dhéanfar tar éis thosach feidhme an ailt seo, na forais a bheidh ceadaithe faoi alt 34 d’Acht 1985 mar fhorais atá

oiriúnach chun altraí nó iarrthóirí a oiliúint iontu,
agus

- (ii) in aon chás eile, na comhlachtaí a bheidh ceadaithe chun cláir oideachais agus oiliúna réamhchláraithe san altranais agus sa chnáimhseachas a sheachadadh;
- (b) Stiúrthóir Altranais amháin nó Stiúrthóir Cnáimhseachais amháin a roghnóidh an tAire ó liosta d'ainmneacha Stiúrthóirí den sórt sin a thiomsóidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de réir nósanna imeachta a shonróidh an tAire;
- (c) 8, ar altraí cláraithe nó cnáimhseacha cláraithe iad, arna dtoghadh ag altraí cláraithe agus cnáimhseacha cláraithe de réir nósanna imeachta a shonróidh an tAire agus—
- (i) ar altraí 2 acu, lena n-áirítear duine amháin ar a laghad a bhíonn ag gabháil do chleachtadh altranais chliniciúil, duine amháin a chleachtann altranais ginearálta agus duine amháin a chleachtann altranais leanaí,
 - (ii) ar altraí 2 acu, lena n-áirítear duine amháin ar a laghad a bhíonn ag gabháil do chleachtadh altranais chliniciúil, duine amháin a chleachtann altranais síciatrach agus duine amháin a chleachtann altranais míchumais intleachtúil,
 - (iii) ar daoine 2 acu, lena n-áirítear duine amháin ar a laghad a bhíonn ag gabháil do chleachtadh cliniciúil, agus a gcleachtann duine acu an cnáimhseachas agus a gcleachtann an duine eile altranais sláinte poiblí,
 - (iv) ar duine atá fostaithe san earnáil sláinte poiblí agus a bhíonn ag gabháil d'oideachas a chur ar altraí nó ar chnáimhseacha duine amháin acu, agus
 - (v) ar altra ó réimse an altranais a bhíonn ag gabháil do chúram daoine scothaosta duine amháin acu;
- (d) duine amháin a ainmneoidh Comhairle na nDochtúirí Leighis agus a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta i gclár na lia-chleachtóirí atá á chothabháil faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 agus nach altra chláraithe ná cnáimhseach chláraithe sa Stát nó i ndlínse eile, agus nárbh ea riamh, é nó í;
- (e) duine amháin a ainmneoidh an tAire Oideachais agus Scileanna ó bhunachas oideachais tríú leibhéal a bhfuil baint aige le hoideachas agus oiliúint a chur ar altraí nó ar chnáimhseacha agus nach altra chláraithe ná cnáimhseach chláraithe sa Stát nó i ndlínse eile, agus nárbh ea riamh, é nó í;
- (f) 2 dhuine a ainmneoidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus atá ionadaitheach do bhainistíocht na hearnála sláinte poiblí agus nach altraí cláraithe ná cnáimhseacha cláraithe sa Stát nó i ndlínse eile, agus nárbh ea riamh, iad;

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

- (g) duine amháin a ainmneoidh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus nach altra chláráithe ná cnáimhseach chláráithe sa Stát nó i ndlínse eile, agus nárbh ea riamh, é nó í agus—
- (i) faoi réir *fhomhír (ii)*, is cláraí de réir bhrí alt 3 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, nó
- (ii) mura mbeidh aon chláraí den sórt sin ann, duine is comhalta de ghairm ainmnithe de réir bhrí an ailt sin;
- (h) duine amháin a ainmneoidh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus nach altra chláráithe ná cnáimhseach chláráithe sa Stát nó i ndlínse eile, agus nárbh ea riamh, é nó í;
- (i) duine amháin a mbeidh taithí aige nó aici ar sholáthar cúraim sláinte nó cúraim shóisialaigh phearsanta san earnáil shaorálach agus nach altra chláráithe ná cnáimhseach chláráithe sa Stát nó i ndlínse eile, agus nárbh ea riamh, é nó í; agus
- (j) 5 dhuine eile—
- (i) nach altraí cláráithe ná cnáimhseacha cláráithe sa Stát nó i ndlínse eile, agus nárbh ea riamh, iad, agus
- (ii) a mbeidh cibé cáilíochtaí, saineolas, leasanna nó taithí acu, a chumasódh dóibh, i dtuairim an Aire, ar tuairim í ar thángthas uirthi tar éis dó nó di gabháil do cibé comhchomhairliúcháin is cuí leis nó léi, rannchuidiú le comhlíonadh fheidhmeanna an Bhoird.
- (2) Toghfaidh an Bord Uachtarán ar an mBord as líon a chomhaltaí—
- (a) don chéad téarma tar éis thosach feidhme an ailt seo, don téarma a shonróidh an Bord dá dtagraítear i *mír 13(2)* den *Sceideal*, agus
- (b) do gach téarma eile, de réir an *Sceidil*.
- (3) Déanfaidh an Bord Leas-Uachtarán ar an mBord a thoghadh de réir an *Sceidil* as líon a chomhaltaí.
- (4) Féachfaidh an tAire lena chinntiú, a mhéid is indéanta, go mbeidh cóimheá chothromasach idir fir agus mná i gcomhaltas an Bhoird.
- (5) Ní bheidh duine incheaptha mar chomhalta den Bhord, nó de choiste, más rud é—
- (a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa an duine, nó
- (b) go meastar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, an duine a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh.

(6) Aon duine a bhí ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, scoirfidh sé nó sí ar an tosach feidhme sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord mura gceapfar an duine de bhun *fho-alt (1)* chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

(7) D'ainneoin daoine a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí den Bhord de bhun an ailt seo, féadfaidh an Bord, gan dochar *d'alt 6*, aon fheidhm a shanntar dó le haon fhoráil d'Acht 1985 a chomhlíonadh go dtí go n-aisghairfear an fhoráil sin.

23.—(1) Déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin fógra i scríbhinn a thabhairt do chomhaltaí an Bhoird maidir le ham agus áit an chéad chruinnithe den Bhord tar éis na comhaltaí a cheapadh faoi *alt 22*. An chéad chruinniú den Bhord faoin Acht seo.

(2) Tiocfaidh an Bord le chéile ag an am agus san áit a bheidh san fhógra ón bpríomhoifigeach feidhmiúcháin faoi *fho-alt (1)* le haghaidh a chéad chruinnithe tar éis comhaltaí a cheapadh.

24.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* go (18), féadfaidh an Bord coistí de chuid an Bhoird a bhunú chun aon fheidhmeanna a chomhlíonadh a fhéadfaidh, i dtuairim an Bhoird, coiste a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr nó níos caoithiúla agus a shannfaidh an Bord do choiste. Coistí de chuid an Bhoird.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)* bunóidh an Bord—

- (a) coiste, ar a dtabharfar an Coiste Réamhimeachtaí, chun breithniú tosaigh a dhéanamh ar ghearáin, agus
- (b) coiste, ar a dtabharfar an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, chun gearáin a fhiosrú,

chun na feidhmeanna faoi *Chodanna 7, 8* agus *9* a chomhlíonadh a shanntar, faoi seach, do na coistí.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, bunóidh an Bord coiste ar a dtabharfar Coiste na gCnáimhseach chun comhairle a sholáthar don Bhord i ndáil le gach ní a ghabhann le cleachtadh an chnáimhseachais, ar comhairle í a bhreithneoidh an Bord le linn dó feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le cleachtadh an chnáimhseachais, agus beidh 8 gcomhalta ar a laghad ar an gcoiste sin, lena n-áirítear na daoine seo a leanas:

- (a) beirt chnáimhseach chláráithe, ar comhalta den Bhord gach duine acu;
- (b) 6 dhuine eile ar a laghad a cheapfaidh an Bord, lena n-áirítear na daoine seo a leanas:
 - (i) 2 chnáimhseach, lena n-áirítear duine amháin a bhféadfaidh gur cnáimhseach phobail fhéinfhostaithe é nó í;
 - (ii) lia-chleachtóir cláráithe atá cláráithe sa Rannán Speisialtóirí i ndáil le hasaoideolaíocht agus banliacht faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007;
 - (iii) altra chláráithe is comhalta den Bhord;

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

- (iv) beirt, a bhfuil gach duine acu, i dtuairim an Bhoird, ionadaitheach do leas an phobail agus nach altra cláraithe ná cnáimhseach cláraithe sa Stát ná altra ná cnáimhseach i ndlínse eile, agus nárbh ea riamh, aon duine den bheirt.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an Bord coiste a bhunú, ar a dtabharfar an Coiste Oideachais agus Oiliúna, chun cibé feidhmeanna de chuid an Bhoird maidir le hoideachas agus oiliúint a chur ar altraí, cnáimhseacha agus iarrthóirí agus a shannfaidh an Bord don Choiste a chomhlíonadh.

(5) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an Bord coiste a bhunú, ar a dtabharfar an Coiste Sláinte, chun cibé feidhmeanna a chomhlíonadh a shonróidh an Bord mar thaca—

(a) le haltraí cláraithe agus le cnáimhseacha cláraithe faoi mhíchumas liachta iomchuí, agus

(b) le haltraí cláraithe agus le cnáimhseacha cláraithe a mbeidh toilithe faoi *alt 65(1)(d)* tugtha acu.

(6) Faoi réir *fho-alt (3)* agus (7) go (12), féadfaidh daoine nach comhaltaí den Bhord a bheith ar áireamh i gcomhaltas coiste.

(7) Is comhalta den Bhord seachas Uachtarán nó Leas-Uachtarán an Bhoird, tráth an cheaptha, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar gach ceann ar leith den Choiste Réamhimeachtaí agus den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

(8) Ní bheidh aon duine ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste Réamhimeachtaí agus den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh an tráth céanna.

(9) Beidh aon trian ar a laghad de chomhaltaí an Choiste Réamhimeachtaí, lena n-áirítear an cathaoirleach, ina gcomhaltaí den Bhord, tráth an cheaptha, agus is daoine nach bhfuil agus nach raibh riamh ina n-altraí cláraithe ná ina gcnáimhseacha cláraithe sa Stát ná ina n-altraí ná ina gcnáimhseacha i ndlínse eile a bheidh i dtromlach na gcomhaltaí den choiste sin.

(10) Beidh aon trian ar a laghad de chomhaltaí an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, lena n-áirítear an cathaoirleach, ina gcomhaltaí den Bhord, tráth an cheaptha, agus is daoine nach bhfuil agus nach raibh riamh ina n-altraí cláraithe ná ina gcnáimhseacha cláraithe sa Stát ná ina n-altraí ná ina gcnáimhseacha i ndlínse eile a bheidh i dtromlach na gcomhaltaí den choiste sin.

(11) Faoi réir *fho-alt (9)* agus (10)—

(a) beidh altra amháin agus cnáimhseach amháin ar a laghad ar an gCoiste Réamhimeachtaí agus ar an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh araon, agus

(b) is daoine is altraí cláraithe nó cnáimhseacha cláraithe trian ar a laghad de chomhaltas an Choiste Réamhimeachtaí agus an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh araon.

(12) Fónfaidh comhalta de choiste arna bhunú faoin alt seo ar an gcoiste ar cibé téarmaí (lena n-áirítear téarma oifige, cur as oifig agus éirí as oifig) a chinnfidh an Bord.

(13) I gcás go dtiocfaidh deireadh le téarma oifige comhalta amháin nó níos mó de choiste le linn ní a bheith á bhreithniú, lena n-áirítear gearán a bhreithniú faoi *Chuid 7* nó *8*, tabharfaidh an Bord breith—

- (a) go bhféadfaidh an comhalta nó na comhaltaí leanúint in oifig i ndiaidh dhul in éag dá théarma nó dá téarma, nó dá dtéarmaí, a fhad is gá chun go gcríochnóidh an coiste breithniú ar an ní lena mbaineann,
- (b) go leanfaidh an coiste lena mbaineann, mar a bheidh sé comhdhéanta gan an comhalta sin nó na comhaltaí sin, den ní a bhreithniú, nó
- (c) go gcuirfear stop le breithniú an ní agus go dtosóidh coiste a chomhdhéanfar as an nua ar an ní a bhreithniú a luaithe a líonfar an folúntas nó na folúntais a tharlóidh de dheasca éag an téarma nó na dtéarmaí,

agus aon bhreith a thabharfaidh an coiste maidir leis an ní sin tar éis bhreith an Bhoird beidh sí chomh bailí céanna is nach mbeadh aon téarma oifige dultha in éag amhlaidh.

(14) Ar dhul in éag do théarma oifige duine mar chomhalta den Bhord, ar duine é nó í is comhalta de choiste dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)*, *(9)* nó *(10)*, leanfaidh an comhalta sin in oifig mar chomhalta den choiste i ndiaidh dhul in éag don téarma a fhad is gá chun go gcríochnóidh an coiste an breithniú ar ní a bheidh á bhreithniú aige ar dháta an éaga sin, agus an bhreith a thabharfaidh an coiste ar an ní lena mbaineann, beidh sí chomh bailí céanna is nach mbeadh an téarma oifige mar chomhalta den Bhord dultha in éag.

(15) Beidh gníomhartha coiste (ach amháin an Coiste Réamhimeachtaí nó an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh) faoi réir a ndaingnithe ag an mBord mura scaoilfidh an Bord leis an ngá atá ann daingniú den sórt sin a dhéanamh.

(16) Féadfaidh an Bord, faoi réir fhorálacha an Achta seo, nós imeachta coiste a rialáil ach, faoi réir aon rialála den sórt sin, féadfaidh an coiste a nós imeachta féin a rialáil.

(17) Féadfaidh an Bord coiste seachas an Coiste Réamhimeachtaí nó an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a dhíscaoileadh.

(18) Beidh ag na comhaltaí den Choiste Réamhimeachtaí agus den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, le linn na feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh a thugtar dóibh seo a leanas faoi seach—

- (a) na comhaltaí ina gcáil mar chomhaltaí den sórt sin, nó
- (b) an coiste ar comhaltaí de iad,

an chosaint agus an díolúine chéanna atá ag breitheamh den Chúirt atá ag comhlíonadh feidhmeanna breithimh.

(19) I gcás go mbunóidh an Bord fochoiste d'aon choiste arna bhunú faoin alt seo, féadfaidh an fochoiste sin aon cheann d'fheidhmeanna an choiste lena mbaineann a chomhlíonadh amhail is dá mba é an coiste sin é, agus déanfar gach tagairt san Acht seo don choiste sin, mura n-éilfionn an comhthéacs a mhalairt, a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt don fhochoiste sin.

Cd.4

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

Caiteachais
comhaltaí den
Bhord agus de
choistí.

25.—Íocfar le comhalta den Bhord nó d'aon choiste a bhunóidh an Bord, as cistí a bheidh faoina réir ag an mBord, cibé liúntais i leith caiteachais taistil agus chothaithe arna dtabhú maidir leis an gcomhalta d'fhreastal ar chruinniú den Bhord nó den choiste, de réir mar a bheidh, nó ar shlí eile i dtaca le gnóthaí an Bhoird, agus a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Liúntais a íoc.

26.—(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ó am go ham méid liúntais a chinneadh a fhéadfaidh an Bord a íoc leis na daoine seo a leanas—

(a) Uachtarán an Bhoird i leith ról an Uachtaráin mar Uachtarán,

(b) comhalta den Bhord i leith an chomhaltais sin, nó

(c) comhalta de choiste i leith an chomhaltais sin.

(2) Íocfar liúntas dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* as na cistí a bheidh faoina réir ag an mBord.

Comhaltaí den
Bhord a chur as
oifig.

27.—(1) Féadfaidh an tAire tráth ar bith comhalta den Bhord a chur as oifig más rud é, i dtuairim an Aire—

(a) go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach de dheasca breoiteachta ar fheidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh,

(b) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe,

(c) cibé acu tar éis athbhreithniú a dhéanamh faoi *fho-alt (9)* nó ar shlí eile, go gcoisceann iompar an comhalta ar an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar mhodh éifeachtach nó go gcuireann sé bac gan ghá ar an mBord sa chomhlíonadh sin,

(d) gur sháraigh an comhalta foráil infheidhme de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Phoiblí, 1995 agus 2001, nó

(e) le linn feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, nár ghlac an comhalta treoir ó chód iompair arna tharraingt suas faoi alt 10(3) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Phoiblí, 2001 agus a bhaineann leis an gcomhalta.

(2) Scoirfidh comhalta den Bhord d'oifig a shealbhú más rud é, maidir leis an gcomhalta—

(a) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,

(b) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,

(c) go gciontófar i gcion indíotáilte é nó í,

(d) go gciontófar i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht é nó í,

- (e) gurb ábhar d'ordú faoi alt 160 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 é nó í,
- (f) go gcuirfidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi, nó
- (g) go ndéanfaidh údarás inniúil, ar aon chúis (seachas mainneachtain táille a íoc), é nó í a bhaint d'aon chlár arna bhunú chun comhaltaí gairme a chlárú sa Stát nó i ndlínse eile.

(3) Aon chomhalta den Bhord nach bhfreastalóidh, ar feadh tréimhse comhleánúnaí 6 mhí, ar chruinniú den Bhord, scoirfidh sé nó sí ag deireadh na tréimhse sin d'oifig a shealbhú mura léireoidh an comhalta chun sástacht an Aire gur mar gheall ar bhreiteacht a mhainnigh sé nó sí freastal.

(4) I gcás nach gcomhlíonfaidh an Bord aon fheidhm a thugtar dó faoin Acht seo, féadfaidh an tAire, le hordú, a ordú don Bhord an fheidhm sin a chomhlíonadh, agus chun na críche sin, cibé nithe eile a dhéanamh atá foghabhálach nó teagmhasach leis sin agus a shonrófar san ordú.

(5) Faoi réir *fho-alt (7)*, i gcás go mainneoidh an Bord déanamh de réir aon ordachán ón Aire a bheidh in ordú faoi *fho-alt (4)*, féadfaidh an tAire, le hordú, comhaltaí an Bhoird a chur as oifig.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, féadfaidh an tAire, le hordú, comhaltaí uile an Bhoird a chur as oifig más é tuairim an Aire—

- (a) go mainneoidh an Bord córam a bhaint amach ag 3 chruinniú as a chéile,
- (b) nach ndéanfaidh an Bord de réir breithiúnas, ordú nó foraithe ó aon chúirt,
- (c) nach ndéanfaidh an Bord de réir ordachán ón Aire nó aon cheanglas eile a fhorchuirtear air le haon achtachán, nó faoi aon achtachán, lena n-áirítear an tAcht seo, nó
- (d) cibé acu tar éis athbhreithniú a dhéanamh faoi *fho-alt (9)* nó ar shlí eile, gur deimhin leis an Aire go gcoisceann iompar na gcomhaltaí ar an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar mhodh éifeachtach nó go gcuireann sé bac gan ghá ar an mBord sa chomhlíonadh sin.

(7) Gach ordú a dhéanfar faoin alt seo leagfar é faoi bhráid Thithe an Oireachtais a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin agus cuirfear an comhalta nó na comhaltaí lena mbaineann ar ais in oifig ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinne aon duine nó aon daoine a ceapadh chun gach ceann nó aon cheann d'fheidhmeanna an chomhalta nó na gcomhaltaí lena mbaineann a chomhall.

(8) I gcás go mainneoidh an Bord córam a bhaint amach ag 3 chruinniú as a chéile, déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin, láithreach, ar an mainneachtain sin tarlú, fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire maidir leis an mainneachtain sin.

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

(9) Féadfaidh an tAire, más dóigh leis nó léi nach bhfuil feidhmeanna an Bhoird á gcomhlíonadh ar mhodh éifeachtach, duine a cheapadh—

- (a) chun athbheithniú neamhspleách a sheoladh ar aon ní is bun leis an tuairim sin, agus
- (b) chun tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire maidir le torthaí an athbheithnithe.

(10) Chun críocha athbheithniú dá dtagraítear i *bhfo-alt (9)*, tabharfaidh an Bord gach cúnaimh réasúnach don duine a bheidh ag seoladh an athbheithnithe, lena n-áirítear rochtain ar cibé áitreabh, trealamh agus taidid a theastóidh ón duine chun críocha an athbheithnithe.

(11) Ní dhéanfaidh cur as oifig chomhaltaí an Bhoird aon tarmligean ar fheidhmeanna an Bhoird chuig an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin faoi *alt 28* a chúlghairm ná ní dhéanfaidh sé difear thairis sin dó.

(12) Féadfaidh cibé forálacha a bheith in ordú faoi *fho-alt (5)* nó *(6)* is dóigh leis an Aire is gá chun go bhféadfar feidhmeanna an Bhoird a chomhlíonadh d’ainneoin a chomhaltaí a bheith curtha as oifig, agus féadfar le haon ordú den sórt sin, go háirithe, duine nó daoine a cheapadh chun gach ceann nó aon cheann d’fheidhmeanna an Bhoird a chomhall.

(13) San alt seo ciallaíonn “foráil infheidhme de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001”, i ndáil le comhalta den Bhoird, foráil de na hAchtanna sin a bhfuil feidhm aici, de bhua rialachán faoi alt 3 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, maidir leis an gcomhalta sin.

Príomhoifigeach feidhmiúcháin.

28.—(1) Faoi réir *fho-alt (4)(a)*, déanfaidh an Bord duine arna earcú nó arna hearcú de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 a cheapadh chun bheith ina príomhoifigeach feidhmiúcháin nó ina príomhoifigeach feidhmiúcháin—

- (a) chun riarachán an Bhoird agus gnó an Bhoird a sheoladh agus a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne, agus
- (b) chun aon fheidhmeanna eile a tharmligfidh an Bord a chomhlíonadh.

(2) Faoi réir *fho-alt (4)(b)*, beidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin i seilbh oifige ar na coinníollacha (lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le luach saothair, liúntais agus aoisliúntas) a chinnfidh an Bord le ceadú roimh ré ón Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(3) Íocfaidh an Bord leis an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin, as na cistí a bheidh faoina réir, an luach saothair agus na liúntais a chinnfear faoi *fho-alt (2)*.

(4) D’ainneoin aisghairm alt 16 d’Acht 1985 le *halt 4*, maidir leis an duine arbh é nó í an príomhoifigeach feidhmiúcháin, de réir bhrí an Achta sin, díreach roimh an aisghairm sin, measfar gurb é nó í príomhoifigeach feidhmiúcháin an Bhoird—

- (a) amhail is dá ndéanfadh an Bord, ar an aisghairm sin, an duine a cheapadh faoi *fho-alt (1)* chun bheith ina príomhoifigeach feidhmiúcháin nó ina príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an mBord ar feadh an mhéid a bhí fágtha den tréimhse, má ba ann, a bhí fós le dul ag an duine i seilbh oifig an phríomhoifigigh feidhmiúcháin díreach roimh an aisghairm sin, agus
- (b) ar na coinníollacha céanna (lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le ceapachán a fhoirceannadh) ar a raibh an duine i seilbh oifige díreach roimh an aisghairm sin,

agus forléireofar forálacha eile an Achta seo dá réir sin.

(5) Is é nó is í an príomhoifigeach feidhmiúcháin an duine cuntasach i ndáil le cuntais an Bhoird agus aon uair a éileoidh an Coiste de Dháil Éireann i scríbhinn air nó uirthi déanamh amhlaidh, arb é an Coiste é a bheidh bunaithe faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus chun tuarascáil a thabhairt orthu do Dháil Éireann, tabharfaidh sé nó sí fianaise don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a taifeadadh nó a cheanglaítear a thaifeadadh in aon leabhar nó in aon taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear, leis an Acht seo, ar an mBord a ullmhú,
- (b) barainneacht agus éifeachtúlacht an Bhoird i dtaca le húsáid a chuid acmhainní,
- (c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an Bord chun éifeachtacht a oibríochtaí a mheasúnú, agus
- (d) aon ní a fhearann ar an mBord agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*, is tuarascáil a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

(6) Le linn don phríomhoifigeach feidhmiúcháin dualgais an phríomhoifigigh feidhmiúcháin faoi *fho-alt (5)* a chomhlíonadh, ní dhéanfaidh sé nó sí ceist a chur nó tuairim a nochtadh i dtaobh thuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin.

(7) Má bhíonn an príomhoifigeach feidhmiúcháin as láthair nó má bhíonn post an phríomhoifigigh feidhmiúcháin folamh, féadfaidh fostaí de chuid an Bhoird a ainmneoidh an Bord feidhmeanna an phríomhoifigigh feidhmiúcháin faoin alt seo a chomhlíonadh.

29.—(1) Faoi réir *fho-alt (4)(a)*, déanfaidh an Bord cibé daoine agus cibé líon daoine a earcófar de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus is cúf leis an mBord ó am go ham a cheapadh chun bheith ina bhfostaithe de Fostaithe de chuid an Bhoird.

chuid an Bhoird le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(2) Faoi réir *fho-alt (4)(b)*, beidh fostaí de chuid an Bhoird i seilbh oifige nó fostaíochta ar na coinníollacha (lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le luach saothair, liúntais agus aoisliúntas) a chinnfidh an Bord, le ceadú roimh ré ón Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(3) Íocfaidh an Bord le fostaíthe an Bhoird, as na cistí a bheidh faoina réir, an luach saothair agus na liúntais a chinnfear faoi *fho-alt (2)*.

(4) D'ainneoin aisghairm alt 17 d'Acht 1985 le *halt 4*, maidir le haon duine ba oifigeach nó seirbhíseach don Bhord, arna cheapadh nó arna ceapadh faoin alt sin den Acht sin, díreach roimh an aisghairm sin, measfar gur fostaí de chuid an Bhoird é nó í—

(a) amhail is dá ndéanfadh an Bord, ar an aisghairm sin, an duine a cheapadh faoi *fho-alt (1)* chun bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an Bhoird ar feadh an mhéid a bhí fágtha den tréimhse, má ba ann, a bhí fós le dul ag an duine i seilbh oifige mar oifigeach nó seirbhíseach den sórt sin, de réir mar a bheidh, díreach roimh an aisghairm sin, agus

(b) ar na coinníollacha céanna (lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le ceapachán a fhoirceannadh) ar a raibh an duine i seilbh oifige mar oifigeach nó seirbhíseach den sórt sin, de réir mar a bheidh, díreach roimh an aisghairm sin,

agus forléireofar forálacha eile an Achta seo dá réir sin.

Teorainneacha
aoise.

30.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, scoirfidh fostaí de chuid an Bhoird (lena n-áirítear an príomhoifigeach feidhmiúcháin) de bheith ina fhostaí nó ina fostaí—

(a) faoi réir *mhír (b)*, ar 65 bliana d'aois a shlánú,

(b) ar an aois is airde ná sin a shonrófar in ordú faoi *fho-alt (3)* is infheidhme maidir leis an bhfostaí a shlánú.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine is iontrálaí nua (de réir bhrí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004) arna cheapadh nó arna ceapadh an 1 Aibreán 2004 nó dá éis.

(3) Féadfaidh an tAire le hordú aois is airde ná 65 bliana a shocrú ar aois í a scoirfidh fostaí de chuid an Bhoird de bheith ina fhostaí nó ina fostaí ar í a shlánú.

Aoisliúntas.

31.—Beidh feidhm ag an Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980 maidir leis an mBord agus lena chuid fostaíthe (lena n-áirítear an príomhoifigeach feidhmiúcháin) amhail is dá mba údarás áitiúil an Bord agus dá mba fhostaithe de chuid údaráis áitiúil na fostaíthe ach sin faoi réir aon mhodhnuithe (lena n-áirítear modhnuithe a bhaineann le seirbhís is ináirithe mar sheirbhís inphinsin) a chinnfidh an tAire nó an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

32.—(1) I gcás go dtiocfaidh duine is fostaí de chuid an Bhoird (lena n-áirítear an príomhoifigeach feidhmiúcháin) chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas—

Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas ag fostaí de chuid an Bhoird.

(a) beidh an duine ar iasacht ó bheith ina fhostaí nó ina fostaí i gcaitheamh na tréimhse (dá ngairtear an “tréimhse iasachta” san alt seo)—

(i) dar tosach an dáta a thiocfaidh an duine chun bheith i dteideal faoi Bhuan-Orduithe an Tí sin suí sa Teach sin, agus

(ii) dar críoch an dáta—

(I) a scoirfidh an duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Teach sin, nó

(II) a scoirfidh an duine de bheith ina fhostaí nó ina fostaí,

cibé acu is túisce a tharlóidh,

(b) ní íocfaidh an Bord leis an duine, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal a fháil ón mBord, aon luach saothair nó líúntas i leith na tréimhse iasachta, agus

(c) ní bheidh an duine i dteideal an tréimhse iasachta go léir ná aon chuid di a áireamh le haghaidh aon sochair aoisliúntais is infíochta faoin Acht seo.

(2) Duine a bheidh de thuras na huairé i dteideal, faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas, suí sa Teach sin, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh, dícháilithe chun bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an Bhoird.

33.—Beidh feidhm ag *alt 32*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le fostaí de chuid an Bhoird a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa mar atá feidhm ag an alt sin maidir le fostaí a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas.

Comhaltas de Pharlaimint na hEorpa ag fostaí de chuid an Bhoird.

CUID 5

CUNTAIS AGUS AIRGEADAS AN BHOIRD

34.—(1) Déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin, faoi stiúradh an Bhoird, a chur faoi deara go gcoimeádfar, ar bhonn leanúnach, leabhair chuntais chuí ar ioncam agus ar chaiteachas uile an Bhoird, agus ar fhoinsí an ioncaim sin agus ar ábhar an chaiteachais sin, agus ar mhaoín, ar shócmhainní agus ar dhliteanais an Bhoird, agus cuirfidh sé nó sí faoi deara freisin go gcoimeádfar na cuntais speisialta sin go léir a n-ordóidh an tAire nó an Bord, le toiliú an Aire, ina leith, ó am go ham, gur ceart iad a choimeád agus tabharfaidh sé nó sí cuntas don Bhord ina leith.

Cuntais an Bhoird.

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.] 2011.

(2) Maidir leis na leabhair, na taifid agus na cuntais speisialta a choimeádfar faoin alt seo—

(a) coimeádfar iad san fhoirm, agus

(b) is i leith na dtréimhsí cuntasaíochta iad,

a shonróidh an Bord, le toiliú an Aire, nó a shonróidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(3) Déanfar cuntais an Bhoird arna n-ullmhú ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin de bhun *fho-alt (1)* agus arna gceadú ag an mBord a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh a luaithe is indéanta agus tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad.

(4) Déanfaidh an Bord, tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste deimhniú iniúchta a eisiúint i leith chuntais an Bhoird, cóip de chuntais an Bhoird agus de dheimhniú agus de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste orthu a thabhairt don Aire.

(5) Cuirfidh an Bord faoi deara—

(a) tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste deimhniú iniúchta a eisiúint, cuntais an Bhoird agus deimhniú agus tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste orthu a chló, a fhoilsiú ar an modh forordaithe agus a chur ar díol, agus

(b) díreach tar éis gach foilsiú den sórt sin, cóip de na cuntais sin agus den deimhniú agus den tuarascáil sin orthu, arna gcló agus arna bhfoilsiú amhlaidh, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(6) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a thabharfaidh teideal don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na nithe seo a leanas a chur i gceist—

(a) cuspóirí beartais an Bhoird, nó

(b) an gá atá le fiosrúcháin Feidhmiúlachta chun Cleachtadh nó seoladh fiosrúcháin Feidhmiúlachta chun Cleachtadh.

Cumhacht an Bhoird airgead a fháil ar iasacht.

35.—(1) Féadfaidh an Bord, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus faoi réir na gcoinníollacha, más ann, a fhorchuirfidh an tAire, nó de réir na n-ordachán, más ann, a thabharfaidh an tAire, airgead a fháil ar iasacht chun críocha caipitiúla nó críocha reatha.

(2) Féadfar aon airgead a gheobhaidh an Bord ar iasacht de bhun an ailt seo agus aon ús a fhabhróidh air a urrú ar ioncam, cistí nó maoin an Bhoird.

An Bord do ghlacadh bronntanas.

36.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an Bord bronntanais airgid, talún nó maoin eile a ghlacadh ar cibé iontaobhais agus coinníollacha, más ann, a shonróidh an deontóir.

(2) Ní ghlacfaidh an Bord bronntanas má bhíonn na coinníollacha a bheidh curtha ag gabháil lena ghlacadh ag an deontóir ar neamhréir le feidhmeanna an Bhoird.

37.—(1) Déanfaidh an Bord na caiteachais go léir a thabhoídh an Bord a íoc as cistí a bheidh faoina réir ag an mBord. Caiteachais an Bhoird.

(2) Féadfaidh an tAire—

- (a) le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, socrú a dhéanamh chun cúnamh a thabhairt don Bhord, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoi *Chuid 11*, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun na críche sin,
- (b) tar éis dul i gcomhairle leis an mBord agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, socrú a dhéanamh chun cúnamh a thabhairt don Bhord, i gcomhlíonadh feidhmeanna sonraithe de chuid an Bhoird nach dtagann faoi réim *Chuid 11*, as an airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun na críche sin.

(3) Féadfaidh an Bord, ar mhodh a chinnfidh sé, barrachas aon chistí a bheidh faoina réir a leithroinnt—

- (a) ar chúrsaí oideachais,
- (b) ar chúrsaí taighde, nó
- (c) chun críocha poiblí,

a bhaineann le gairmeacha an altranais agus an chnáimhseachais.

38.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an Bord cibé táillí a ghearradh a chinnfidh an Bord, ó am go ham, i leith na nithe seo a leanas— Táillí a fhéadfaidh an Bord a ghearradh.

- (a) duine a chlárú i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach nó i rannán de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach,
- (b) clárú duine a choinneáil ar bhonn bliantúil,
- (c) clárú ainm duine a chur ar ais,
- (d) cáilíochtaí breise atá aitheanta ag an mBord a anótáil i gclárú,
- (e) iontráil d'aon scrúdú nó measúnú a bheidh á sheoladh ag an mBord nó thar ceann an Bhoird,
- (f) deimhniú clárúcháin a thabhairt do dhuine faoi *alt 46(7)*,
- (g) comhlacht a cheadú faoi *alt 85(2)(a)(i)*,
- (h) ceadú comhlachta faoi *alt 85(2)(a)(i)* a choinneáil ar bhonn bliantúil,
- (i) aon seirbhís eile a sholáthróidh an Bord, ó am go ham.

(2) Ní ghearrfaidh an Bord táille as aon ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(g)* nó *(h)* ach amháin le toiliú i scríbhinn ón Aire.

CUID 6

CLÁRÚ AGUS CLEACHTADH

Ní chleachtfaidh altraí agus cnáimhseacha neamhchláraithe an t-altranas, an cnáimhseachas.

39.—(1) Faoi réir *ailt 40* agus *41*, aon duine nach sealbhaíonn clárú reatha i rannán de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach, ní dhéanfaidh sé nó sí—

- (a) an ghairm lena mbaineann an rannán a chleachtadh, nó
- (b) a fhógairt go gcleachtann sé nó sí an ghairm sin.

Toirmeasc freastal ar bhreith linbh.

40.—(1) Ní dhéanfaidh aon duine, ar luaíocht, freastal ar bhean seoil mura rud é, maidir leis an duine—

- (a) gur cnáimhseach chláraithe a chothabhálann árachas slánaíochta clínicíúla leordhóthanach de réir na rialacha é nó í,
- (b) gur lia-chleachtóir cláraithe é nó í,
- (c) gur duine é nó í atá ag dul faoi oiliúint chun bheith ina lia-chleachtóir cláraithe nó ina chcnáimhseach chláraithe nó ina cnáimhseach chláraithe agus go ndéanann sé nó sí an freastal sin mar chuid de chúrsa oiliúna gairmiúla, nó
- (d) gur duine é nó í atá ag fáil taithe agus ag dul faoi oiliúint san asaoideolaíocht agus go ndéanann sé nó sí an freastal sin mar chuid de chúrsa oiliúna gairmiúla.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* i gcás go ndéantar an freastal i gcás riachtanais thobainn nó phráinnigh agus nach bhfuil cnáimhseach chláraithe ná lia-chleachtóir cláraithe ar fáil láithreach.

(3) Beidh duine a sháróidh an t-alt seo ciontach i gcion faoin alt seo agus dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi,
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil—
 - (i) i gcás an chéad chiona, fineáil nach mó ná €65,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi,
 - (ii) i gcás aon chion dá éis sin, fineáil nach mó ná €160,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

41.—(1) Ní sháraíonn duine *alt 39(a)* más rud é nach gcleachtann an duine ach amháin i gcúrsa garchabhair a thabhairt do dhuine. Na himthosca ina gceadaítear cleachtadh.

(2) Ní sháraíonn duine *alt 39(a)* más rud é gur duine an duine atá cáilithe chun an t-altranas nó an cnáimhseachas a chleachtadh in áit lasmuigh den Stát faoi dhlí na háite sin, seachas duine lena mbaineann Rialacháin 2008, is duine atá sa Stát chun críche daonchairdiúla agus ar feadh tréimhse nach faide ná 30 lá agus a bhfuil an t-altranas nó an cnáimhseachas á chleachtadh aige nó aici de réir téarmaí agus coinníollacha ceada arna eisiúint ag an mBord chun na críche sin.

42.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus *(3)*, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord nó de bhun moladh ón mBord, rialacháin a dhéanamh chun aon teideal (lena n-áirítear malairtí den teideal agus aon teaghlaim de litreacha) a ainmniú, chun críocha an Achta seo, lena úsáid ag aon altra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe, nó aicme altraí cláraithe nó cnáimhseach cláraithe, mar a shonrófar sna rialacháin. Teidil ainmnithe.

(2) Ní fheidhmeoidh an tAire an chumhacht faoi *fho-alt (1)* teideal a ainmniú chun críocha an Achta seo mura rud é—

- (a) go mbeidh deis tugtha ag an Aire do dhaoine leasmhara, d'eagraíochtaí leasmhara agus do chomhlachtaí leasmhara eile uirill a dhéanamh chun an Aire i ndáil leis an ainmniú beartaithe,
- (b) faoi réir *fho-alt (3)*, go measfaidh an tAire gur cuí, agus gurbh é leas an phobail é, an teideal a ainmniú amhlaidh, agus
- (c) go bhforálfar leis na rialacháin a dhéanfar i bhfeidhmiú na cumhachta sin, maidir le duine a bhí, díreach roimh thosach feidhme na rialachán, ag úsáid an teidil go dleathach ach a dhéanfadh, ar an tosach feidhme sin, *alt 43(2)* a shárú dá leanfadh an duine den teideal a úsáid, go bhféadfaidh sé nó sí leanúint den teideal a úsáid ar feadh na tréimhse a bheidh sonraithe sna rialacháin (is tréimhse atá réasúnach sna himthosca ach nach giorra, in aon chás, ná 6 mhí) gan an t-alt sin a shárú.

(3) Le linn don Aire breithniú a dhéanamh chun críocha *fho-alt (2)(b)* i dtaobh an cuí agus an é leas an phobail é go ndéanfaí teideal sonrach a ainmniú chun críocha an Achta seo, beidh aird aige nó aici ar na nithe seo a leanas—

- (a) a mhéid atá scóip shainithe cleachtaidh ag aon aicme altraí nó cnáimhseach agus a dhéanann sí cnuasach eolais aitheanta ar leithligh a chur chun feidhme, i dtuairim an Bhoird,
- (b) méid an phriacail atá ann do shláinte, do shábháilteacht nó do leas an phobail ó chleachtadh neamhinniúil, neamheiticiúil nó lagaithe ag aon aicme altraí nó cnáimhseach, agus
- (c) aon toisc eile is dóigh leis an Aire a bheith iomchuí.

Teidil ainmnithe a úsáid.

43.—(1) Ní úsáidfidh duine teideal a bheidh ainmnithe chun críocha an Achta seo de bhun rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 42(1)* mura rud é—

- (a) gur altra chláráithe an duine agus go sonraítear sna rialacháin go bhféadfaidh aon altra chláráithe an teideal a úsáid,
- (b) gur cnáimhseach chláráithe an duine agus go sonraítear sna rialacháin go bhféadfaidh aon chnáimhseach chláráithe an teideal a úsáid, nó
- (c) gur altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe an duine a thagann faoi réim na haicme altraí cláráithe nó cnáimhseach cláráithe a sonraítear sna rialacháin go bhféadfaidh siad an teideal a úsáid.

(2) Faoi réir *alt 42(2)(c)*, ní úsáidfidh duine teideal dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* mura mbeidh sé nó sí i dteideal an teideal a úsáid de bhua an fho-ailt sin.

Cionta agus pionóis.

44.—(1) Beidh duine ciontach i gcion más rud é—

- (a) go sáróidh an duine *alt 39* nó *43*,
- (b) go dtabharfaidh an duine le fios go bréagach gur altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe é nó í, nó
- (c) go dtabharfaidh an duine, is altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe, le fios go bréagach go bhfuil sé nó sí cláráithe i rannán de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach seachas an rannán ina bhfuil an duine cláráithe.

(2) Beidh duine ciontach i gcion má chuireann an duine faoi deara, nó má cheadaíonn sé nó sí, do dhuine eile uiríll a dhéanamh maidir leis an duine céadluaite, ar cion faoi *fho-alt (1)* a bheadh iontu dá ndéanfadh an duine céadluaite iad.

(3) Beidh duine ciontach i gcion má dhéanann an duine, le hintinn mheabhlaireachta, aon uiríoll maidir le duine eile, ar uiríoll é—

- (a) is eol don duine céadluaite a bheith bréagach, agus
- (b) dá mba é nó í an duine eile a rinne é gur chion ag an duine eile faoi *fho-alt (1)* a bheadh ann.

(4) Beidh duine ciontach i gcion má dhéanann an duine, nó má chuireann sé nó sí faoi deara go ndéanfar, aon dearbhú bréagach nó mífhaisnéis a thabhairt d'fhonn clárú a fháil.

(5) Beidh duine ciontach i gcion más rud é go n-úsáidfidh an duine, le hintinn mheabhlaireachta, aon deimhniú arna eisiúint chuige nó chuici nó chuig aon duine eile faoin Acht seo.

(6) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi,

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil—

- (i) i gcás an chéad chiona, fíneáil nach mó ná €65,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi,
- (ii) i gcás aon chion dá éis sin, fíneáil nach mó ná €160,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) Is cosaint in imeachtaí i leith cion faoi *fho-alt (1)(a)* nó (2) don duine a chúiseofar sa chion a chruthú go ndearna an duine gach beart réasúnach chun nach ndéanfaí an cion.

(8) I gcás go gciontófar duine i gcion faoin alt seo, déanfaidh an chúirt, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta agus substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a thabhaigh an tionchúiseamh i ndáil le hionchúiseamh an chiona, a íoc leis an ionchúiseamh.

45.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, ní bheidh altra neamhchláraithe nó cnáimhseach neamhchláraithe i dteideal táillí nó eisíocaíochtaí a ghearradh nó a ghnóthú as seirbhísí gairmiúla arna soláthar aici nó aige i gcúrsa an t-altranas nó an cnáimhseachas a chleachtadh. Táillí a ghnóthú, etc.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)*—

- (a) maidir le seirbhísí gairmiúla arna soláthar ag altra neamhchláraithe nó cnáimhseach neamhchláraithe tráth a bhí an altra nó an chnáimhseach cláraithe, nó
- (b) maidir le seirbhísí gairmiúla arna soláthar ag altra neamhchláraithe nó cnáimhseach neamhchláraithe, a mhéid a soláthraíodh iad in aon cheann de na himthosca a shonraítear in *alt 41*.

46.—(1) Déanfaidh an Bord na cláir seo a leanas a bhunú agus a chothabháil— Cláir.

- (a) clár ar a dtabharfar clár na n-altraí agus na gcnáimhseach, agus
- (b) clár d'iarrthóirí.

(2) Beidh i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach ainmneacha na n-altraí agus na gcnáimhseach a chlárófar, agus na cáilíochtaí atá siad i dteideal a chlárú, faoin Acht seo, agus aon mhionsonraí eile a cheanglaítear leis na rialacha, agus beidh ann na rannáin a shonraítear leis na rialacha, lena n-áirítear—

- (a) rannán na n-altraí, ina n-áireofar ainmneacha na n-altraí sin atá cláraithe sa rannán sin agus cibé sonraí aitheantais eile de chuid na n-altraí sin is cuí leis an mBord, agus
- (b) rannán na gcnáimhseach, ina n-áireofar ainmneacha na gcnáimhseach sin atá cláraithe sa rannán sin agus cibé sonraí aitheantais eile de chuid na gcnáimhseach sin is cuí leis an mBord.

(3) Beidh i gclár na n-iarrthóirí ainmneacha na n-iarrthóirí a chlárófar agus aon mhionsonraí eile a cheanglaítear leis na rialacha, agus beidh ann na rannáin a shonraítear leis na rialacha, lena n-áirítear—

- (a) rannán d'iarrthóirí ar chlárú mar altraí, ina n-áireofar ainmneacha agus mionsonraí iarrthóirí atá ag saothrú na gceanglas agus na gcaighdeán i gcomhair clárú céaduaire i rannán na n-altraí de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach agus cibé sonraí aitheantais eile de chuid na n-iarrthóirí sin is cuí leis an mBord, agus
- (b) rannán d'iarrthóirí ar chlárú mar chnáimhseacha, ina n-áireofar ainmneacha agus mionsonraí iarrthóirí atá ag saothrú na gceanglas agus na gcaighdeán i gcomhair clárú céaduaire i rannán na gcnáimhseach de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach agus cibé sonraí aitheantais eile de chuid na n-iarrthóirí sin is cuí leis an mBord.

(4) Féadfar clár na n-altraí agus na gcnáimhseach agus clár na n-iarrthóirí a bhunú agus a chothabháil i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach.

(5) Aon deimhniú a airbheartóidh a bheith sínithe ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin, nó ag fostaí eile de chuid an Bhoird a bheidh údaraithe ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin chun deimhniú a thabhairt faoin bhfo-alt seo, agus a airbheartóidh a dheimhniú—

- (a) maidir le duine a ainmneofar sa deimhniú, gur dhuine nó nár dhuine a bhí cláraithe i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach nó i rannán áirithe nó i rannáin áirithe den chlár sin, nó i gclár na n-iarrthóirí nó i rannán áirithe den chlár sin, é nó í, nó
- (b) maidir le clárú duine a ainmneofar sa deimhniú—
 - (i) go raibh sé ar fionraí, nó
 - (ii) go raibh sé faoi réir na gcoinníollacha iomchuí a shonrófar sa deimhniú,

lá sonraithe nó laethanta sonraithe nó le linn tréimhse sonraithe go huile, beidh an deimhniú sin, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartóidh an deimhniú a shíniú nó gurbh é nó í an duine sin an príomhoifigeach feidhmiúcháin nó gurbh fhostaí eile de chuid an Bhoird a bhí údaraithe amhlaidh é nó í, de réir mar a bheidh, ina fhianaise ar na nithe a bheidh luaite sa deimhniú, mura gcruthófar a mhalairt.

(6) Aon duine a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach nó i gclár na n-iarrthóirí—

- (a) tabharfaidh sé nó sí don Bhord i cibé foirm agus i gceann cibé eatraimh a shonróidh an Bord, sonraí i dtaobh a fhostóra nó a fhostóra agus an phoist a shealbhaíonn sé nó sí, agus
- (b) dearbhóidh sé nó sí, ar cibé modh agus i gceann cibé eatraimh a shonróidh an Bord, cibé acu atá nó nach bhfuil na ceanglais a shonróidh an Bord comhlíonta aige

nó aici laistigh den tréimhse shonraithe díreach roimhe sin.

(7) Déanfaidh an Bord, a luaithe is indéanta tar éis altra, cnáimhseach nó iarrthóir a bheith cláraithe agus na táillí cuí a bheith íoctha, deimhniú a thabhairt don altra, don chnáimhseach nó don iarrthóir ina luafar—

- (a) ainm na haltra, na cnáimhsí nó an iarrthóra,
- (b) an uimhir chláirúcháin a bheidh ag gabháil le clárú na haltra, na cnáimhsí nó an iarrthóra,
- (c) an rannán nó na rannáin de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach nó de chlár na n-iarrthóirí ar cuireadh an t-ainm isteach ann nó iontu, agus
- (d) cibé sonraí aitheantais eile de chuid na haltra, na cnáimhsí nó an iarrthóra is cuí leis an mBord.

(8) I gcás go mbeidh coinníollacha iomchuí curtha ag gabháil le clárú altra nó cnáimhsí, déanfaidh an Bord na nithe seo a leanas a thairfeadh i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach—

- (a) ráiteas go bhfuil an clárú faoi réir coinníollacha, agus
- (b) sonraí i dtaobh na gcoinníollacha.

(9) Féadfaidh an Bord taifid staidrimh a chothabháil agus na taifid sin a chur ar fáil le haghaidh taighde agus pleanála, lena n-áirítear pleanáil fórsa saothair, de réir critéir a leagfaidh an Bord síos.

47.—(1) Déanfaidh an tAire dáta a shonrú chun bheith ina dháta a bhunófar clár na n-altraí agus na gcnáimhseach agus clár na n-iarrthóirí (“lá bunaithe na gclár”) agus foilseoidh sé nó sí fógra san *Iris Oifigiúil* á rá sin.

Forálacha idirthréimhseacha is infheidhme maidir le cláir.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, maidir le haltra nó cnáimhseach a mbeidh a ainm nó a hainm, díreach roimh lá bunaithe na gclár, tairfeadta i gclár na n-altraí, measfar, an lá sin, é nó í a bheith cláraithe i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach agus maidir le haon choinníollacha a bhí, díreach roimh an lá sin, ag gabháil le clárú aon altra nó cnáimhsí (seachas aon choinníoll a mheasfaidh an Bord a bheith iomarcach ag féachaint don rannán nó do na rannáin ina measfar an altra nó an chnáimhseach a bheith cláraithe) measfar freisin iad a bheith ag gabháil leis an gclárú i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach an lá sin.

(3) Más rud é, díreach roimh lá bunaithe na gclár, nach raibh aon éifeacht go ceann tréimhse shonraithe le clárú altra nó cnáimhsí arna thairfeadh i gclár na n-altraí, ar tréimhse í a rachaidh in éag i ndiaidh lá bunaithe na gclár, ní mheasfar ainm na haltra nó na cnáimhsí a bheith cláraithe go dtí go mbeidh an tréimhse sin dulta in éag.

48.—(1) Féadfaidh altra nó cnáimhseach iarratas, a mbeidh an táille chuí nó na táillí cuí ag gabháil leis, a dhéanamh chun an Bhoird ar chlárú i rannán amháin nó níos mó de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach.

Clárú — ginearálta.

(2) Faoi réir *ailt 49, 51, 52(4)* agus *53*, déanfaidh an Bord, de réir na rialacha, iarratas faoi *fho-alt (1)* a chinneadh, más deimhin leis go gcomhlíonann an duine na critéir iomchuí, tríd an altra nó tríd an gcnáimhseach a chlárú sa rannán nó sna rannáin de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach is dóigh leis an mBord is cuí.

(3) Féadfaidh an Bord clárú duine a anótáil má dhéanann an duine iarratas, má íocann sé nó sí an táille chuí agus má chomhlíonann sé nó sí na coinníollacha chun clárú a anótáil a fhorordaítear leis na rialacha.

Clárú i gclár na n-iarrthóirí.

49.—(1) Déanfaidh an Bord, de réir na rialacha, ainm agus mionsonraí gach iarrthóra a dhéanfaidh iarratas agus a bheidh ag saothrú na gceanglas le haghaidh clárú céaduaire i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach, a chlárú sa rannán cuí de chlár na n-iarrthóirí.

(2) Déanfaidh an Bord ainm duine a bhaint de chlár na n-iarrthóirí má dhámhtar cáilíocht don duine a dtiocfaidh dá chionn clárú i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach, más deimhin leis an mBord gur scoir an duine de bheith cáilithe faoi *fho-alt (1)* chun a ainm nó a hainm a bheith cláraithe i gclár na n-iarrthóirí nó sa rannán iomchuí den chlár sin nó má iarrann an duine i scríbhinn ar an mBord ainm an duine a bhaint de chlár na n-iarrthóirí nó de rannán de chlár na n-iarrthóirí.

Iarratas chun clárú a bhaint, etc.

50.—(1) Féadfaidh altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe iarratas a déanamh chuig an mBord chun go mbainfeadh a chlárú nó a clárú de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach nó de rannán de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, cinnfidh an Bord iarratas faoi *fho-alt (1)* ó altra chláráithe nó ó chnáimhseach chláráithe trí chlárú na haltra nó na cnáimhsí a bhaint de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach nó den rannán, de réir mar a bheidh.

(3) I gcás go bhfaighidh an Bord iarratas faoi *fho-alt (1)* ó altra chláráithe nó ó chnáimhseach chláráithe agus—

(a) maidir leis an altra nó leis an gcnáimhseach—

(i) go bhfuil sé nó sí ina ábhar nó ina hábhar d'iarratas ar fhiosrúchán faoi Chuid V d'Acht 1985 nach mbeidh breithniú déanta air nó nach mbeidh críochnaithe, nó

(ii) go bhfuil sé nó sí ina ábhar nó ina hábhar do ghearán nár cuireadh de lámh nó nár déileáladh leis ar shlí eile faoi *Chuid 7* agus, más infheidhme, faoi *Chodanna 8* agus *9*,

nó

(b) gur ciontaíodh an altra nó an chnáimhseach sa Stát i gcion is intriailte ar díotáil nó gur ciontaíodh é nó í lasmuigh den Stát i gcion arb é atá ann gníomhartha nó neamhghníomhartha arbh éard iad cion ab intriailte ar díotáil dá mba sa Stát a dhéanfaí iad,

ansin ní bhreithneoidh an Bord an t-iarratas go dtí go mbeidh breith tugtha ag an mBord ar cheart nó nár cheart clárú na haltra nó na cnáimhsí a bhaint (lena n-áirítear é a chealú) de bhun foráil eile de chuid an Achta seo.

(4) Féadfaidh altra nó cnáimhseach ar baineadh a chlárú nó a clárú de bhun *fho-alt (2)* iarratas a dhéanamh, de réir na rialacha, a mbeidh an táille chuí ag gabháil leis, chuig an mBord ar chlárú na haltra nó na cnáimhsí a chur ar ais ar chlár na n-altraí agus na gnáimhseach nó sa rannán lena mbaineann den chlár sin.

(5) Cinnfidh an Bord iarratas faoi *fho-alt (4)* ó altra nó ó chnáimhseach tríd an gclárú a chur ar ais ar chlár na n-altraí agus na gnáimhseach nó sa rannán den chlár sin agus féadfaidh sé coinníollacha a fhorchur de réir na rialacha.

(6) Tá feidhm ag *fo-ailt (3)* go *(5) d'alt 52*, fairis na modhnuithe is gá, maidir le cinneadh faoi *fho-alt (2)* nó *(5)* den alt seo.

(7) I gcás gur deimhin leis an mBord trí fhianaise liachta go bhfuil breoiteacht nó riocht de chineál buan nó foirceanta ar altra chláráithe nó ar chnáimhseach chláráithe a dhéanann, de bharr chineál an reachta, é a chur ó chumas na haltra nó na cnáimhsí—

- (a) an t-altranas nó an cnáimhseachas a chleachtadh ar mhodh sábháilte inniúil, agus
- (b) fógra a thabhairt don Bhord maidir le breoiteacht nó riocht, de réir mar a bheidh, na haltra nó na cnáimhsí,

ansin féadfaidh an Bord clárú na haltra nó na cnáimhsí a bhaint den chlár.

51.—(1) Déanfaidh altra nó cnáimhseach a bheidh ag déanamh iarratas ar chlárú, dearbhú san iarratas i dtaobh an bhfuil aon mhíchumas liachta iomchuí ar an altra nó ar an gnáimhseach. Coinníollacha a ghabhann le clárú.

(2) I gcás gur deimhin leis an mBord—

- (a) go bhfuil míchumas liachta iomchuí ar altra nó ar chnáimhseach a bheidh ag déanamh iarratas ar chlárú, agus
- (b) nár chóir, ar mhaithe le sábháilteacht an phobail, clárú a dheonú don altra nó don chnáimhseach ach amháin faoi réir coinníollacha maidir le cleachtadh an altranaís nó an chnáimhseachais, is coinníollacha lena gcuirfear an míchumas sin i gcuntas,

sonróidh an Bord na coinníollacha (dá ngairtear na “coinníollacha beartaithe” san alt seo) is gá, i dtuairim an Bhoird, a chur ag gabháil le clárú na haltra nó na cnáimhsí ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

(3) I gcás go gcomhaontóidh an altra nó an chnáimhseach is ábhar do bhreith faoi *fho-alt (2)* i scríbhinn leis na coinníollacha beartaithe a chur ag gabháil leis an gclárú, déanfaidh an Bord an altra nó an chnáimhseach a chlárú agus, an tráth céanna, *alt 46(8)* a chomhlíonadh i leith na gcoinníollacha.

(4) Aon altra nó cnáimhseach nach raibh míchumas liachta iomchuí air nó uirthi tráth an chláraithe ach a dtiocfaidh míchumas liachta air nó uirthi aon tráth i ndiaidh a chláraithe nó a cláraithe, tabharfaidh sé nó sí fógra don Bhord nuair a thiocfaidh an míchumas liachta chun bheith ina mhíchumas liachta iomchuí sa mhéid go n-aibíonn sé go dtí go bhféadfaidh sé díobháil a dhéanamh dá chumas nó dá cumas an t-altranas nó an cnáimhseachas, nó gné áirithe den altranas nó den chnáimhseachas, a chleachtadh tráth nach déanaí—

- (a) ná 30 lá tar éis don mhíchumas liachta teacht chun bheith ina mhíchumas liachta iomchuí, nó
- (b) i gcás go bhfágann an míchumas liachta iomchuí lena mbaineann gur neamhphraiticiúil don altra nó don chnáimhseach fógra a thabhairt don Bhord laistigh de na 30 lá sin, a luaithe is indéanta sna himthosca.

(5) I gcás gur deimhin leis an mBord, tar éis fógra faoi *fho-alt (4)* a fháil, gur chóir, ar mhaithe le sábháilteacht an phobail, go dtiocfadh clárú na haltra nó na cnáimhsí faoi réir coinníollacha maidir le cleachtadh an altranas nó an chnáimhseachais, de réir mar a bheidh, lena gcuirtear an míchumas liachta iomchuí sin i gcuntas, tabharfaidh an Bord breith gur chóir coinníollacha a chur ag gabháil le clárú na haltra nó na cnáimhsí ar mhaithe le sábháilteacht an phobail, na coinníollacha beartaithe sin a shonrú agus a mholadh go nglacfaidh an altra nó an chnáimhseach leis go gcuirfear na coinníollacha sin ag gabháil lena chlárú nó lena clárú.

(6) I gcás go gcomhaontóidh an altra nó an chnáimhseach is ábhar do bhreith faoi *fho-alt (5)*, i scríbhinn, leis na coinníollacha beartaithe a chur ag gabháil leis an gclárú, cuirfidh an Bord na coinníollacha sin ag gabháil le clárú na haltra nó na cnáimhsí agus comhlíonfaidh sé *alt 46(8)* i leith na gcoinníollacha an tráth céanna.

(7) I gcás go ndiúltóidh an altra nó an chnáimhseach is ábhar do bhreith faoi *fho-alt (5)*, i scríbhinn, comhaontú leis na coinníollacha beartaithe a chur ag gabháil leis an gclárú, nó nach bhfreagróidh sé nó sí laistigh de 30 lá tar éis an bhreith a fháil ón mBord, déanfaidh an Bord gearán faoi *alt 55(1)(d)*.

Clárú a dhiúltú,
etc., agus
achomharc chun na
Cúirte in aghaidh
bhreith an Bhoird.

52.—(1) Ní oibreoidh aon ní in *ailt 48* go *51* chun an Bord a chosc ar dhiúltú duine a chlárú nó ar dhiúltú clárú duine a chur ar ais ar fhorais neamhfheidhmiúlacht an duine chun an t-altranas nó an cnáimhseachas a chleachtadh, lena n-áirítear i gcás gurb é tuairim an Bhoird go bhfuil an duine neamhfheidhmiúil, ar tuairim í atá bunaithe ar fhionnachtain iomchuí ó chomhlacht araíonachta, cúirt nó binse, cibé acu sa Stát nó i ndlínse eile.

(2) I gcás go dtabharfaidh an Bord breith—

- (a) faoi *fho-alt (1)* diúltú duine a chlárú nó diúltú clárú duine a chur ar ais,
- (b) altra nó cnáimhseach a chlárú i rannán de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach seachas an rannán a shonraítear san iarratas faoi *alt 48* ar chlárú, nó
- (c) coinníollacha a chur ag gabháil le clárú altra nó cnáimhsí de bhun *alt 51*,

tabharfaidh an Bord fógra i scríbhinn láithreach don duine faoin mbreith, faoi dháta na breithe agus faoi na cúiseanna atá leis an mbreith.

(3) Féadfaidh duine is ábhar do bhreith dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta a tugadh fógra faoin mbreith don duine de bhun an fho-ailt sin, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte in aghaidh na breithe.

(4) Féadfaidh an Chúirt, ar achomharc faoi *fho-alt (3)* a éisteacht—

(a) ceachtar de na nithe seo a leanas a dhéanamh—

- (i) an bhreith is ábhar don achomharc a dhaingniú, nó
- (ii) an bhreith sin a neamhniú agus cibé breith eile is cuí leis an gcúirt a chur ina hionad, ar féidir gur breith í—
 - (I) go ndéanfar an duine a chlárú, nó clárú an duine a chur ar ais, i cibé rannán de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach is cuí leis an gcúirt sin agus gan aon choinníollacha a bheith ag gabháil leis an gclárú, nó
 - (II) go ndéanfar an duine a chlárú, nó clárú an duine a chur ar ais—
 - (A) i cibé rannán de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach is cuí leis an gcúirt sin, agus
 - (B) go mbeidh cibé coinníollacha ag gabháil leis an gclárú sin is cuí leis an gcúirt,

agus

(b) cibé ordacháin is cuí leis an gcúirt sin a thabhairt don Bhord agus a ordú conas mar a íocfar costais an achomhairc.

(5) Déanfaidh an Bord, ar ordachán arna thabhairt ag an gcúirt faoi *fho-alt (4)* a chomhlíonadh, fógra i scríbhinn a thabhairt don altra nó don chnáimhseach lena mbaineann, á rá go bhfuil an t-ordachán comhlíonta ag an mBord.

53.—(1) D'fhonn clár na n-altraí agus na gcnáimhseach agus clár Na cláir a cheartú. na n-iarrthóirí a choimeád ceart, déanfaidh an Bord ó am go ham de réir riachtanas na hócáide gach dearmad cléireachais sna cláir sin a cheartú, gach taifead iontu a tugadh chun críche trí chalaois nó trí mhífhaisnéis a bhaint díobh, gach athrú a thiocfaidh ar iúl an Bhoird ar sheoltaí nó ar mhionsonraí eile na ndaoine atá cláraithe iontu a thairfeadh sna cláir sin agus clárú na ndaoine cláraithe ar fad ar tugadh fógra don Bhord nó ar tháinig sé ar iúl an Bhoird go bhfuil siad tar éis bháis a bhaint de na cláir.

(2) I gcás go ndéanfaidh an Bord aon ghníomh de bhun *fho-alt (1)* d'fhonn na cláir dá dtagraítear san fho-alt sin a choimeád ceart, déanfaidh an Bord láithreach fógra maidir leis an ngníomh atá déanta agus na cúiseanna atá leis a thabhairt don duine lena mbaineann, nó do neasghaol an duine, de réir mar is cuí.

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

(3) Déanfaidh an Bord cibé bearta a mheasann sé is gá ó am go ham chun a chinntiú go bhfuil na sonraí atá taifeadta sna cláir cruinn.

(4) I gcás go n-athróidh aon sonraí a bheidh taifeadta i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach nó i gclár na n-iarrthóirí i leith altra chláraithe, cnáimhseach chláraithe nó iarrthóra, déanfaidh an altra, an chnáimhseach nó an t-iarrthóir, a luaithe is indéanta ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis don athrú tarlú, fógra i scríbhinn ina sonrúfar an t-athrú a thabhairt don Bhord.

(5) Má bheartaíonn altra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe a bheith as láthair nó má bhí sé nó sí as láthair ón Stát ar feadh tréimhse leanúnach is faide ná 12 mhí, déanfaidh an altra nó an chnáimhseach, a luaithe is indéanta, fógra i scríbhinn a thabhairt don Bhord—

(a) ina thaobh sin, agus

(b) i dtaobh sonraí aon fhostaíochta a mbeartaíonn an altra nó an chnáimhseach dul ina bun, nó a ndeachaigh sé nó sí ina bun, lasmuigh den Stát i gcáil ghairmiúil den tsamhail sin.

(6) Déanfaidh altra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe fógra i scríbhinn a thabhairt don Bhord i dtaobh aon ní ábhartha ar dhóigh dó difear a dhéanamh do leanúnachas chlárú na haltra nó na cnáimhsí tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis don ní sin teacht ar a iúl nó ar a hiúl.

(7) I *bhfo-alt (6)*, folaíonn “ní ábhartha”, i ndáil le haltra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe—

(a) forchur coinníollacha ar aon chlárú nó ceadúnas,

(b) fionraí, tarraingt siar nó baint aon chláraithe nó ceadúnais, nó

(c) diúltú clárú nó ceadúnas a dheonú,

i ndáil le haon chomhlacht rialaitheach sa Stát nó lasmuigh den Stát, agus aon éagumas liachta de chuid na haltra nó na cnáimhsí, agus folaíonn sé aon chiontú de chineál coiriúil cibé acu arna fhorchur sa Stát nó i ndlínse eile.

(8) Is forais leordhóthanacha iad mainneachtain fógra a thabhairt don Bhord mar a cheanglaítear le *fo-alt (6)* chun go ndéanfaidh an Bord gearán chun an Choiste Réamhimeachtaí faoin Acht seo.

Na cláir a fhoilsíú.

54.—(1) Faoi réir *fo-alt (2)*, cinnteoidh an Bord go bhfoilseofar clár na n-altraí agus na gcnáimhseach agus clár na n-iarrthóirí ar an modh forordaithe agus go bhfoilseofar leagan cothrom le dáta de na cláir sin ar a laghad uair sa bhliain.

(2) Maidir le seoltaí cónaithe, uimhreacha teileafóin baile nó seoltaí ríomhphoist daoine a bheidh cláraithe i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach nó i gclár na n-iarrthóirí nó mionsonraí eile dá samhail is ceart a chosaint ó nochtadh, dar leis an mBord, ar mhaithe le slándáil na ndaoine sin, ní gá dó iad a chur ar fáil lena n-íniúchadh ná iad a fhoilsíú.

[2011.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [Uimh. 41.]
2011.

CUID 7

GEARÁIN CHUN AN CHOISTE RÉAMHIMEACHTAÍ MAIDIR LE HALTRAÍ
CLÁRAITHE AGUS CNÁIMHSEACHA CLÁRAITHE

55.—(1) Féadfaidh duine (lena n-áirítear an Bord) gearán a dhéanamh chun an Choiste Réamhimeachtaí maidir le haltraí chláráithe nó cnáimhseach chláráithe ar fhoras amháin nó níos mó díobh seo a leanas—

Gearáin maidir le haltraí cláráithe agus cnáimhseacha cláráithe.

- (a) mí-iompar gairmiúil,
- (b) feidhmíocht ghairmiúil lag,
- (c) cód iompair ghairmiúil a bheith gan chomhlíonadh,
- (d) míchumas liachta iomchuí,
- (e) mainneachtain déanamh de réir coinníoll iomchuí,
- (f) mainneachtain déanamh de réir gealltanais nó aon ghníomh a dhéanamh a bheidh sonraithe i dtoilíú arna thabhairt mar fhreagra ar iarraidh faoi *alt 65(1)*,
- (g) sárú ar fhoráil den Acht seo (lena n-áirítear foráil de chuid aon rialachán nó rialacha a dhéanfar faoin Acht seo),
- (h) neamhrialtacht i ndáil le coimeád, oideasú nó soláthar druga rialaithe faoi na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 agus 1984 nó druga eile ar dóigh go mbainfear mí-úsáid as, nó
- (i) ciontú sa Stát mar gheall ar chion is intrialte ar díotáil nó ciontú lasmuigh den Stát mar gheall ar chion is gníomhartha nó neamhghníomhartha ar chion iad ab intrialte ar díotáil dá ndéanfaí sa Stát iad.

(2) Féadfar gearán a dhéanamh ar fhorais mí-iompar gairmiúil nó feidhmíocht ghairmiúil lag d'ainneoin gur lasmuigh den Stát a tharla an ní lena mbaineann an gearán.

(3) Déanfaidh an Coiste Réamhimeachtaí iarrachtaí réasúnacha chun a chinntiú—

- (a) go gcoimeádfar an gearánach ar an eolas maidir le gach breith a thabharfaidh an Coiste, aon choiste eile, nó an Bord faoin gCuid seo agus, más infheidhme, faoi *Chodanna 8* agus *9*, i ndáil leis an ngearán lena mbaineann,
- (b) go ngníomhóidh an Coiste go dlúsúil, agus
- (c) go bpróiseálfar gearáin ar mhodh tráthuil.

(4) Féadfaidh an Coiste Réamhimeachtaí úsáid a bhaint as seirbhísí duine a cheapfar faoi *alt 56* i ndáil le gearán a imscrúdú.

(5) I gcás go dtiocfaidh gearán faoi réim *fho-alt (1)(i)*, déanfaidh an Coiste Réamhimeachtaí an gearán a tharchur chuig an mBord láithreach.

(6) Déanfaidh an Bord breithniú ar ghearán a tharchuirfear chuige faoi *fho-alt (5)* agus—

(a) más é tuairim an Bhoird—

(i) go bhfágann cineál an chiona is ábhar don ghearán nó na himthosca ina ndearnadh an cion, go bhfuil an altra nó an chnáimhseach neamhfheidhmiúil go buan chun leanúint den altranas nó den chnáimhseachas a chleachtadh, agus

(ii) gurb é leas an phobail é go ndéanfadh sé gníomh faoin mír seo láithreach,

tabharfaidh an Bord breith faoi *alt 69(1)* clárú na haltra nó na cnáimhsí a chealú faoi *alt 69(1)(f)*, agus

(b) in aon chás eile, déanfaidh an Bord an gearán a tharchur ar ais chuig an gCoiste Réamhimeachtaí agus a ordú don Choiste déileáil leis an ngearán amhail is nach ndéanfaí an gearán a tharchur amhlaidh riamh.

(7) Ní fhorléireofar aon ní i *bhfo-alt (6)* mar ní—

(a) a dhéanfaidh dochar do ghinearáltacht *alt 58*, nó

(b) a chuirfidh teorainn le réimse na mbeart a bhféadfaidh an Bord breith a thabhairt iad a dhéanamh faoi *alt 69* i dtaca le haltra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe in aon chás ina ndearna an Bord an gníomh dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)(b)*.

(8) Diúltóidh an Coiste Réamhimeachtaí gearán i leith ní a tharla roimh aisghairm *alt 38* d'Acht 1985 le halt 4 a bhreithniú nó a bhreithniú tuilleadh más rud é go raibh an ní ina ábhar d'iarratas faoi Chuid V d'Acht 1985.

(9) Is nochtadh cosanta faoin Acht Sláinte, 2004 (arna leasú leis an Acht Sláinte, 2007) gearán.

Daoine a
chuideoidh leis an
gCoiste
Réamhimeachtaí.

56.—(1) Maidir leis an mBord—

(a) féadfaidh sé daoine (lena n-áirítear aon fhostaithe de chuid an Bhoird seachas an príomhoifigeach feidhmiúcháin) a cheapadh chun cuidiú leis an gCoiste Réamhimeachtaí, agus

(b) cinnfidh sé coinníollacha ceapacháin daoine a cheapfar amhlaidh.

(2) Faoi réir *fho-alt (4)*, sonróidh cathaoirleach an Choiste Réamhimeachtaí na feidhmeanna a chomhlíonfaidh na daoine a cheapfar faoi *fho-alt (1)*.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, féadfar ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a áireamh sna feidhmeanna a shonrófar faoin bhfo-alt sin:

- (a) daoine a chur faoi agallamh chun ábharthacht nó luach fianaiseach faisnéise nó doiciméad is mian leo a thabhairt don Choiste Réamhimeachtaí a mheasúnú;
- (b) daoine a chur faoi agallamh maidir leis an bhfianaise a bheartaíonn siad a thabhairt don Choiste Réamhimeachtaí;
- (c) na ráitis a dhéanfaidh daoine agus na freagraí a thabharfaidh siad le linn dóibh a bheith faoi agallamh amhlaidh a thaifeadadh, i scríbhinn nó ar shlí eile;
- (d) tuarascáil a thabhairt don Choiste Réamhimeachtaí i dtaobh thorthaí na n-agallamh sin;
- (e) a iarraidh ar dhaoine ráitis i scríbhinn a sholáthar don Choiste Réamhimeachtaí i dtaca le haon ní is iomchuí maidir le feidhmeanna an Choiste agus ráitis a thabharfar mar fhreagra ar na hiarrataí a scrúdú; agus
- (f) aon chomhairle nó cúnaimh eile a sholáthar don Choiste Réamhimeachtaí is gá i ndáil lena thuarascálacha a ullmhú.

(4) Aon duine a cheapfar faoi *fho-alt (1)*—

- (a) ní chuirfidh sé nó sí daoine faoi mhionn ná ní ghlacfaidh sé nó sí dearbhaisc, ach,
- (b) féadfaidh sé nó sí, má údaraíonn an Coiste Réamhimeachtaí dó nó di déanamh amhlaidh, a iarraidh ar dhuine a chuirfear faoi agallamh mar a thuairiscítear i *bhfo-alt (3)* taifead ar ráiteas arna dhéanamh, nó ar fhreagra arna thabhairt, ag an duine le linn an agallaimh, a shíniú.

(5) Aon duine a cheapfar faoi *fho-alt (1)* agus a dhéanfaidh iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b)*, cuirfidh sé nó sí in iúl don duine a bhfuil an iarraidh á déanamh air nó uirthi go bhfuil an chumhacht faoi *alt 64* ag an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh chun ordachán a thabhairt i ndáil leis an ráiteas nó leis an bhfreagra is ábhar don iarraidh.

(6) Déanfaidh an Bord barántas a sholáthar do gach duine a cheapfar faoi *fho-alt (1)*—

- (a) ina sainaitheofar an duine, agus
- (b) ina sonrófar na feidhmeanna a mbeidh údarás ag an duine iad a chomhlíonadh de bhua *fho-alt (2)* agus, más infheidhme, de bhua *fho-alt (4)(b)* agus (5).

(7) I gcás go gcomhlíonfaidh duine a cheapfar faoi *fho-alt (1)* feidhm a shonrófar i mbarántas an duine sin arna sholáthar faoi *fho-alt (6)*, déanfaidh an duine an barántas a thabhairt ar aird lena iniúchadh ar dhuine a gcomhlíontar an feidhm ina leith é sin a iarraidh.

An Coiste
Réamhimeachtaí do
bhreithniú gearán.

57.—(1) Déanfaidh an Coiste Réamhimeachtaí, a luaithe is indéanta tar éis dó gearán a fháil, breithniú i dtaobh an bhfuil dóthain cúise ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil leis an ngearán.

(2) Féadfaidh an Coiste Réamhimeachtaí, d'fhonn breithniú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil dóthain cúise ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil le gearán, cibé nithe is cuí leis a bhaineann leis an altra chláráithe nó leis an gcnáimhseach chláráithe is ábhar don ghearán agus a eascraíonn as a imscrúdú ar an ngearán a chur i gcuntas agus aon tagairtí do ghearán san alt seo (seachas i *bhfo-alt (11)*), agus in *alt 13(2)(h)*, *24(2)*, *50(3)(a)(ii)*, *58 go 63*, *65 go 69* agus *77(2)*, forléireofar iad mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d'aon ní den sórt sin.

(3) I gcás go measann an Coiste Réamhimeachtaí go bhfuil gearán cuí maidir le nósanna imeachta comhlachta eile nó údaráis eile, lena n-áirítear aon scéim a bheidh i bhfeidhm de bhun Chuid 9 den Acht Sláinte, 2004, féadfaidh sé a thuairim gur gearán cuí maidir leis na nósanna imeachta eile sin an gearán a chur in iúl don ghearánach.

(4) Féadfaidh an Coiste Réamhimeachtaí, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt do ghearánach, ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) a cheangal ar an ngearánach aon ní a bheidh sa ghearán a fhíorú trí mhionscríbhinn nó ar shlí eile;
- (b) a iarraidh ar an ngearánach tuilleadh faisnéise maidir leis an ní is ábhar don ghearán a sholáthar don Choiste laistigh de thréimhse réasúnach a shonrófar san fhógra;
- (c) a cheangal gur trí dhearbhu reachtúil a sholáthróidh an gearánach faisnéis a iarrfar faoi *mhír (b)*.

(5) Féadfaidh an Coiste Réamhimeachtaí diúltú gearán a bhreithniú nó a bhreithniú tuilleadh más rud é nach ndéanfaidh an gearánach, gan leithscéal réasúnach, de réir fógra faoi *fho-alt (4)* arna thabhairt don ghearánach.

(6) Tabharfaidh an Coiste Réamhimeachtaí fógra i scríbhinn don altra chláráithe nó don chnámhseach chláráithe is ábhar do ghearán i dtaobh an ghearáin, chineál an ghearáin agus ainm an ghearánaigh.

(7) Féadfaidh an altra chláráithe nó an chnámhseach chláráithe is ábhar do ghearán aon fhaisnéis a gcreideann an altra nó an chnámhseach gur chóir don Choiste nó don Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh í a bhreithniú a sholáthar don Choiste Réamhimeachtaí.

(8) Féadfaidh an Coiste Réamhimeachtaí, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt d'altra chláráithe nó do chnámhseach chláráithe is ábhar do ghearán, a cheangal ar an altra nó ar an gcnámhseach cibé faisnéis maidir leis an ngearán a shonrófar san fhógra a sholáthar don Choiste laistigh de thréimhse réasúnach a shonrófar san fhógra.

(9) Déanfaidh altra chláráithe nó cnámhseach chláráithe de réir fógra faoi *fho-alt (8)* arna thabhairt di nó dó.

(10) Déanfaidh an Coiste Réamhimeachtaí, sula dtiocfaidh sé ar thuairim i dtaobh dóthain cúise a bheith ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil le gearán, nó i dtaobh ar chóir an gearán a tharchur chuig comhlacht eile nó údarás eile, na nithe seo a leanas a bhreithniú—

- (a) aon fhaisnéis arna soláthar faoin alt seo maidir leis an ngearán, agus
- (b) an gearán fánach nó cráiteach nó gan substaint an gearán nó an ndearnadh é de mheon mímhacánta.

(11) I gcás go dtarraingeofar siar gearán le linn don Choiste Réamhimeachtaí é a bhreithniú, féadfaidh an Coiste, le comhaontú an Bhoird—

- (a) breith a thabhairt nach ndéanfar aon ghníomh breise i ndáil leis an ní is ábhar don ghearán, nó
- (b) leanúint ar aghaidh ionann is nár tarraingíodh siar an gearán.

(12) Beidh feidhm ag *fo-ailt (1)(c)*, (2) (a mhéid a bhaineann sé le taifid a thabhairt ar aird) agus (9) *d'alt 64* maidir leis an gCoiste Réamhimeachtaí agus le cathaoirleach an Choiste sin, agus i ndáil leo, mar atá feidhm ag na fo-ailt sin maidir leis an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh agus le cathaoirleach an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, agus i ndáil leo.

58.—(1) Féadfaidh an Bord iarratas *ex parte* a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú chun clárú altra cláraithe nó cnáimhsí cláraithe a fhionraí, cibé acu atá nó nach bhfuil an altra nó an chnáimhseach ina ábhar nó ina hábhar do ghearán, más dóigh leis an mBord gur gá an fhionraí chun an pobal a chosaint go dtí go ndéanfar bearta nó bearta breise faoin gCuid seo agus, más infheidhme, faoi *Chodanna 8* agus *9*.

Más gá clárú a fhionraí láithreach chun an pobal a chosaint.

(2) Éistfeá iarratas faoi *fho-alt (1)* ar shlí eile seachas go poiblí mura rud é gur dóigh leis an gCúirt gur cuí an t-iarratas a éisteacht go poiblí.

(3) Féadfaidh an Chúirt iarratas faoi *fho-alt (1)* a chinneadh—

- (a) trí aon ordú a dhéanamh is cuí léi, lena n-áirítear ordú lena n-ordaítear don Bhord clárú na haltra cláraithe nó na cnáimhsí cláraithe is ábhar don iarratas a fhionraí go ceann na tréimhse a shonrófar san ordú, agus
- (b) trí aon ordachán a thabhairt don Bhord is cuí leis an gCúirt.

(4) Déanfaidh an Bord, ar ordachán ón gCúirt arna thabhairt faoi *fho-alt (3)* a chomhlíonadh, fógra i scríbhinn a thabhairt don altra nó don chnáimhseach lena mbaineann maidir le comhlíonadh an ordacháin ag an mBord.

Gan gníomh breise a dhéanamh, ná gearán a tharchur chuig comhlacht nó údarás eile, etc.

59.—(1) Má tá an Coiste Réamhimeachtaí den tuairim, maidir le gearán—

- (a) nach bhfuil dóthain cúise ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil leis an ngearán,
- (b) gur chóir an gearán a tharchur chuig comhlacht nó údarás eile nó chuig scéim inniúlachta gairmiúla, nó
- (c) gur gearán é a d'fhéadfaí a réiteach trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile de bhun treoirlínte arna ullmhú faoi *alt 60(1)*,

cuirfidh sé an tuairim sin in iúl don Bhord.

(2) Féadfaidh an Bord, tar éis breithniú a dhéanamh ar thuairim dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* maidir le gearán, ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh—

- (a) breith a thabhairt nach ndéanfar aon ghníomh breise i ndáil leis an ngearán;
- (b) a ordú don Choiste Réamhimeachtaí an gearánach a tharchur chuig comhlacht nó údarás eile;
- (c) faisnéis i ndáil leis an ngearán a tharchur de réir comhaontú comhoibrithe arna dhéanamh faoi *alt 15*;
- (d) an gearán a tharchur chuig scéim inniúlachta gairmiúla;
- (e) an gearán a tharchur lena réiteach trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile; nó
- (f) má mheasann sé gur gá déanamh amhlaidh, a ordú go ndéanfar gníomh breise faoi *alt 61*.

(3) Má thugann an Bord breith dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)* nó má dhéanann sé tarchur dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)* nó *(d)*, maidir le gearán, tabharfaidh an Bord fógra i scríbhinn i dtaobh na breithe nó an tarchuir, de réir mar a bheidh—

- (a) don altra chláraithe nó don chnáimhseach chláraithe is ábhar don ngearán, agus
- (b) don ghearánach in aon chás nach é an Bord an gearánach.

Gearáin a réiteach trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile.

60.—(1) Faoi réir *fho-ailt (3)* agus *(6)* agus gan dochar do ghinearáltacht *alt 14*, féadfaidh an Bord treoirlínte a ullmhú chun gearáin a réiteach trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh foráil maidir le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a bheith i dtreoirlínte a ullmhófar faoin bhfo-alt sin:

- (a) cinneadh a bheidh le déanamh i dtaobh an féidir gearán a réiteach trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile nó an ndlíonn sé fiosrúchán a sheoladh;
- (b) na daoine a fhéadfaidh iarracht a dhéanamh idirghabháil a dhéanamh nó an gearán a réiteach ar shlí eile;

- (c) taifeadadh ar an modh ar ar réitíodh an gearán agus ar chomhaontú an ghearánaigh agus na haltra cláraithe nó na cnáimhsí cláraithe ab ábhar don ghearán leis an réiteach;
- (d) na bearta a bheidh le déanamh (lena n-áirítear fógra don ghearánach, don altra chláraithe nó don chnáimhseach chláraithe is ábhar don ghearán agus don Choiste Réamhimeachtaí) mura féidir, i dtuairim an duine a bheidh ag iarraidh déanamh amhlaidh, an gearán a réiteach trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile;
- (e) aon nithe eile a mheasfaidh an Bord is gá nó is cuí chun réiteach an ghearáin trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile a éascú.

(3) Ní ceadmhach aon iarracht a dhéanamh gearán a réiteach trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile gan toiliú an ghearánaigh agus na haltra cláraithe nó na cnáimhsí cláraithe is ábhar don ghearán.

(4) Ní mheasfar gurb ionann toiliú arna thabhairt ag altra chláraithe nó ag cnáimhseach chláraithe is ábhar do ghearán chun críche an ailt seo agus aon líomhain a admháil.

(5) Ní ceadmhach aon fhreagra nó aon ráiteas arna dhéanamh, i gcúrsa iarracht a dhéanamh gearán a réiteach de bhun na dtreoirlínte a ullmhófar faoi *fho-alt (1)*, ag an ngearánach nó ag an altra chláraithe nó ag an gcnáimhseach chláraithe is ábhar don ghearán—

- (a) a chur i bhfios d'aon duine seachas do na daoine atá páirteach san iarracht an gearán a réiteach, ná
- (b) a úsáid in aon imeachtaí araíonachta, sibhialta nó coiriúla.

(6) Ní cuid de réiteach gearáin de bhun treoirlínte arna n-ullmhú faoi *fho-alt (1)* íoc aon chúitimh airgid ag aon pháirtí.

(7) Cinnteoidh an Bord go ndéanfar treoirlínte arna n-ullmhú aige faoi *fho-alt (1)* a fhoilsiú ar an modh forordaithe.

61.—(1) Más rud é—

- (a) go mbeidh an Coiste Réamhimeachtaí den tuairim go bhfuil cás *prima facie* ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil le gearán, nó
- (b) go n-ordóidh an Bord faoi *alt 59(2)(f)* go ndéanfar gníomh breise faoin alt seo i ndáil le gearán,

Gearán a tharchur
chuig an gCoiste
um Fheidhmiúlacht
chun Cleachtadh.

déanfaidh an Coiste Réamhimeachtaí an gearán a tharchur chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

(2) D'fhonn amhras a sheachaint, féadfaidh an Coiste Réamhimeachtaí gearán a tharchur chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh faoin alt seo fiú más rud é, maidir leis an bhforas nó na forais ar ar tháinig sé ar an tuairim cás *prima facie* a bheith ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil leis an ngearán, nach ionann é nó iad agus na forais ar ar bunaíodh an

gearán bunaidh, fad is gur thángthas ar an tuairim ar fhorais a luaitear in *alt 55*.

CUID 8

GEARÁIN A THARCHUIRTEAR CHUIG AN gCOISTE UM FHEIDHMIÚLACHT CHUN CLEACTADH

Dualgas fógra a thabhairt d'altra chláraithe nó do chnámhseach chláraithe agus do ghearánach nó d'fhinnéithe eile maidir le tarchur chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh agus éisteacht aige.

62.—(1) Déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin, a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis gearán a tharchur chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi *alt 61*, fógra i scríbhinn i dtaobh na nithe seo a leanas a thabhairt don altra chláraithe nó don chnámhseach chláraithe is ábhar don ghearán:

- (a) tarchur an ghearáin chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh;
- (b) deis na haltra nó na cnámhsí, nó a ionadaí nó a hionadaí, a bheith i láthair agus an altra nó an chnámhseach a chosaint ag an éisteacht;
- (c) an deis don altra nó don chnámhseach a iarraidh go ndéanfar cuid den éisteacht nó í go léir a sheoladh ar shlí seachas go poiblí más féidir leis an altra nó leis an gcnámhseach cúis réasúnach leordhóthanach a thaispeáint.

(2) Déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin, a luaithe is indéanta tar éis gearán a tharchur chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi *alt 61*, fógra i scríbhinn a thabhairt—

- (a) don altra chláraithe nó don chnámhseach chláraithe is ábhar don ghearán i dtaobh chineál an ní a bheidh ina ábhar don fhiosrúchán, lena n-áirítear sonraí aon fhianaise a bheidh mar thaca leis an ngearán, agus
- (b) d'aon fhinnéithe a gceanglófar orthu fianaise a thabhairt ag fiosrúchán (lena n-áirítear, más cuí, an gearánach) go mbeidh deis ag an bhfinné a iarraidh go seolfar cuid den éisteacht nó í go léir ar shlí seachas go poiblí más féidir leis an bhfinné cúis réasúnach leordhóthanach a thaispeáint.

(3) Tabharfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin fógra i scríbhinn don altra chláraithe nó don chnámhseach chláraithe is ábhar do ghearán a tharchuirtear chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh i dtaobh dháta, am agus áit éisteacht an ghearáin in am trátha chun go n-ullmhóidh an altra nó an chnámhseach le haghaidh na héisteachta.

Seoladh na héisteachta.

63.—(1) Déanfaidh an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, faoi réir *fho-alt (2)* agus *ailt 65* agus *66*, gearán arna tharchur chuige faoi *alt 61* a éisteacht.

(2) I gcás go mbeidh éisteacht gearáin a tarchuireadh chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh á seoladh ag fochoiste den Choiste sin—

- (a) má bhaineann an gearán le haltra chláraithe, is altra chláraithe comhalta amháin ar a laghad den fhochoiste, agus
 - (b) má bhaineann an gearán le cnáimhseach chláraithe, is cnáimhseach chláraithe comhalta amháin ar a laghad den fhochoiste.
- (3) Is go poiblí a thionólfar éisteacht os comhair an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh mura rud é—
- (a) tar éis fógra a fháil faoi *alt 62*, go n-iarrfaidh an altra chláraithe nó an chnáimhseach chláraithe nó finné ar a gceanglófar fianaise a thabhairt ag an bhfiosrúchán, nó a bhféadfadh go nochtfaí nithe pearsanta faoi nó fúithi ag an bhfiosrúchán, ar an gCoiste an éisteacht go léir nó cuid di a thionól ar shlí seachas go poiblí, agus
 - (b) gur deimhin leis an gCoiste gur chuí sna himthosca an éisteacht, nó cuid den éisteacht, a thionól ar shlí seachas go poiblí.
- (4) Le linn gearán a bheith á éisteacht os comhair an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh—
- (a) déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin, nó aon duine eile le cead ón gCoiste, an fhianaise atá mar thaca leis an ngearán a chur faoi bhráid an Choiste,
 - (b) is faoi mhionn a thabharfar teist finnéithe a bheidh ag freastal ar an éisteacht, agus
 - (c) beidh ceart ann finnéithe a chroscheistiú agus fianaise a ghlaoch mar chosaint agus mar fhreagra.
- (5) Féadfaidh aon chomhalta den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh daoine a chur faoi mhionn chun críocha fiosrúcháin.

64.—(1) Chun críocha fiosrúcháin, tá ag an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh na cumhachtaí, na cearta agus na pribhléidí go léir a bhíonn dílsithe don Chúirt nó do bhreitheamh den Chúirt ar ócáid caingne agus a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

Cumhachtaí agus cosaintí maidir le finnéithe agus fianaise.

- (a) tabhairt ar fhinnéithe freastal a dhéanamh,
 - (b) finnéithe a cheistiú faoi mhionn nó ar shlí eile, agus
 - (c) iallach a chur go ndéanfaí taifid a thabhairt ar aird (lena n-áirítear a fhollasú).
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar toghairm a eiseoidh cathaoirleach an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh nó cibé comhalta eile den Choiste sin a bheidh údaraithe aige chun críche an fhiosrúcháin a chur in ionad aon phróis fhoirmiúil, agus beidh sí coibhéseach le haon phróis fhoirmiúil, is ineisithe i gcaingean chun tabhairt ar fhinnéithe freastal a dhéanamh agus chun iallach a chur taifid a thabhairt ar aird.
- (3) Faoi réir aon rialacha a bheidh i bhfeidhm agus an ghá atá le nósanna imeachta cothroma a chomhlíonadh, féadfaidh an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh fianaise a ghlacadh a thabharfar—

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

- (a) ó bhéal os comhair an choiste,
 - (b) le mionnscribhinn, nó
 - (c) mar a cheadaítear ar shlí eile leis na rialacha sin, lena n-áirítear trí nasc físe beo, fístaifeadadh, fuaimthaifeadadh nó aon mhodh tarchurtha eile.
- (4) Beidh teideal ag finné os comhair an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh chun na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna a mbeadh finné os comhair na Cúirte ina dteideal.
- (5) Beidh duine ciontach i gcion más rud é—
- (a) tar éis é nó í a thoghairm go cuí chun freastal os comhair an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh go mainníonn an duine gan leithscéal réasúnach freastal ag an am agus san áit a thaispeántar ar an toghairm,
 - (b) le linn freastal mar fhinné os comhair an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh go ndiúltaíonn an duine—
 - (i) mionn a ghlacadh a cheanglóidh an Coiste air nó uirthi go dlíthiúil a ghlacadh,
 - (ii) aon taifead a thabhairt ar aird a bheidh faoi chumhacht nó faoi rialú an duine agus a gceanglóidh an Coiste ar an duine go dlíthiúil é a thabhairt ar aird, nó
 - (iii) freagra a thabhairt ar aon cheist a gceanglóidh an Coiste ar an duine go dlíthiúil freagra a thabhairt uirthi,
- nó
- (c) go ndéanann an duine, le linn dó nó di freastal os comhair an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, aon ní ar dhíspeagadh cúirte é dá mba chúirt dlí an Coiste agus cumhacht aici pionós a ghearradh mar gheall ar dhíspeagadh.
- (6) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (5)*, dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.
- (7) I gcás go mainníonn duine déanamh de réir toghairm chun freastal os comhair an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh nó go ndiúltaíonn sé nó sí, le linn dó nó di freastal mar fhinné os comhair an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, aon ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)(b)* a dhéanamh, is ní a gceanglóidh an Coiste go dlíthiúil air nó uirthi é a dhéanamh, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas ón mBord—
- (a) a cheangal ar an duine le hordú freastal os comhair an Choiste nó an ní a dhéanamh a dhiúltaigh an duine a dhéanamh, de réir mar a bheidh, agus

- (b) cibé orduithe eatramhacha nó idirbhreitheacha a dhéanamh a mheasann sí is gá chun na críche sin.

(8) Ní choisfidh iarratas ar ordú faoi *fho-alt (7)* ná ordú den sórt sin a dhéanamh imeachtaí a thionscnamh mar gheall ar chion faoi *fho-alt 5(a)* nó *(b)* i ndáil le duine arbh í a mhainneachtain nó a mainneachtain nó arbh é a dhiúltú nó a diúltú bonn an iarratais nó an ordaithe.

(9) I gcás go gceanglóidh an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh taifid liachta othair de chuid aon altra cláraithe nó aon chnáimhsí cláraithe a thabhairt ar aird chun críocha fiosrúcháin a bheidh á sheoladh ag an gCoiste, ní chuirfear na taifid ar fáil don Choiste mura rud é—

- (a) gur thoiligh an t-othar i scríbhinn go gcuirfí na taifid ar fáil amhlaidh, nó
- (b) gur ordaigh an Coiste i scríbhinn don altra nó don chnáimhseach, nó d'aon duine eile a bhfuil na taifid faoina chumhacht nó faoina cumhacht nó faoina rialú, na taifid a chur ar fáil amhlaidh.

65.—(1) Féadfaidh an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, aon tráth tar éis gearán a tharchur chuige, a iarraidh, le comhaontú an Bhoird, ar an altra chláráithe nó ar an gcnáimhseach chláráithe is ábhar don ghearán ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Má thoilfonn altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe le cáineadh nó gníomh leigheasta, etc.

- (a) más cuí, gealltanais a thabhairt nach n-íompróidh sé nó sí é nó í féin arís ar an tslí ab ábhar don ghearán;
- (b) de bhun *alt 87(2)*, a hinniúlachtaí iomchuí nó a inniúlachtaí iomchuí a léiriú chun sástacht an Bhoird;
- (c) cibé bearta a shonróidh an Bord a dhéanamh, a bhféadfadh go mbeidh ar áireamh iontu dul faoi chúrsa oideachais nó oiliúna nó taithí chleachtaidh chliniciúil a fháil chun na críche sainráite arb í a scileanna agus a heolas nó a eolas a uasdátú;
- (d) toiliú dul faoi chóireáil liachta;
- (e) toiliú go ndéanfaidh an Bord í nó é a cháineadh.

(2) I gcás go dtabharfaidh altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe gealltanais nó toiliú is ábhar d'iarraidh faoi *fho-alt (1)* ón gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, measfar an fiosrúchán i dtaobh an ghearáin a bheith críochnaithe.

(3) I gcás go ndiúltóidh altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe gealltanais nó toiliú is ábhar d'iarraidh faoi *fho-alt (1)* ón gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a thabhairt, féadfaidh an Coiste leanúint ar aghaidh ionann is nach ndearnadh an iarraidh.

Má tharraingítear siar gearán le linn é a bheith á bhreithniú ag an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

66.—I gcás go dtarraingítear siar gearán le linn don Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh é a bhreithniú, féadfaidh an Coiste, le comhaontú an Bhoird—

- (a) breith a thabhairt nach ndéanfar aon ghníomh breise i ndáil leis an ní is ábhar don ghearán, nó
- (b) leanúint ar aghaidh ionann is nár tarraingíodh siar an gearán.

Tuarascáil chun an Bhoird ón gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

67.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, ar fhiosrúchán faoi ghearán a thabhairt chun críche, tuarascáil i scríbhinn maidir lena fhionnachtana a chur faoi bhráid an Bhoird.

(2) Sa tuarascáil ón gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

- (a) sonrófar—
 - (i) cineál an ghearáin a raibh an fiosrúchán mar thoradh air,
 - (ii) an fhianaise a tíolacadh don Choiste,
 - (iii) fionnachtana an Choiste i dtaobh aon líomhain a bheith cruthaithe, cibé acu ar na forais ar a ndearnadh an gearán nó ar aon fhorais eile a luaitear in *alt 55*, agus
 - (iv) más ann do ghealltanais nó toiliú faoi *alt 65(1)*, na bearta a bheidh ar áireamh sa ghealltanais nó sa toiliú,

agus
- (b) féadfaidh cibé nithe eile a bhaineann leis an altra chláráithe nó leis an gcnáimhseach chláráithe is ábhar don ghearán agus is cúis leis an gCoiste a bheith sa tuarascáil.

Bearta atá le déanamh ag an mBord.

68.—Déanfaidh an Bord, ar an tuarascáil dá dtagraítear in *alt 67(1)* a fháil ón gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh i ndáil le gearán—

- (a) más ann do ghealltanais nó do thoiliú faoi *alt 65(1)*, na bearta a fhorchur de réir *alt 69(2)*, agus
- (b) in aon chás eile—
 - (i) má chinneann an Coiste nach bhfuil aon líomhain i gcoinne na haltra cláráithe nó na cnáimhsí cláráithe is ábhar don ghearán cruthaithe, an gearán a dhíbhe,
 - (ii) má chinneann an Coiste go bhfuil aon líomhain i gcoinne na haltra cláráithe nó na cnáimhsí cláráithe cruthaithe, breith a thabhairt faoi *alt 69(1)* maidir le smachtbhanna amháin nó níos mó a bheidh le forchur ar an altra nó ar an gcnáimhseach.

[2011.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [Uimh. 41.]
2011.

CUID 9

BEARTA A DHÉANFAR MAIDIR LE HALTRAÍ CLÁRAITHE AGUS
CNÁIMHSEACHA CLÁRAITHE TAR ÉIS TUARASCÁLACHA ÓN GCOISTE UM
FHEIDHMIÚLACHT CHUN CLEACHTADH

69.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)* agus *alt 70*, a luaithe is indéanta tar éis don Bhord an tuarascáil ón gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh dá dtagraítear in *alt 67(1)* a fháil agus a bhreithniú, ar tuarascáil í i ndáil le gearán a bhaineann le haltra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe, tabharfaidh an Bord breith go ndéanfar aon cheann amháin nó níos mó de na smachtbhannaí seo a leanas a fhorchur ar an altra nó ar an gcnáimhseach:

Dualgas an Bhoird breith a thabhairt cad iad na bearta cuí a bheidh le déanamh.

- (a) comhairle nó iomardú, nó cáineadh, i scríbhinn;
- (b) cáineadh i scríbhinn agus fíneáil nach mó ná €2,000;
- (c) coinníollacha a chur ag gabháil le clárú na haltra nó na cnáimhsí, lena n-áirítear srianta ar chleachtadh an altranais nó an chnáimhseachais a bhféadfaidh an altra nó an chnáimhseach a bheith ag gabháil dó;
- (d) clárú na haltra nó na cnáimhsí a aistriú chuig rannán eile;
- (e) clárú na haltra nó na cnáimhsí a fhionraí go ceann tréimhse shonraithe;
- (f) clárú na haltra nó na cnáimhsí a chealú ó chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach nó ó rannán den chlár sin;
- (g) toirmeasc ar iarratas a dhéanamh ar feadh tréimhse sonraithe ar chlárú na haltra nó na cnáimhsí a chur ar ais i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach nó i rannán.

(2) D'fhonn amhras a sheachaint, más tar éis gealltanais nó toiliú faoi *alt 65(1)* a bheith tugtha an tuarascáil dá dtagraítear in *alt 67(1)*, ansin is iad na bearta a bheidh le déanamh i leith na haltra nó na cnáimhsí na bearta sin a bheidh sa tuarascáil.

(3) I gcás gur mian leis an mBord breith a thabhairt faoi *fho-alt (1)(f)* i gcás lena mbaineann *alt 55(6)(a)*, féadfaidh an Bord déanamh amhlaidh d'ainneoin nach bhfuil aon tuarascáil ann ón gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi *alt 67(1)*.

70.—(1) Sonróidh an Bord, ar bhreith a thabhairt faoi *alt 69* smachtbhanna dá dtagraítear in *alt 69(1)(b), (c), (d), (e)* nó *(g)* a fhorchur ar altra chláraithe nó ar chnáimhseach chláraithe—

Forálacha d'fhorlíonadh *alt 69*.

- (a) i gcás smachtbhanna dá dtagraítear in *alt 69(1)(b)*, méid na fíneála a fhorchuirfear ar an altra nó ar an gcnáimhseach,
- (b) i gcás smachtbhanna dá dtagraítear in *alt 69(1)(c)*, na cineálacha coinníollacha a bheidh le cur ag gabháil le clárú na haltra nó na cnáimhsí,
- (c) i gcás smachtbhanna dá dtagraítear in *alt 69(1)(d)*, an rannán de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach a bhfuil clárú na haltra nó na cnáimhsí le haistriú chuige,

(d) i gcás smachtbhanna dá dtagraítear in *alt 69(1)(e)*, tréimhse fionraí chlárú na haltra nó na cnáimhsí,

(e) i gcás smachtbhanna dá dtagraítear in *alt 69(1)(g)*, an tréimhse ar lena linn a thoirmiscfear ar an altra nó ar an gcnáimhseach iarratas a dhéanamh ar chlárú na haltra nó na cnáimhsí a chur ar ais.

(2) Ní thabharfaidh an Bord breith faoi *alt 69* an smachtbhanna dá dtagraítear in *alt 69(1)(f)* a fhorchur ar altra chlárú nó ar chnáimhseach chlárú ar fhorais é nó í a bheith ciontaithe i gcion dá dtagraítear in *alt 55(1)(i)* mura rud é—

(a) i dtuairim an Bhoird, go bhfágann an cineál ciona nó na himthosca ina ndearnadh é go bhfuil an altra nó an chnáimhseach neamhfheidhmiúil chun leanúint de bheith ag cleachtadh an altranais nó an chnáimhseachais, de réir mar a bheidh, nó

(b) go bhfágfadh ciontú i gcion den sórt sin go mbeadh duine neamhinchlárú faoin Acht seo.

Dualgas fógra a thabhairt d'altra chlárú nó do chnáimhseach chlárú maidir le smachtbhanna an Bhoird.

71.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh an Bord, a luaithe is indéanta tar éis breith a thabhairt faoi *alt 69* smachtbhanna a fhorchur ar altra chlárú nó ar chnáimhseach chlárú, fógra i scríbhinn a thabhairt don altra nó don chnáimhseach agus, in aon chás nach é an Bord an gearánach, don ghearánach, i dtaobh na nithe seo a leanas—

(a) cineál an smachtbhanna arb í breith an Bhoird é a fhorchur,

(b) an dáta a tugadh an bhreith, agus

(c) na cúiseanna atá le forchur an smachtbhanna.

(2) I gcás gurb í breith an Bhoird smachtbhanna a fhorchur ar altra chlárú nó ar chnáimhseach chlárú seachas smachtbhanna dá dtagraítear in *alt 69(1)(a)* nó (2), cinnteoidh an Bord go mbeidh cóip d'*alt 73* (agus, más infheidhme *alt 55(6)(a)*, cóip d'*alt 55*) ag gabháil leis an bhfógra faoi *fho-alt (1)*.

Is gá daingniú ón gCúirt sula dtiocfaidh breitheanna áirithe in éifeacht.

72.—Ní bheidh éifeacht le breith faoi *alt 69* smachtbhanna (seachas smachtbhanna dá dtagraítear in *alt 69(1)(a)* nó (2)) a fhorchur ar altra chlárú nó ar chnáimhseach chlárú mura ndaingneoidh an Chúirt an bhreith ar achomharc faoi *alt 73* nó ar iarratas faoi *alt 74*.

Achomharc chun na Cúirte in aghaidh bhreith an Bhoird faoi *alt 69*.

73.—(1) Maidir le haltra chlárú nó cnáimhseach chlárú is ábhar do bhreith faoi *alt 69* smachtbhanna (seachas smachtbhanna dá dtagraítear in *alt 69(1)(a)* nó (2)) a fhorchur, féadfaidh sí nó sé, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don altra nó don chnáimhseach an fógra faoi *alt 71(1)* i dtaobh na breithe a fháil, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte in aghaidh na breithe.

(2) Féadfaidh an Chúirt, ar achomharc faoi *fho-alt (1)* ó altra nó ó chnáimhseach a éisteacht, breithniú a dhéanamh ar aon fhianaise a thugtar ar aird nó argóint a dhéantar, cibé acu a thugtar nó nach

dtugtar an fhianaise ar aird don Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh nó a dhéantar nó nach ndéantar an argóint chun an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

(3) Féadfaidh an Chúirt, ar achomharc ó altra nó ó chnáimhseach faoi *fho-alt (1)* a éisteacht—

(a) ceachtar de na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(i) an bhreith is ábhar don iarratas a dhaingniú, nó

(ii) an bhreith sin a neamhniú agus cibé breith eile is cuí leis an gCúirt a chur ina hionad, ar féidir gur breith í—

(I) smachtbhanna éagsúil a fhorchur ar an altra nó ar an gcnáimhseach, nó

(II) gan aon smachtbhanna a fhorchur ar an altra nó ar an gcnáimhseach,

agus

(b) cibé ordacháin a thabhairt don Bhord is cuí leis an gCúirt agus an tslí a íocfar costais an achomhairc a ordú.

(4) Déanfaidh an Bord, ar ordachán a thabharfaidh an Chúirt faoi *fho-alt (3)* a chomhlíonadh, fógra i scríbhinn a thabhairt don altra nó don chnáimhseach lena mbaineann maidir le comhlíonadh an ordacháin ag an mBord.

74.—(1) I gcás nach ndéanann altra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe achomharc, laistigh den tréimhse a cheadaítear faoi *alt 73(1)*, chun na Cúirte in aghaidh breith faoi *alt 69* smachtbhanna (seachas smachtbhanna dá dtagraítear in *alt 69(1)(a)* nó (2)) a fhorchur ar an altra nó ar an gcnáimhseach, déanfaidh an Bord iarratas, a luaithe is indéanta tar éis an tréimhse sin a bheith caite, chun na Cúirte chun an bhreith a dhaingniú.

Iarratas chun na Cúirte chun breith ón mBord a dhaingniú.

(2) Féadfar iarratas faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh ar bhonn *ex parte*.

(3) Ar iarratas faoi *fho-alt (1)* a éisteacht, daingneoidh an Chúirt an bhreith faoi *alt 69* is ábhar don iarratas mura mbeidh cúis mhaith ag an gCúirt gan déanamh amhlaidh.

75.—(1) Féadfaidh an Chúirt, ar achomharc faoi *alt 73(1)* nó iarratas faoi *alt 74(1)* a éisteacht, fianaise aon duine a bhfuil deastádas aige nó aici i ngairm an altranaís nó an chnáimhseachais, de réir mar a bheidh, a ghlacadh, agus aird a thabhairt ar fhianaise den sórt sin, i dtaobh cad é an ní is mí-iompar gairmiúil, feidhmíocht ghairmiúil lag nó cód iompair ghairmiúil a bheith gan chomhlíonadh i ndáil le cleachtadh na gairme sin.

Fianaise a bhaineann le hachomharc faoi *alt 73(1)* nó le hiarratas faoi *alt 74(1)* chun na Cúirte.

(2) Is breith chríochnaitheach breith na Cúirte ar achomharc faoi *alt 73(1)* nó ar iarratas faoi *alt 74(1)* ach amháin go bhféadfaidh an Bord nó an altra nó an chnáimhseach lena mbaineann an bhreith, le cead ón gCúirt nó ón gCúirt Uachtarach, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí in aghaidh na breithe ar cheist shonraithe dlí.

Dualgas fógra a thabhairt d'altra chláráithe nó do chnáimhseach chláráithe maidir le comhlíonadh breitheanna arna ndaingniú nó arna dtabhairt ag an gCúirt.

76.—(1) Ar bhreith arna daingniú nó arna tabhairt ag an gCúirt faoi *alt 73* nó *74* a chomhlíonadh, ar breith í coinníollacha a chur ag gabháil le clárú altra nó cnáimhsí, déanfaidh an Bord fógra i scríbhinn i dtaobh na gcoinníollacha a thabhairt don altra nó don chnáimhseach a luaithe is indéanta tar éis *alt 46(8)* a chomhlíonadh i leith na gcoinníollacha.

(2) Ar bhreith arna daingniú nó arna tabhairt ag an gCúirt faoi *alt 73* nó *74* a chomhlíonadh, ar breith í chun clárú altra cláráithe nó cnáimhsí cláráithe a aistriú chuig rannán eile de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach, déanfaidh an Bord—

(a) clárú na haltra nó na cnáimhsí a aistriú chuig an rannán lena mbaineann, agus

(b) fógra i scríbhinn a thabhairt don altra nó don chnáimhseach i dtaobh an rannáin chuig ar aistríodh clárú na haltra nó na cnáimhsí a luaithe is indéanta tar éis an t-aistriú sin a dhéanamh.

(3) Déanfaidh an Bord, ar bhreith arna daingniú nó arna tabhairt ag an gCúirt faoi *alt 73* nó *74* a chomhlíonadh, ar breith í chun clárú altra nó cnáimhsí a fhionraí ar feadh tréimhse sonraithe nó a cealú, fógra i scríbhinn a thabhairt don altra nó don chnáimhseach i dtaobh na nithe seo a leanas—

(a) an fhionraí nó an cealú, de réir mar a bheidh, agus

(b) i gcás fionraí, an tréimhse, dar tosach tráth nach luaithe ná 7 lá tar éis dháta na breithe ón gCúirt, ar lena linn a bheidh an clárú ar fionraí.

(4) D'fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo, i gcás go bhfionraítear clárú altra nó cnáimhsí i gcomhlíonadh breith arna daingniú nó arna tabhairt ag an gCúirt faoi *alt 73* nó *74*, ar breith í chun an clárú sin a fhionraí ar feadh tréimhse sonraithe—

(a) faoi réir *mhír (b)*, go mbeidh feidhm ag an Acht seo maidir leis an altra nó leis an gcnáimhseach le linn na tréimhse sin ionann is dá mba altra neamhchláráithe nó cnáimhseach neamhchláráithe an altra nó an chnáimhseach, ach amháin go mbeidh an altra nó an chnáimhseach lena mbaineann fós faoi réir na bhforálacha den Acht seo a bhaineann le feidhmiúlacht chun cleachtadh agus smachtbhannaí le linn na tréimhse fionraí, agus

(b) nach mbeidh feidhm ag *alt 43* maidir leis an altra nó leis an gcnáimhseach le linn na tréimhse sin sa mhéid amháin go n-úsáidfídh an altra nó an chnáimhseach teideal dá dtagraítear san alt sin nár shárú é ar an alt sin mura mbeadh clárú na haltra nó na cnáimhsí ar fionraí.

Clárú a bhaint mar gheall ar mhainneachtain táille a íoc.

77.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, i gcás go mainneoidh altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe táille chúí a íoc a cheanglaítear ar an altra nó ar an gcnáimhseach a íoc d'ainneoin gur cuireadh fógra meabhrúcháin i dtaobh an táille a íoc chuig an altra nó chuig an gcnáimhseach ag seoladh cláráithe na haltra nó na cnáimhsí, féadfaidh an Bord, tráth nach luaithe ná 28 lá tar éis an meabhrúcháin sin a chur, clárú na haltra nó na cnáimhsí a bhaint den chlár.

(2) Ní fheidhmeoidh an Bord a chumhacht faoi *fho-alt (1)* i gcás altra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe—

- (a) is ábhar d'iarratas ar fhiosrúchán faoi Chuid V d'Acht 1985 nach bhfuil breithniú déanta air nó nach bhfuil críochnaithe, nó
- (b) is ábhar do ghearán nár cuireadh de lámh nó nár déileáladh leis ar shlí eile faoi *Chuid 7* agus, más infheidhme, faoi *Chodanna 8* agus *9*.

78.—I gcás gur baineadh clárú altra nó cnáimhsí de bhun *alt 77* amháin, cuirfidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin an clárú sin ar ais más rud é— Clárú a chur ar ais, etc., tar éis táillí áirithe a íoc.

- (a) tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta a tháinig an táille chuí chun bheith dlite, go ndéanann an altra nó an chnáimhseach iarratas chun an Bhoird chun clárú na haltra nó na cnáimhsí a chur ar ais, agus
- (b) go n-íocann an altra nó an chnáimhseach na táillí cuí leis an mBord.

79.—(1) Ní dhéanfaidh an Bord clárú altra nó cnáimhsí a cealaíodh a chur ar ais ach amháin de réir an ailt seo. Clárú a cealaíodh a chur ar ais.

(2) Féadfaidh an Bord aon tráth breith a thabhairt clárú altra nó cnáimhsí ar cealaíodh a chlárú nó a clárú a chur ar ais más rud é—

- (a) gur iarr an altra nó an chnáimhseach ar an mBord an bhreith a thabhairt agus gur íoc sé nó sí an táille chuí a ceanglaíodh air nó uirthi a íoc an tráth a iarradh an clárú a chur ar ais,
- (b) nach dtairmistear ar an altra nó ar an gcnáimhseach faoin gCuid seo iarratas a dhéanamh ar an gclárú a chur ar ais,
- (c) gur tugadh deis don altra nó don chnáimhseach aighneacht ó bhéal nó i scríbhinn a dhéanamh chun an Bhoird,
- (d) go mbeidh breithniú déanta ag an mBord ar aon aighneacht arna déanamh faoi *mhír (c)* agus ar na critéir a shonraítear sna rialacha maidir le clárú a chur ar ais de bhun an ailt seo, agus
- (e) go measann an Bord, tar éis breithniú a dhéanamh ar na fíorais iomchuí go léir, gur cuí an bhreith a thabhairt.

(3) Féadfaidh an Bord, ar bhreith a thabhairt clárú altra nó cnáimhsí a chur ar ais, breith a thabhairt freisin aon choinníollacha is cuí leis an mBord a chur ag gabháil leis an gclárú.

(4) Déanfaidh an Bord, ar bhreith a thabhairt clárú altra nó cnáimhsí a chur ar ais nó coinníollacha a chur ag gabháil le clárú altra nó cnáimhsí a mbeidh a chlárú nó a clárú curtha ar ais amhlaidh, fógra a thabhairt i scríbhinn don altra nó don chnáimhseach go bhfuil an clárú curtha ar ais agus, más infheidhme, go bhfuil na coinníollacha curtha ag gabháil leis, a luaithe is indéanta—

- (a) tar éis an clárú a chur ar ais, nó

- (b) tar éis an clárú a chur ar ais agus *alt 46(8)* a chomhlíonadh i leith na gcoinníollacha,

de réir mar a bheidh.

(5) Déanfaidh an Bord, ar bhreith a thabhairt diúltú clárú altra nó cnáimhsí a chur ar ais, fógra i scríbhinn (agus cóip *d'alt 81* ina theannta) a thabhairt, a luaithe is indéanta tar éis an bhreith a thabhairt, don altra nó don chnáimhseach i dtaobh na nithe seo a leanas—

- (a) an bhreith,
(b) an dáta a tugadh an bhreith, agus
(c) na cúiseanna a bhí leis an mbreith.

Coinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú a bhaint.

80.—(1) Féadfaidh an Bord, aon tráth, breith a thabhairt na coinníollacha go léir, nó aon choinníollacha, lena mbaineann an t-alt seo de bhun *fho-alt (4)*, a bheidh ag gabháil le clárú altra cláraithe nó cnáimhsí cláraithe a bhaint más rud é—

- (a) go mbeidh iarrtha ag an altra nó ag an gcnáimhseach ar an mBord an bhreith a thabhairt,
(b) go mbeidh deis tugtha don altra nó don chnáimhseach aighneacht ó bhéal nó i scríbhinn a chur faoi bhráid an Bhoird,
(c) go mbeidh breithniú déanta ag an mBord ar aon aighneacht arna déanamh faoi *mhír (b)* agus ar aon fhaisnéis iomchuí eile a bheidh tagtha ar a iúl, agus
(d) tar éis breithniú a dhéanamh ar na fíorais iomchuí go léir, gur dóigh leis an mBord gur cuí an bhreith a thabhairt.

(2) Déanfaidh an Bord, ar bhreith a thabhairt aon choinníollacha nó na coinníollacha go léir dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a bhaint, ar coinníollacha iad a bheidh ag gabháil le clárú altra cláraithe nó cnáimhsí cláraithe, fógra i scríbhinn a thabhairt don altra nó don chnáimhseach á rá gur baineadh é nó iad.

(3) Déanfaidh an Bord, ar bhreith a thabhairt diúltú aon choinníoll dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a bhaint, ar coinníoll é a bheidh ag gabháil le clárú altra nó cnáimhsí, fógra i scríbhinn (agus cóip *d'alt 81* ina theannta) a thabhairt, a luaithe is indéanta tar éis an bhreith a thabhairt, don altra nó don chnáimhseach i dtaobh na nithe seo a leanas—

- (a) an bhreith,
(b) an dáta a tugadh an bhreith, agus
(c) na cúiseanna a bhí leis an mbreith.

(4) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon choinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú altra nó cnáimhsí—

- (a) de bhun breith dá dtagraítear in *alt 76(1)*, nó
(b) de bhun *alt 79(3)*.

81.—(1) Maidir le haltra nó cnáimhseach is ábhar do bhreith arna tabhairt ag an mBord—

Achomharc chun na Cúirte in aghaidh bhreith an Bhoird faoi *alt* 79 nó 80.

- (a) faoi *alt* 79 diúltú clárú na haltra nó na cnáimhsí a chur ar ais nó coinníollacha a chur ag gabháil le clárú na haltra nó na cnáimhsí, nó
- (b) faoi *alt* 80 diúltú coinníoll a bhaint is coinníoll lena mbaineann an t-alt sin agus a bheidh ag gabháil le clárú an duine,

féadfaidh sí nó sé, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don altra nó don chnáimhseach fógra faoin mbreith a fháil faoi *alt* 79(5) nó 80(3), de réir mar a bheidh, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte in aghaidh na breithe.

(2) Féadfaidh an Chúirt, ar achomharc faoi *fho-alt* (1) ó altra nó ó chnáimhseach a éisteacht, aon fhianaise a thugtar ar aird nó aon argóint a dhéantar a bhreithniú, cibé acu a thugtar nó nach dtugtar an fhianaise ar aird don Bhord nó a dhéantar nó nach ndéantar an argóint chun an Bhoird.

(3) Féadfaidh an Chúirt, ar achomharc faoi *fho-alt* (1) ó altra nó ó chnáimhseach a éisteacht—

- (a) ceachtar de na nithe seo a leanas a dhéanamh—
 - (i) an bhreith is ábhar don achomharc a dhaingniú, nó
 - (ii) an bhreith sin a neamhniú agus cibé breith eile is cuí leis an gCúirt a chur ina hionad, ar féidir gur breith í—
 - (I) go ndéanfar clárú na haltra nó na cnáimhsí a chur ar ais i cibé rannán de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach is cuí leis an gCúirt agus—
 - (A) gan aon choinníollacha a bheith ag gabháil leis an gclárú, nó
 - (B) go mbeidh cibé coinníollacha ag gabháil leis an gclárú is cuí leis an gCúirt,
 - nó
 - (II) go ndéanfar na coinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú na haltra nó na cnáimhsí a bhaint nó cibé coinníollacha eile is cuí leis an gCúirt a chur in ionad coinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú na haltra nó na cnáimhsí,

agus

- (b) cibé ordacháin is cuí leis an gCúirt a thabhairt don Bhord agus a ordú conas mar a íocfar costais an achomhairc.

(4) Déanfaidh an Bord, ar aon ordachán arna thabhairt ag an gCúirt faoi *fho-alt* (3) a chomhlíonadh, fógra i scríbhinn a thabhairt don altra nó don chnáimhseach lena mbaineann á rá go bhfuil an t-ordachán comhlíonta ag an mBord.

Fógra a thabhairt don Aire, agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus d'fhostóir i dtaobh nithe áirithe a bhaineann le smachtbhannaí.

82.—(1) Déanfaidh an Bord fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a luaithe is indéanta tar éis an trátha a thiofadh aon bheart de na bearta seo a leanas in éifeacht faoin gCuid seo:

- (a) clárú altra nó cnáimhsí a chealú;
- (b) clárú altra nó cnáimhsí a chur ar ais;
- (c) clárú altra nó cnáimhsí a bhaint;
- (d) clárú altra nó cnáimhsí a fhionraí;
- (e) an tréimhse a mbeidh clárú altra nó cnáimhsí ar fionraí lena linn a fhoirceannadh;
- (f) clárú altra nó cnáimhsí a aistriú chuig rannán eile de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach;
- (g) coinníollacha a chur ag gabháil le clárú altra nó cnáimhsí;
- (h) coinníollacha a bheidh curtha ag gabháil, faoin gCuid seo, le clárú altra nó cnáimhsí a bhaint;
- (i) a thoirmeasc ar altra nó ar chnáimhseach iarratas a dhéanamh go ceann tréimhse shonraithe ar chlárú na haltra nó na cnáimhsí a chur ar ais;
- (j) altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe a cháineadh agus fíneáil a chur air nó uirthi;
- (k) altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe a cháineadh.

(2) I gcás go dtiofadh sé ar aird an Bhoird go ndearnadh, faoi dhlí stáit seachas an Stát, beart a fhreagraíonn do bheart dá dtagraítear in aon cheann de *mhíreanna (a)* go *(k)* d'fho-alt (1) i ndáil le haltra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe, déanfaidh an Bord, a luaithe is indéanta, fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i dtaobh an bhirt.

(3) Tabharfaidh an Bord fógra i scríbhinn d'fhostóir (seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte) más rud é—

- (a) go dtiofadh sé ar aird an Bhoird go ndearnadh aon bheart dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(2)* i ndáil le haltra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe a bheidh fostaithe ag an bhfostóir, agus
- (b) go mbeidh ainm an fhostóra ar eolas ag an mBord.

(4) Más rud é—

- (a) go dtiofadh sé ar aird an Bhoird go ndearnadh aon bheart dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(2)* i ndáil le haltra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe, agus
- (b) go mbeidh cúis ag an mBord lena chreidiúint—
 - (i) go bhfuil an altra nó an chnáimhseach cláráithe i ndlínse eile, agus

- (ii) go bhféadfaidh sé nár tháinig na bearta sin ar aird an chomhlachta a bheidh údaraithe go cuí chun feidhmeanna a chomhlíonadh sa dlínse sin a fhreagraíonn d'fheidhmeanna an Bhoird,

tabharfaidh an Bord fógra i scríbhinn don chomhlacht sin i dtaobh na mbeart sin.

83.—Déanfaidh an Bord, más deimhin leis gur ar mhaithe le leas an phobail déanamh amhlaidh—

Faisnéis a
fhéadfaidh an Bord
a fhoilsiú ar
mhaithe le leas an
phobail.

(a) é a chur in iúl don phobal—

(i) aon uair a thiocfaidh aon bheart dá dtagraítear in *alt 82(1)* in éifeacht faoin gCuid seo i leith altra nó cnáimhsí, nó

(ii) aon uair a thiocfaidh aon bheart dá dtagraítear in *alt 82(2)* i leith altra nó cnáimhsí ar iúl an Bhoird,

agus

(b) tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, scríbhinn a fhoilsiú d'imeachtaí uile, nó d'aon chuid d'imeachtaí, an Choiste ag fiosrúchán, cibé acu i dteannta nó d'éagmais aon fhaisnéis trína bhféadfaí gach páirtí, nó aon pháirtí amháin nó níos mó de na páirtithe, sna himeachtaí a shainaitheint.

CUID 10

OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

84.—(1) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, de réir alt 7(4)(b) den Acht Sláinte, 2004, a mhéid is indéanta, oideachas agus oiliúint iarrthóirí a éascú.

Dualgais
Fheidhmeannacht
na Seirbhíse Sláinte
i ndáil le
hoideachas agus
oiliúint altraí agus
cnáimhseach.

(2) Beidh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, maidir le sainoideachas altránais agus cnáimhseachais agus sainoiliúint altránais agus chnáimhseachais, na freagrachtaí seo a leanas:

(a) forbairt sainoideachais agus sainoiliúna altránais agus cnáimhseachais a chur chun cinn agus an fhorbairt sin a chomhordú i gcomhar leis an mBord, agus leis na comhlachtaí oiliúna altránais agus cnáimhseachais arna gceadú ag an mBord;

(b) i gcomhar leis na comhlachtaí oiliúna altránais agus cnáimhseachais agus tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, pleanáil chuí maidir le fórsa saothair altránais agus cnáimhseachais a ghabháil de lámh d'fhonn freastal ar riachtanais sainfhoirne agus sainoiliúna altránais agus cnáimhseachais na seirbhíse sláinte poiblí ar bhonn leanúnach; agus

(c) comhairle a thabhairt don Aire, tar éis dul i gcomhairle leis na comhlachtaí oiliúna altránais agus cnáimhseachais agus leis an Údarás agus le cibé comhlachtaí eile is cuí le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, maidir le

hoideachas altranais agus cnáimhseachais agus oiliúint altranais agus chnáimhseachais agus maidir le gach ní eile, lena n-áirítear cúrsaí airgeadais, a bhaineann le forbairt agus comhordú sainoideachais agus sainoiliúna altranais agus cnáimhseachais.

(3) Féadfaidh an tAire, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a cheangal ar an bhFeidhmeannacht cibé faisnéis a sholáthar i ndáil le comhlíonadh feidhmeanna na Feidhmeannachta faoin Acht seo a shonrófar san fhógra agus sin laistigh den tréimhse a shonrófar san fhógra (is tréimhse a bheidh réasúnach sna himthosca).

(4) Comhlíonfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte fógra arna thabhairt di faoi *fho-alt* (3) ach amháin a mhéid a thoirmisctear uirthi déanamh amhlaidh le foráil eile den Acht seo.

(5) Maidir le sainoideachas altranais agus cnáimhseachais agus sainoiliúint altranais agus chnáimhseachais, measfar, chun críocha ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte, 2004, gur seirbhís sláinte agus seirbhís shóisialta phearsanta é nó í de réir bhrí alt 2 den Acht sin.

(6) Comhlíonfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cibé feidhmeanna, seachas feidhmeanna a shanntar di leis an Acht seo, a shannfaidh an tAire di ó am go ham, tar éis dul i gcomhairle léi i ndáil le hoideachas altranais agus cnáimhseachais agus oiliúint altranais agus chnáimhseachais.

Dualgais an Bhoird i ndáil le hoideachas agus oiliúint altráí agus cnáimhseach.

85.—(1) Déanfaidh an Bord—

(a) na caighdeáin oideachais agus oiliúna altranais agus cnáimhseachais le haghaidh clárú céaduaire agus le haghaidh saincháilíochtaí altranais agus cnáimhseachais iarchláráithe a leagan síos agus a fhoilsiú ar an modh forordaithe, agus

(b) faireachán a dhéanamh i dtaobh an bhfuiltear ag cloí leis na caighdeáin dá dtagraítear i *mír* (a).

(2) Déanfaidh an Bord, i ndáil le cláir oideachais agus oiliúna altranais agus cnáimhseachais roimh chlárú céaduaire, cláir oideachais agus oiliúna altranais agus cnáimhseachais iarchláráithe as a leanfaidh clárú nó anótáil agus cláir sainoideachais agus sainoiliúna altranais agus cnáimhseachais—

(a) tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, agus de réir na gcritéar iomchuí a shonrófar sna rialacha—

(i) cláir den sórt sin, agus comhlachtaí a fhéadfaidh cláir den sórt sin a sheachadadh, a cheadú, iad a cheadú faoi réir coinníollacha a bheidh ag gabháil lena gceadú, coinníollacha a bheidh ag gabháil lena gceadú a leasú nó a bhaint, nó a gceadú a tharraingt siar, nó

(ii) diúltú comhlacht a cheadú mar chomhlacht a fhéadfaidh cláir den sórt sin a sheachadadh,

- (b) treoirlínte ar shaincheisteanna a bhaineann le curaclam agus ar an ábhar a bheidh le háireamh i gcláir a cheadófar faoi *mhír (a)* a ullmhú,
- (c) caighdeáin a leagan síos agus a fhoilsiú ar an modh forordaithe, ar caighdeáin iad is gá le haghaidh clárú in aon rannán, le haghaidh anótáil agus le haghaidh saincháilíochtaí altranais agus cnáimhseachais de bhun cláir arna gceadú faoi *mhír (a)*,
- (d) faireachán a dhéanamh i dtaobh an bhfuiltear ag cloí leis na critéir dá dtagraítear i *mír (a)*, leis na treoirlínte dá dtagraítear i *mír (b)* agus leis na caighdeáin dá dtagraítear i *mír (c)*,
- (e) comhlachtaí a cheadófar faoi *mhír (a)* a iniúchadh chun a chinntiú go ndéanfar na critéir dá dtagraítear sa mhír sin, na treoirlínte dá dtagraítear i *mír (b)* agus na caighdeáin dá dtagraítear i *mír (c)* a chomhlíonadh go leanúnach,
- (f) áiteanna sa Stát ina soláthraítear oiliúint do dhaoine atá ag dul faoi oiliúint le haghaidh cáilíocht altranais nó cnáimhseachais a iniúchadh, ar a laghad gach 5 bliana, chun faireachán a dhéanamh i dtaobh an bhfuiltear ag cloí le caighdeáin oideachais agus oiliúna altranais agus cnáimhseachais,
- (g) tar éis iniúchtaí faoi *mhír (f)*, moltaí a eisiúint chuig bainistíocht aon áite dá dtagraítear sa mhír sin i dtaobh aon fheabhsuithe ar chaighdeáin oideachais agus oiliúna altranais nó cnáimhseachais a bheidh ag teastáil nó aon saincheisteanna eile a eascróidh as na hiniúchtaí sin,
- (h) mionsonraí na n-iniúchtaí go léir a dhéanfar faoin bhfo-alt seo a fhoilsiú ar an modh forordaithe,
- (i) treoirlínte do chomhlachtaí a cheadófar faoi *mhír (a)* ar chaighdeáin eiticiúla agus ar iompar eiticiúil is iomchuí d'altraí, do chnáimhseacha agus d'iarrthóirí a ullmhú agus a fhoilsiú ar an modh forordaithe, agus
- (j) comhairle a thabhairt don Aire agus don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le haon saincheisteanna a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird faoin bhfo-alt seo.

(3) I gcás go mbearthaíonn an Bord ceadú comhlachta a tharraingt siar faoi *fho-alt 2(a)(i)*, tabharfaidh an Bord fógra don chomhlacht lena mbaineann go bhfuil ar intinn aige déanamh amhlaidh, agus tabharfaidh sé deis dó uirill a dhéanamh chun an Bhoird. Cuirfidh an Bord aon uirill den sórt sin i gcuntas sula dtabharfaidh sé a bhreith.

(4) I gcás go dtabharfaidh an Bord breith faoi *fho-alt 2(a)*, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn (agus cóip *d'alt 86* ina theannta), a luaithe is indéanta tar éis an bhreith a thabhairt don chomhlacht is ábhar don bhreith—

- (a) faoin mbreith,
- (b) faoin dáta a tugadh an bhreith, agus
- (c) faoi na cúiseanna a bhí leis an mbreith.

(5) D'ainneoin aisghairm alt 34 d'Acht 1985 le *halt 4*, maidir le comhlacht a bhí, díreach roimh an aisghairm sin, ceadaithe chun clár oideachais agus oiliúna altranais nó cnáimhseachais a sheachadadh, measfar gur comhlacht é atá ceadaithe chun críocha an Achta seo mura gcinneadh an Bord a mhalairt.

(6) Féadfaidh an Bord céim, dioplóma nó cáilíocht eile a dhámhtar i dtríú tír a aithint mar cháilíocht atá comhionann ar a laghad le cáilíocht a dhámhtar tar éis clár oideachais agus oiliúna altranais nó cnáimhseachais roimh chlárú céaduaire a chríochnú go sásúil.

(7) Déanfaidh an Bord treoirínte a ullmhú agus a fhoilsiú ar an modh forordaithe maidir le cúinsí eitice a chuirfear i gcuntas i leith aon mhaoiniú nach ón Státhiste a ghlacadh nó eile, ar maoiniú é a thairgfear nó a sholáthrófar i ndáil le hoideachas altranais nó cnáimhseachais agus oiliúint altranais nó chnáimhseachais le haghaidh clárú céaduaire, i ndáil le hoideachas altranais nó cnáimhseachais agus oiliúint altranais nó chnáimhseachais iarchláráithe as a leanfaidh clárú nó anótáil agus i ndáil le hoideachas altranais nó cnáimhseachais agus oiliúint altranais nó chnáimhseachais le haghaidh saincháilíochtaí altranais nó cnáimhseachais.

(8) Déanfaidh an Bord, i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le cibé comhlachtaí cuí eile is oiriúnach leis an mBord, faisnéis ghairme maidir leis an altranais agus leis an gcnáimhseachas, lena n-áirítear faisnéis maidir le hoideachas agus oiliúint, a chur ar fáil.

Achomharc chun na Cúirte in aghaidh breith ón mBord faoi *alt 85(2)(a)*.

86.—(1) Féadfaidh comhlacht is ábhar do bhreith arna tabhairt ag an mBord faoi *alt 85(2)(a)*, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don chomhlacht fógra a fháil faoin mbreith faoi *alt 85(4)*, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte in aghaidh na breithe.

(2) Féadfaidh an Chúirt, ar achomharc ag comhlacht faoi *fho-alt (1)* a éisteacht, aon fhianaise a thabharfar ar aird nó aon argóint a dhéanfar a bhreithniú, cibé acu a tugadh ar aird don Bhord í nó a rinneadh chuig an mBord í.

(3) Féadfaidh an Chúirt, ar achomharc ag comhlacht faoi *fho-alt (1)* a éisteacht—

(a) ceachtar de na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(i) an bhreith is ábhar don achomharc a dhaingniú, nó

(ii) an bhreith sin a neamhniú agus cibé breith eile is cuí leis an gCúirt a chur ina hionad,

agus

(b) cibé ordachán is cuí leis an gCúirt a thabhairt don Bhord agus a ordú conas mar a íocfar costais an achomhairc.

(4) Déanfaidh an Bord, ar aon ordachán arna thabhairt ag an gCúirt faoi *fho-alt (3)* a chomhlíonadh, fógra i scríbhinn a thabhairt don chomhlacht lena mbaineann á rá go bhfuil an t-ordachán comhlíonta ag an mBord.

[2011.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [Uimh. 41.]
2011.

CUID 11

INNIÚLACHT GHAIRMIÚIL A CHOThABHÁIL.

87.—(1) Déanfaidh altra chláráithe agus cnáimhseach chláráithe inniúlacht ghairmiúil a chothabháil ar bhonn leanúnach.

Dualgas altraí
cláráithe agus
cnáimhseach
cláráithe inniúlacht
ghairmiúil a
chothabháil.

(2) Déanfaidh altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe, aon uair a cheanglóidh an Bord air nó uirthi déanamh amhlaidh, inniúlacht a léiriú chun sástacht an Bhoird de réir aon cheanglas ón mBord faoi *alt 88(1)*.

(3) Comhoibreoidh altra chláráithe agus cnáimhseach chláráithe le haon cheanglais a fhorchuirfear ar an altra nó ar an gcnáimhseach leis na rialacha.

(4) Féadfaidh an Bord, le fógra i scríbhinn arna thabhairt d'altra chláráithe nó do chnáimhseach chláráithe a bhfuil gealltanais tugtha aici nó aige de bhun *alt 65(1)*, a cheangal ar an altra nó ar an gcnáimhseach comhoibriú le gealltanais den sórt sin chun sástacht an Bhoird.

(5) Comhlíonfaidh altra nó cnáimhseach fógra faoi *fho-alt (4)* arna thabhairt dó nó di.

88.—(1) Féadfaidh an Bord a cheangal ar altra chláráithe nó ar chnáimhseach chláráithe inniúlacht a léiriú chun sástacht an Bhoird de réir scéim inniúlachta gairmiúla is infheidhme maidir leis an altra sin nó leis an gcnáimhseach sin nó ar shlí eile.

Dualgas altraí
cláráithe agus
cnáimhseach
cláráithe inniúlacht
ghairmiúil a léiriú
chun sástacht an
Bhoird.

(2) Féadfaidh an Bord a cheangal ar altra chláráithe nó ar chnáimhseach chláráithe a mhainneoidh inniúlacht a léiriú chun sástacht an Bhoird freastal ar chúrsa nó ar chúrsaí breisoideachais nó breisoiliúna nó aon ní a dhéanamh is gá, i dtuairim an Bhoird, chun a dheimhniú don Bhord go bhfuil an altra sin nó an chnáimhseach sin inniúil.

(3) I gcás go measann an Bord maidir le haltra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe—

(a) a gceanglaítear air nó uirthi faoi *alt 87(3)* comhoibriú le haon cheanglais a fhorchuirtear ar an altra nó ar an gcnáimhseach sin leis na rialacha, gur dhiúltaigh sé nó sí comhoibriú amhlaidh, gur mhainnigh sé nó sí comhoibriú amhlaidh nó gur scoir sé nó sí de chomhoibriú amhlaidh,

(b) gur sháraigh sé nó sí *alt 87(5)*,

(c) go bhféadfadh sé nó sí an pobal a chur i mbaol díobhála láithreach, nó

(d) go bhféadfadh go ndearna sé nó sí sárú tromchúiseach ar a threoir i dtaobh caighdeáin eiticiúla agus iompar eiticiúil,

ansin déanfaidh an Bord gearán láithreach leis an gCoiste Réamhimeachtaí.

Dualgas an Bhoird i ndáil le hinniúlacht ghairmiúil altraí cláraithe agus cnáimhseach cláraithe a chothabháil.

89.—(1) Déanfaidh an Bord, tráth nach déanaí ná cothrom bliana dháta thosach feidhme an ailt seo, nó cibé tréimhse is faide ná sin a cheadóidh an tAire i scríbhinn ar iarraidh ón mBord, scéim amháin nó níos mó a fhorbairt, a bhunú agus a oibriú chun faireachán a dhéanamh ar chothabháil inniúlachta gairmiúla ag altraí cláraithe agus ag cnáimhseacha cláraithe.

(2) Ní bhunófar ná ní oibreofar scéim faoin alt seo go dtí go mbeidh togra lena haghaidh ceadaithe ag an Aire agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(3) Maidir le scéim inniúlachta gairmiúla—

- (a) déanfaidh an Bord oibriú na scéime a athbhreithniú go tréimhsiúil, agus
- (b) féadfaidh an Bord, i ndiaidh athbhreithniú den sórt sin, moltaí a chur faoi bhráid an Aire maidir leis na bearta a bhféadfadh sé gur gá, i dtuairim an Bhoird, iad a dhéanamh chun oibriú na scéime a fheabhsú.

Dualgas fostóirí i ndáil le hinniúlacht ghairmiúil altraí cláraithe agus cnáimhseach cláraithe a chothabháil.

90.—(1) Éascóidh fostóir altra cláraithe nó cnáimhsí cláraithe cothabháil a inniúlachta gairmiúla nó a hinniúlachta gairmiúla ag an altra sin nó ag an gcnáimhseach sin de bhun scéim inniúlachta gairmiúla is infheidhme maidir leis an altra nó leis an gcnáimhseach lena mbaineann.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an fostóir cothabháil inniúlachta gairmiúla ag altra chláráithe nó ag cnáimhseach chláráithe arna fostú ag an bhfostóir a éascú trí dheiseanna foghlama don altra sin nó don chnáimhseach sin a sholáthar san ionad oibre.

Rúndacht.

91.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus (4), agus aon chomhaontú arna dhéanamh faoi *alt 15*, aon duine a gheobhaidh aon fhaisnéis de bhua an duine do chomhlíonadh feidhmeanna faoin Acht seo a bhaineann le haon scéim inniúlachta gairmiúla, nó do thabhairt cúnamh sa chomhlíonadh sin, coimeádfaidh sé nó sí rúndacht maidir leis an bhfaisnéis agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, ní dhéanfaidh sé nó sí—

- (a) an fhaisnéis a nochtadh do dhuine eile, ach amháin i gcás go bhfuil gá leis an nochtadh don chomhlíonadh nó don chúnamh sin, nó
- (b) a chur faoi deara go bhfaighidh aon duine eile rochtain, nó cead a thabhairt d'aon duine eile rochtain a fháil, ar an bhfaisnéis, ach amháin i gcás go mbeidh gá ag an duine eile sin leis an rochtain chun feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh nó chun cúnamh a thabhairt maidir le feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh (lena n-áirítear feidhmeanna an Choiste Réamhimeachtaí agus an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh).

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an Bord faisnéis a nochtadh—

- (a) i bhfoirm achoimre arna tiomsú as faisnéis arna soláthar i ndáil le haltraí cláraithe agus cnáimhseacha cláraithe a ghlacann páirt i scéim inniúlachta gairmiúla, más rud é

go dtiomsaítear an achoimre ar chaoi go gcoiscfear sonraí a bhaineann le céannacht aon altra nó aon chnámhsí den sórt sin a fhionnadh ón achoimre,

(b) d'fhonn aon imeachtaí coiriúla nó aon imscrúdú sa Stát a thionscnamh, nó chun críocha an chéanna thairis sin, nó

(c) i dtaca le haon imeachtaí sibhialta ar páirtí iontu an Bord.

(3) Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 maidir le taifead (de réir bhrí na nAchtanna sin) a bhaineann le haon scéim inniúlachta gairmiúla.

(4) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a thoirmisceann faisnéis a nochtadh de bhun ordú cúirte.

(5) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó téarma príosúnachta nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

CUID 12

AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM FHORBAIRT GHAIRMIÚIL AN ALTRANAIS AGUS AN CHNÁIMHSEACHAIS A DHÍSCAOILEADH

92.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Comhairle” an Chomhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnámhseachais a bunaíodh faoin Ordú fán gComhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnámhseachais (Bunú), 1999 (I.R. Uimh. 376 de 1999). Léiriú ar *Chuid 12*.

93.—Díscaoiltear an Chomhairle.

An Chomhairle a dhíscaoileadh.

94.—(1) Gach ceart agus dliteanas de chuid na Comhairle a eascraíonn de bhua aon chonradh nó gealltanas (sainráite nó intuigthe) arna dhéanamh nó arna thabhairt ag an gComhairle roimh thosach feidhme an ailt seo, beidh sé, ar an tosach feidhme sin, arna aistriú chuig an mBord. Cearta agus dliteanas a aistriú.

(2) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear le *fo-alt (1)*, féadfaidh an Bord, ar dháta an aistrithe sin nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú i gcoinne an Bhoird ina ainm.

(3) Ní gá don Bhord fógra faoin aistriú sin a thabhairt d'aon duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dliteanas nó a dliteanas le *fo-alt (1)*.

95.—(1) An talamh uile a bhí dílsithe, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, don Chomhairle agus gach ceart, cumhacht agus pribhléid a bhaineann nó a ghabhann leis an talamh sin, beidh siad, ar an tosach feidhme sin agus gan aon tfolacadh ná sannadh, arna n-aistriú chuig an mBord agus arna ndílsiú don Bhord. Maoin a aistriú.

(2) Gach maoin seachas talamh (lena n-áirítear ábhair i gcaingean) atá, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, ina maoin de chuid na Comhairle, beidh sí, ar an tosach feidhme sin, arna haistriú chuig an mBord gan aon sannadh.

(3) Gach ábhar i gcaingean a aistrítear le *fo-alt* (2), féadfaidh an Bord, ar dháta an aistrithe sin nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ina ainm.

(4) Ní gá don Bhord fógra faoin aistriú sin a thabhairt d'aon duine atá faoi cheangal ag ábhar i gcaingean a aistrítear le *fo-alt* (2).

(5) Aon airgead, stoic, scaireanna agus urrúis a aistrítear le *fo-alt* (2) agus a bhí, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, in ainm na Comhairle, déanfar, ar an mBord á iarraidh, iad a aistriú isteach in ainm an Bhoird.

Cuntais
chríochnaitheacha.

96.—(1) A luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an ailt seo, ach tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis an tosach feidhme sin, cuirfidh an Bord faoi deara cuntais chríochnaitheacha na Comhairle a ullmhú, i leith bhliain chuntasaíochta na Comhairle, nó i leith na coda de bhliain chuntasaíochta de chuid na Comhairle, dar chríoch díreach roimh an tosach feidhme sin.

(2) Déanfaidh an Bord, a luaithe is féidir, cuntais a ullmhófar faoin alt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

(3) Déanfar, go díreach tar éis an iniúchta, cóip de na cuntais arna n-iniúchadh, agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais, a thíolacadh don Aire.

(4) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de na cuntais iniúchta sin agus den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tuarascáil
chríochnaitheach.

97.—A luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an ailt seo, ach tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis an tosach feidhme sin, cuirfidh an Bord faoi deara tuarascáil chríochnaitheach don Aire a ullmhú maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle.

Imeachtaí dlí atá ar
feitheamh.

98.—(1) Cuirfear ainm an Bhoird in ionad ainm na Comhairle in aon imeachtaí dlí ar páirtí iontu an Chomhairle agus a bheidh ar feitheamh díreach roimh thosach feidhme an ailt seo.

(2) Ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

Conarthaí a
choimeád ar
marthain agus
tagairtí don
Chomhairle a
oiriúnú.

99.—Gach conradh nó comhaontú arna dhéanamh idir an Chomhairle, nó aon iontaobhaí nó gníomhaire de chuid na Comhairle a bheidh ag gníomhú thar ceann na Comhairle, agus aon duine eile, a bhí i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ailt seo—

(a) leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm,

(b) forléireofar é agus beidh éifeacht leis amhail is dá ndéanfaí, sa chonradh nó sa chomhaontú, ainm an Bhoird

a chur in ionad ainm na Comhairle nó, de réir mar a bheidh, in ionad ainm iontaobhaí nó ghníomhaire na Comhairle a bheidh ag gníomhú thar a ceann, agus

(c) beidh sé infhorfheidhmithe i gcoinne an Bhoird.

100.—(1) Aon duine arbh oifigeach don Chomhairle nó arbh fhostaí dá cuid é nó í, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, aistreofar é nó í, ar an tosach feidhme sin, chuig an mBord agus tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an Bhoird. Foireann a aistriú.

(2) Ach amháin de réir comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine a aistrítear le *fo-alt (I)*, ní lú tairbhe dó nó di, ar an aistriú sin, na coinníollacha seirbhíse nó luacha saothair ar a gcuirfead é nó í ná na coinníollacha seirbhíse nó luacha saothair a raibh an duine faoina réir díreach roimh thosach feidhme an ailt seo.

(3) Beidh an tseirbhís roimhe sin de chuid duine a aistrítear le *fo-alt (I)* ináirithe chun críocha na nAchtanna seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh iontu:

- (a) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007;
- (b) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001;
- (c) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003;
- (d) an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997;
- (e) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001;
- (f) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005;
- (g) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007;
- (h) na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004;
- (i) na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006;
- (j) na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005;
- (k) an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001.

(4) Aon sochair aoisliúntais a dhámhtar do dhuine nó i leith duine a aistrítear le *fo-alt (I)* agus na téarmaí a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad ná na sochair agus na téarmaí sin ab infheidhme maidir leis an duine sin nó i leith an duine sin díreach roimh thosach feidhme an ailt seo.

(5) Ar thosach feidhme an ailt seo, tiocfaidh íocaíochtaí pinsin agus dlíteanais aoisliúntais eile na Comhairle i leith a hiaroifigeach nó a hiarfhostaithe chun bheith ina ndlíteanais de chuid an Bhoird.

(6) San alt seo—

folaíonn “coinníollacha seirbhíse”, coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige;

ciallaíonn “seirbhís roimhe sin”, i ndáil le duine a aistrítear le *fo-alt (1)*, seirbhís ag an duine, roimh thosach feidhme an ailt seo, leis an gComhairle;

ciallaíonn “ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta” ceardchumann nó comhlachas foirne atá aitheanta ag an mBord chun críocha caibidlí a bhaineann le luach saothair nó coinníollacha fostaíochta, nó coinníollacha oibre fostaithe.

Taifid a aistriú.

101.—(1) Gach taifead a bheidh i seilbh na Comhairle díreach roimh thosach feidhme an ailt seo—

- (a) beidh sé, ar an tosach feidhme sin, arna aistriú chuig an mBord, agus
- (b) measfar, ar an agus ón tosach feidhme sin, é a bheith i seilbh an Bhoird.

(2) Aon cheart rochtana, faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, ar thaifid a bhí, roimh an lá tosaithe sin, i seilbh na Comhairle agus a aistrítear faoi *fho-alt (1)*, ní dhéanann aistriú na dtaifead sin difear dó.

(3) Chun críocha alt 18 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, aon ghníomh arna dhéanamh ag an gComhairle roimh thosach feidhme an ailt seo, measfar gurb é an Bord a rinne é.

CUID 13

ILGHNÉITHEACH

Pribhléid.

102.—(1) In aon chaingean mar gheall ar chlúmhillleadh, beidh na himeachtaí, na tuarascálacha agus na cumarsáidí seo a leanas faoi phribhléid iomlán:

- (a) imeachtaí Coiste Réamhimeachtaí nó an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh;
- (b) cumarsáidí ón gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh;
- (c) tuarascálacha ón gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh;
- (d) cumarsáidí ón mBord faoi na bearta atá déanta faoi *alt 68*; agus
- (e) aon chumarsáid eile—
 - (i) arna déanamh ag coiste de bhun aon cheann de *Chodanna 7, 8 agus 9*, le linn feidhm de chuid an choiste a chomhlíonadh, nó

- (ii) arna déanamh ag an mBord de bhun aon cheann de *Chodanna 7, 8 agus 9* le linn feidhm de chuid an Bhoird a chomhlíonadh.

(2) Faoi réir *fho-alt (4)*, ní dhéanfar doiciméad a bhaineann le rannpháirtíocht altra nó cnáimhsí i scéim inniúlachta gairmiúla, a mhéid a bhaineann sé léi amhlaidh, a ghlacadh i bhfianaise (cibé acu trí fhollasú nó ar shlí eile) in aon imeachtaí sibhialta ach amháin le toiliú na haltra nó na cnáimhsí lena mbaineann (dá ngairtear an “toiliú iomchuí” san alt seo).

(3) Ní bheidh d’oibleagáid ar aon fhinné in aon imeachtaí sibhialta, ná ní cheadófar dó nó di, d’éagmais an toilithe iomchuí, na nithe seo a leanas a nochtadh—

- (a) faoi réir *fho-alt (4)*, ábhar doiciméid a bhaineann le rannpháirtíocht altra nó cnáimhsí i scéim inniúlachta gairmiúla a mhéid a bhaineann sé léi amhlaidh, nó
- (b) faoi réir *fho-alt (5)*, aon bhreithniú de chuid duine i ndáil le rannpháirtíocht altra nó cnáimhsí i scéim inniúlachta gairmiúla.

(4) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* ná *fo-alt (3)(a)* i gcás doiciméad is ábhar do líomhain nach ndearnadh de mheon macánta é.

(5) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (3)(b)* i gcás breithniú is ábhar do líomhain nach ndearnadh de mheon macánta é.

103.—(1) Déanfaidh an Bord, ar iarraidh ón Aire, nó féadfaidh sé, ar a thionscnamh féin nó ar ghearán arna dhéanamh ag duine den phobal, aon chás a imscrúdú— Imscrúdú.

- (a) ina mbeidh drochamhras ann go ndéanann nó go ndearna pearsa aonair, nach altra chláráithe ná cnáimhseach chláráithe, an t-altranas nó an cnáimhseachas a chleachtadh de shárú ar fhoráil den Acht seo, nó
- (b) ina mbeidh drochamhras ann go ndéanann nó go ndearna pearsa aonair, nach altra chláráithe ná cnáimhseach chláráithe, a mhaíomh gur altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe é nó í de shárú ar fhoráil den Acht seo.

(2) I gcás gur sheol an Bord imscrúdú faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an Bord, má tá forais réasúnacha aige lena chreidiúint, maidir leis an bpearsa aonair is ábhar don imscrúdú—

- (a) nach altra chláráithe ná cnáimhseach chláráithe é nó í, agus
- (b) (i) go ndéanann nó go ndearna sé nó sí an t-altranas nó an cnáimhseachas a chleachtadh de shárú ar fhoráil den Acht seo, nó
- (ii) go maíonn nó gur mhaígh sé nó sí gur altra chláráithe nó cnáimhseach chláráithe é nó í,

tuarascáil a thabhairt láithreach don Gharda Síochána agus don Aire i dtaobh an ní agus féadfaidh sé urghaire a lorg sa Chúirt á cheangal

ar an duine scor de na gníomhaíochtaí a gereideann an Bord le réasún gur sárú ar an Acht seo iad.

Cionta a ionchúiseamh.

104.—(1) Féadfaidh an Bord imeachtaí achoimre i leith cion faoin Acht seo a thabhairt ar aghaidh.

(2) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851, féadfar imeachtaí achoimre i leith cion faoin Acht seo a thionscnamh aon tráth laistigh de 2 bhliain ón dáta a líomhnaítear go ndearnadh an cion.

Cumhacht chun foirmeacha a shonrú.

105.—(1) Féadfaidh an comhlacht iomchuí foirm doiciméad is gá chun críocha an Achta seo a shonrú de réir mar is cuí leis an gcomhlacht iomchuí.

(2) Féadfar cumhacht an chomhlachta iomchuí faoi *fho-alt (1)* a fheidhmiú ar shlí a fhágfaidh—

(a) go n-áireofar i bhfoirm shonraithe aon doiciméid dá dtagraítear san *fho-alt* sin dearbhú reachtúil—

(i) a bheidh le déanamh ag an duine a chomhlánóidh an fhoirm, agus

(ii) i dtaobh an bhfuil na sonraí san fhoirm ceart agus cruinn a mhéid is fearr is eol don duine sin agus a chreideann sé nó sí,

agus

(b) go sonrúfar 2 fhoirm nó níos mó d'aon doiciméad dá dtagraítear san *fho-alt* sin, cibé acu mar roghanna, nó chun socrú a dhéanamh le haghaidh imthosca áirithe nó cásanna áirithe, de réir mar is cuí leis an gcomhlacht iomchuí.

(3) Maidir le foirm arna sonrú faoin alt seo—

(a) is de réir cibé ordacháin agus treoracha a shonrófar san fhoirm a chomhlánófar í,

(b) beidh ag gabháil léi cibé doiciméid a shonrófar san fhoirm, agus

(c) má cheanglaítear an fhoirm chomhlánaithe a sholáthar—

(i) don chomhlacht iomchuí,

(ii) do dhuine eile thar ceann an chomhlachta iomchuí, nó

(iii) d'aon duine eile,

déanfar í a sholáthar amhlaidh ar an modh, más ann, a shonrófar san fhoirm.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an Bord—

(a) foirm a shonrú a bheidh le comhlánú ag altra chláráithe nó ag cnáimhseach chláráithe, nó ag duine ar mian leis nó léi an t-altranas nó an cnáimhseachas a chleachtadh, i

dtaca leis an altra nó leis an gcnáimhseach d'íoc aon táille a chinnfear faoi *alt 38(1)*,

- (b) san fhoirm sin, a cheangal ar an altra chláraithe nó ar an gcnáimhseach chláraithe cibé faisnéis a sholáthar don Bhord a bheadh ar an altra nó ar an gcnáimhseach a sholáthar don Bhord mura mbeadh sé nó sí cláraithe ach dá mbeadh clárú á iarraidh aige nó aici (lena n-áirítear faisnéis maidir le haon mhíchumas liachta iomchuí).

(5) San alt seo, ciallaíonn “comhlacht iomchuí”—

- (a) faoi réir *mhír (b)*, an Bord, agus
(b) i ndáil le feidhm faoin Acht seo arna comhlíonadh ag coiste de chuid an Bhoird, an coiste sin.

106.—(1) Gach tagairt do chnáimhseach atá in aon achtachán, in aon ionstraim reachtúil nó in aon doiciméad eile, forléireofar í mar thagairt do chnáimhseach chláraithe. Tagairtí a fhorléiriú.

(2) Gach tagairt d'altra atá in aon achtachán, in aon ionstraim reachtúil nó in aon doiciméad eile, forléireofar í, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, mar thagairt d'altra chláraithe.

(3) Gach tagairt don Bhord Altranais nó do Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann atá in aon achtachán, in aon ionstraim reachtúil nó in aon doiciméad eile, forléireofar í mar thagairt don Bhord.

(4) Gach tagairt do chlár na n-altraí atá in aon achtachán, in aon ionstraim reachtúil nó in aon doiciméad eile, forléireofar í mar thagairt do chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach.

107.—Leasaítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997—

Leasú ar an Acht
um Shaoráil
Faisnéise, 1997.

(a) sa Chéad Sceideal—

- (i) trí “Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann” a chur in ionad “An Bord Altranais”, agus

- (ii) trí “An Chomhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais” a scriosadh,

agus

(b) sa Tríú Sceideal—

- (i) trí “*Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011*” a chur isteach sa dara colún de Chuid 1, agus

- (ii) trí “*Alt 17*” a chur isteach sa tríú colún den Chuid sin.

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

Alt 6(4).

AN SCEIDEAL

AN BORD: COMHALTAS AGUS CRUINNITHE

Seilbh Oifige

1. (1) Faoi réir fhorálacha an Sceidil seo i ndáil le corrfholúntais a líonadh agus faoi réir *fhomhír (2)*, beidh gach comhalta den Bhord i seilbh oifige ar feadh tréimhse, nach faide ná 5 bliana, a shonróidh an tAire i scríbhinn, mura túisce a gheobhaidh an comhalta bás, a éireoidh sé nó sí as oifig nó a thiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe.

(2) Maidir leis na comhaltaí den Bhord a cheapfar díreach tar éis thosach feidhme *alt 6(4)* den Acht seo—

(a) sealbhóidh 11 chomhalta oifig ar feadh tréimhse 3 bliana, agus roghnófar iad mar seo a leanas:

(i) trí chomhaontú d'aonghuth ag na comhaltaí den Bhord a bheidh i láthair ag an gcruinniú, nó

(ii) i gcás nach féidir, ar chúis ar bith, teacht ar chomhaontú den sórt sin, trí na comhaltaí a bheidh i láthair amhlaidh do dhéanamh crannchuir,

agus

(b) beidh an chuid eile de na comhaltaí i seilbh oifige ar feadh tréimhse 5 bliana.

2. Ní shealbhóidh aon duine oifig mar chomhalta den Bhord ar feadh níos mó ná 2 théarma 5 bliana (agus déanfar comhaltas den Bhord a tharla roimh thosach feidhme na míre seo a chur i gcuntas chun na críche sin).

Éirí as Comhaltas agus Foirceannadh Comhaltais

3. Faoi réir *mhír 4*, i gcás go bhfaighidh an tAire iarraidh i scríbhinn ón mBord ceapachán comhalta den Bhord a fhoirceannadh ar an bhforas gur mhainnigh an comhalta *mír 12* a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire ceapachán an chomhalta a fhoirceannadh.

4. Ní dhéanfaidh an tAire ceapachán comhalta den Bhord a fhoirceannadh de bhun iarraidh dá dtagraítear i *mír 3* mura rud é—

(a) go bhfuil fianaise ag gabháil leis an iarraidh a fhágann gur deimhin leis an Aire—

(i) gur tugadh deis réasúnach don chomhalta uiríll i scríbhinn a dhéanamh chuig an mBord chun míniú a thabhairt ar na cúiseanna ar mhainnigh an comhalta *mír 12* a chomhlíonadh, agus

(ii) gur mhainnigh nó gur dhiúltaigh an comhalta na huiríll sin a dhéanamh,

nó

(b) go bhfuil na nithe seo a leanas ag gabháil leis an iarraidh—

[2011.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [Uimh. 41.]
2011.

Sc.

- (i) fianaise a fhágann gur deimhin leis an Aire gur tugadh deis réasúnach don chomhalta uiríll a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord chun míniú a thabhairt ar na cúiseanna ar mhainnigh an comhalta *mír 12* a chomhlíonadh,
- (ii) cóipeanna de na huiríll i scríbhinn a rinne an comhalta chuig an mBord, agus
- (iii) ráiteas ón mBord gur thug sé aird chuí ar na huiríll sin i scríbhinn ach gurbh é a thátaí nach dtugann siad leithscéal réasúnach don chomhalta as é nó í do mhainneachtain *mír 12* a chomhlíonadh,

agus

- (c) i gcás gurb infheidhme *fomhír (b)*, gur deimhin leis an Aire go bhfuil an tátal dá dtagraítear i *gclásal (iii)* den fhomhír sin réasúnach in imthosca an cháis.

5. Féadfaidh comhalta den Bhord éirí as comhaltas trí fhógra i scríbhinn arna shíniú ag an gcomhalta a thabhairt don Bhord, ach ní bheidh éifeacht leis an éirí as go dtí an chéad chruinniú eile den Bhord a thionólfar tar éis an fógra faoin éirí as a fháil.

6. Aon duine a cheapar trí thoghchán chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord, foirceannfar a chomhaltas nó a comhaltas ar an duine do scor de bheith ina altra chláráithe nó ina haltra chláráithe nó ina chnáimhseach chláráithe nó ina cnáimhseach chláráithe.

Corrgholúntais

7. (1) I gcás go dtarlóidh corrgholúntas i measc chomhaltaí an Bhoird, seachas na comhaltaí a ceapadh faoi *alt 22(1)(c)*, *(i)* nó *(j)*, tabharfaidh an Bord fógra láithreach don chomhlacht nó don údarás a d'ainmnigh an duine sin agus déanfaidh an comhlacht nó an t-údarás sin, a luaithe is caoithiúil, duine nó daoine a ainmniú a bhféadfaidh an tAire breithniú air nó uirthi nó orthu lena cheapadh nó lena ceapadh nó lena gceapadh chun an folúntas sin a líonadh agus aon duine a cheapfar amhlaidh, fónfaidh sé nó sí, faoi réir fhorálacha eile an Achta seo, mar chomhalta den Bhord go ceann na tréimhse a bheidh gan chaitheamh de théarma oifige an duine a nglacfaidh an duine a cheapfar amhlaidh a ionad nó a hionad.

(2) I gcás go dtarlóidh corrgholúntas i measc na gcomhaltaí den Bhord a ceapadh faoi *alt 22(1)(c)*, déanfaidh an Bord, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, duine a chomhthoghadh a bheadh, de bhun fhorálacha an Achta seo, cáilithe chun a thofa nó a tofa chun an folúntas sin a líonadh agus aon duine a chomhthoghfad amhlaidh, fónfaidh sé nó sí, faoi réir fhorálacha an Achta seo, mar chomhalta den Bhord go ceann na tréimhse a bheidh gan chaitheamh de théarma oifige an duine a nglacfaidh an duine a cheapfar amhlaidh a ionad nó a hionad.

(3) I gcás go dtarlóidh corrgholúntas i measc na gcomhaltaí den Bhord a ceapadh faoi *alt 22(1)(i)* nó *(j)*, féadfaidh an tAire duine a cheapadh a bheadh, de bhun fhorálacha an Achta seo, cáilithe chun an folúntas sin a líonadh agus aon duine a cheapfar amhlaidh, fónfaidh sé nó sí, faoi réir fhorálacha an Achta seo, mar chomhalta den Bhord go ceann na tréimhse a bheidh gan chaitheamh de

Sc.

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

théarma oifige an duine a nglacfaidh an duine a cheapfar amhlaidh a ionad nó a hionad.

Córam

8. 6 is córam do chruinniú den Bhord, ar choinníoll gur 9 an córam i gcás cruinniú den Bhord a mbeidh ar chlár na hoibre ann smachtbhanna a fhorchur faoi *Chuid 9* ar altra chláraithe nó ar chnáimhseach chláraithe.

Cruinnithe

9. Tionólfaidh an Bord 4 chruinniú ar a laghad gach bliain agus féadfaidh sé cibé cruinnithe eile is gá le haghaidh comhlíonadh a fheidhmeanna a thionól trí nasc físe nó trí pháipéir a scaipeadh.

10. Féadfaidh an Bord, le fógra i scríbhinn arna thabhairt do chomhaltaí uile an Bhoird, an líon íosta cruinnithe den Bhord a shonrú a gceanglaítear ar na comhaltaí freastal orthu.

11. Féadfaidh an Bord, le fógra i scríbhinn arna thabhairt do chomhaltaí uile coiste, an líon íosta cruinnithe den choiste a shonrú a gceanglaítear ar na comhaltaí freastal orthu.

12. Déanfaidh comhalta den Bhord a dtabharfar fógra faoi *mhír 10* nó *11* dó nó di gach beart is gá chun an fógra a chomhlíonadh.

Uachtarán agus Leas-Uachtarán

13. (1) Faoi réir *alt 22(2)* den Acht seo, déanfaidh an Bord, ó am go ham, duine dá chomhaltaí, ar altra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe é nó í, a thoghadh chun bheith ina Uachtarán nó ina hUachtarán ar an mBord agus duine eile dá chomhaltaí, ar altra chláraithe nó cnáimhseach chláraithe é nó í, a thoghadh chun bheith ina Leas-Uachtarán ar an mBord.

(2) Déanfaidh Uachtarán agus Leas-Uachtarán an Bhoird oifig a shealbhú sa cháil sin, gach duine acu, ar feadh cibé téarma a shonróidh an Bord tráth a gceaptha faoi seach, mura rud é—

- (a) go scoirfidh an tUachtarán nó an Leas-Uachtarán, de réir mar a bheidh, de bheith, nó go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe chun bheith, ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord,
- (b) go n-éireoidh an tUachtarán nó an Leas-Uachtarán, de réir mar a bheidh, as an oifig sin agus go dtiocfaidh an t-éirí as in éifeacht faoin mír seo, nó
- (c) go rithfidh an Bord rún, dá vótálfaidh dhá thrían ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird, lena ndéanfar ceapachán an Uachtaráin nó an Leas-Uachtaráin a fhoirceannadh, tar éis fógra nach giorra ná 7 lá go bhfuil sé beartaithe an rún a rith a bheith tugtha do gach comhalta den Bhord.

(3) Féadfaidh Uachtarán nó Leas-Uachtarán an Bhoird éirí as an oifig sin tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn a bheidh sínithe aige nó aici a thabhairt don Bhord, ach ní thiocfaidh an t-éirí as in éifeacht go dtí an chéad chruinniú eile den Bhord a thionólfar tar éis don Bhord an fógra faoin éirí as a fháil.

(4) Más rud é, le linn Uachtarán nó Leas-Uachtarán an Bhoird a thoghadh, gur comhionann an líon vótaí do 2 chomhalta nó níos mó, cinnfear trí chrannchur cé acu de na comhaltaí sin a bheidh ina Uachtarán nó ina hUachtarán nó ina Leas-Uachtarán, de réir mar a bheidh.

Imeachtaí ag Cruinnithe

14. Ní bheidh imeachtaí an Bhoird neamhbhailí mar gheall ar aon fholúntas nó aon fholúntais i measc a chomhaltaí nó mar gheall ar aon locht ar na ceapacháin chun an Bhoird nó ar cháilíochtaí aon chomhalta de.

15. Maidir le hUachtarán an Bhoird nó, i gcás an tUachtarán a bheith as láthair, Leas-Uachtarán an Bhoird—

- (a) féadfaidh sé nó sí cruinniú den Bhord a ghairm,
- (b) déanfaidh sé nó sí cruinniú den Bhord a ghairm nuair a iarrfar air nó uirthi déanamh amhlaidh le foréileamh arna shíniú ag 10 gcomhalta ar a laghad den Bhord.

16. (1) I gcás go ndíulthaíonn Uachtarán an Bhoird nó, i gcás an tUachtarán a bheith as láthair, Leas-Uachtarán an Bhoird, cruinniú den Bhord a ghairm tar éis foréileamh chun na críche sin arna shíniú ag 10 gcomhalta ar a laghad den Bhord a bheith tíolactha don Uachtarán nó don Leas-Uachtarán, de réir mar a bheidh, féadfaidh 5 chomhalta ar bith den Bhord cruinniú den Bhord a ghairm láithreach.

(2) Más rud é nach ndéanann Uachtarán an Bhoird nó, i gcás an tUachtarán a bheith as láthair, Leas-Uachtarán an Bhoird, gan diúltú amhlaidh, cruinniú den Bhord a ghairm tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis foréileamh chun na críche sin arna shíniú ag 10 gcomhalta ar a laghad den Bhord a bheith tíolactha dó nó di, féadfaidh 5 chomhalta ar bith den Bhord, ar na 7 lá sin a bheith caite, cruinniú den Bhord a ghairm.

17. 3 lá glan ar a laghad roimh gach cruinniú den Bhord, déanfar fógra i scríbhinn arna shíniú ag Uachtarán nó ag Leas-Uachtarán an Bhoird, de réir mar a bheidh, nó, más comhaltaí den Bhord a ghairfidh an cruinniú, arna shíniú ag na comhaltaí sin, faoi am agus ionad an chruinnithe a sheoladh chuig gach comhalta den Bhord: más comhaltaí den Bhord a ghairfidh an cruinniú, sonrófar san fhógra lena ngairtear an cruinniú an gnó a dhéanfar ag an gcruinniú.

18. Ag cruinniú den Bhord—

- (a) is é nó is í Uachtarán an Bhoird, má tá sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach,
- (b) mura bhfuil agus fad nach bhfuil Uachtarán an Bhoird i láthair, nó má tá oifig an Uachtaráin folamh, is é nó is í Leas-Uachtarán an Bhoird, má tá sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach,
- (c) mura bhfuil agus fad nach bhfuil Uachtarán an Bhoird i láthair nó má tá oifig an Uachtaráin folamh agus nach bhfuil an Leas-Uachtarán i láthair nó má tá oifig an Leas-Uachtaráin folamh, toghfaidh na comhaltaí den Bhord atá i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú sin.

Sc.

[Uimh. 41.] *Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach*, [2011.]
2011.

19. (1) Cinnteoidh an Bord go n-ullmhófar miontuairiscí de gach cruinniú den Bhord.

(2) Déanfar miontuairiscí cruinnithe a chur faoi bhráid an chéad chruinnithe eile den Bhord lena ndaingniú mar thaifead beacht.

(3) Nuair a bheidh miontuairiscí cruinnithe daingnithe, fara leasú nó gan leasú, déanfaidh an duine a bheidh i gceannas ar an gcruinniú a mbeidh siad curtha faoina bhráid lena ndaingniú iad a shíniú.

20. Déanfar ainmneacha na gcomhaltaí go léir atá i láthair ag cruinniú den Bhord a thaifeadadh sna miontuairiscí ar imeachtaí an chruinnithe.

21. Faoi réir *mhíreanna 8* agus *13(4)*, féadfar gach gníomh a dhéanann an Bord a dhéanamh, agus féadfar breith a thabhairt ar gach ceist a thagann nó a eascraíonn os comhair an Bhoird, le tromlach na gcomhaltaí sin den Bhord atá i láthair agus a vótálann i ndáil leis an ngníomh nó leis an gceist ag cruinniú den Bhord arna ghairm go cuí de réir dlí.

22. I gcás combhionannas vótaí ar aon cheist a eascraíonn ag cruinniú den Bhord (seachas toghadh an Uachtaráin nó an Leas-Uachtaráin), beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe sin.

23. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le haon achtachán, lena n-áirítear an tAcht seo, féadfaidh an Bord buanorduithe a dhéanamh chun a imeachtaí a rialáil, agus féadfaidh sé na buanorduithe sin a leasú nó a chúlghairm.